Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7340/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0061 (COD)**

**INDEF 19**
**COPS 98**
**POLMIL 62**
**IND 127**
**MAP 9**
**COMPET 268**
**FISC 48**
**CODEC 676**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 150 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('EDIP') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 150 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 150 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2024
COM(2024) 150 final

2024/0061 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú (‘EDIP’)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 24 Feabhra 2022 sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin, ionradh a raibh iarmhairtí tubaisteacha aige don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine. Tar éis 2 bhliain de throdaíocht ghéar, ionsaithe le sliogáin airtléire agus aerionsaithe, tá líon ard taismigh shibhialtacha agus daoine ag fulaingt go mór mar thoradh. Tá cogadh foghach na Rúise ina chúis le damáiste forleathan do bhonneagar criticiúil sibhialtach agus cosanta, acmhainneachtaí táirgeachta agus seirbhísí ar fud na hÚcráine, agus rinneadh scrios cuimsitheach ar chathracha agus bailte i gcodanna áirithe den tír. Mar thoradh ar an ngéarchéim dhaonnúil a d'eascair as sin, bhí na milliúin Úcránach easáitithe óna dtithe féin agus bhí bia, foscadh agus cúnamh leighis ag teastáil go géar ó go leor acu. Leanann aerionsaithe na Rúise fós de ionsaí a dhéanamh ar spriocanna ar fud na tíre. Tógfaidh sé blianta, nó deacáidí fiú, chun tráma an chogaidh seo gan chiall a leigheas. Tacaíonn an tAontas le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a shainaithnítear go hidirnáisiúnta, lena ceart bunúsach féinchosanta, agus tacaíonn sé léi agus í ag iarraidh síocháin chuimsitheach, chóir agus inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Cairt na Náisiún Aontaithe. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina bhagairt bhunúsach, ní hamháin don Úcráin, ach do shlándáil na hEorpa agus don tslándáil dhomhanda freisin. Is infheistíocht ríthábhachtach i slándáil an Aontais féin é rannchuidiú an Aontais le féinchosaint na hÚcráine. Ar an gcaoi sin, rannchuideoidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, i gcomhar lena gcomhpháirtithe, leis na gealltanas slándála a thabharfar don Úcráin amach anseo, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, cur in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsaithe agus bac a chur ar ghníomhartha foghacha amach anseo. Ní féidir cosaint a bheith ann gan tionscal cosanta. Tá an Úcráin ag brath go mór ar thacaíocht mhíeata a chuireann an tAontas agus a Bhallstáit ar fáil, lena n-áirítear mar gheall ar a bonn tionsclaíoch cosanta a scriosadh den chuid is mó.

Tá fogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina léiriú ar an bhfilleadh ar choinbhleacht chríochach agus ar chogaíocht ard-déine i gcríoch na hEorpa. Tá acmhainneacht táirgeachta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) curtha in oiriúint chun freagairt go príomha do riachtanais theoranta na mBallstát, maidir le línte deighilte náisiúnta den chuid is mó, mar gheall ar thearcinfheistíocht phoiblí le blianta fada anuas. I gcás den sórt sin, is minic a bhí ar chuideachtaí cosanta rátaí táirgeachta a laghdú chun línte táirgeachta a choinneáil ar bun agus chun pearsanra oilte a choinneáil, agus líon teoranta córas cosanta á dtáirgeadh do chustaiméirí náisiúnta san am céanna. Sa lá atá inniu ann, i gcás go leor cuideachtaí cosanta Eorpacha, is margadh mór é trealamh cosanta a onnmhairiú chuig custaiméirí neamh-Aontais.

Tharla an borradh ar an éileamh ar tháirgí cosanta áirithe san Eoraip, arb í an timpeallacht slándála atá athraithe go radacach is cúis léi, i bhfianaise an chúlra seo de chuid EDTIB atá srianta mar gheall ar acmhainneacht theoranta táirgeachta le linn 'aimsir na síochána'. San fhadtéarma, ardaíonn an staid seo ceist maidir le hullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint san Eoraip, i.e. cumas EDTIB freagairt go héifeachtach (ó thaobh ama agus scála de) d'athruithe ar éileamh na hEorpa ar tháirgí cosanta. Tá dlúthbhaint aige sin leis an dúshlán níos leithne a bhaineann le slándáil an tsoláthair trealaimh cosanta san Eoraip. Cé nach ábhar nua é an t-ábhar seo do Bhallstáit an Aontais, cuireadh i lár an aonaigh é le déanaí leis an bplean armlóin, tríd an gceist a ardú maidir le cumas EDTIB slándáil soláthair trealaimh cosanta na hEorpa a áirithiú le linn aimsir na síochána agus an chogaidh araon.

Tar éis ráig an chogaidh agus tabhairt isteach dhearbhú Versailles i mí an Mhárta 2022, i mí na Bealtaine 2022 ghlac an Coimisiún, agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha

agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí')/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC), an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse Cosanta agus an Bealach Chun Cinn (JOIN/2022/24 final). Cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach go raibh bearnaí cumais agus tionsclaíocha araon laistigh den Aontas mar thoradh ar thearcinfheistíocht na mBallstát i réimse na cosanta le blianta fada.

Ó cuireadh an Teachtaireacht Chomhpháirteach i láthair i mí na Bealtaine 2022, tugadh i láthair roinnt beart chun freagairt do na hiarmhairtí is práinní a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine:

– Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i mí na Bealtaine 2022, bhunaigh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta **an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach in Earnáil na Cosanta (DJPTF)** chun oibriú leis na Ballstáit chun tacú le comhordú a riachtanas soláthair an-ghearrthéarmach. Dhírigh an Tascfhórsa ar dhíchoinbhleachtú agus ar chomhordú chun rás chun orduithe a dhaingniú a sheachaint. Bunaíodh leis an Tascfhórsa meastachán comhiomlán ar riachtanais freisin agus agus rinne sé mapáil ar an ngá atá le hacmhainneachtaí monaraíochta tionsclaíche an Aontais is gá chun freastal ar na riachtanais a leathnú, agus chuir sé an gá sin i dtábhacht.

– Ina theannta sin, mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i mí na Bealtaine 2022, i mí Iúil 2022 rinne an Coimisiún **an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA)** a chur isteach, arb é is aidhm dó comhar na mBallstát maidir le soláthar an trealaimh cosanta is práinní agus is criticiúla a dhreasú trí thacaíocht airgeadais. Ghlac comhreachtóirí EDIRPA an 18 Deireadh Fómhair 2023 agus rannchuidíonn sé le tionscal cosanta an Aontais a oiriúnú d'athruithe struchtúracha sa mhargadh. Tiocfaidh deireadh le EDIRPA an 31 Nollaig 2025.

– Bhí na bearnaí cumais a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i mí na Bealtaine 2022 éagsúil, ach i bhfianaise na héabhlóide ar an staid san Úcráin, tháinig géarghá ar leith le harmlón talamh go talamh agus armlón airtléire, chomh maith le diúracáin. D'aithin an Chomhairle an méid sin go foirmiúil, a tháinig ar chomhaontú an 20 Márta 2023 maidir le cur chuige trí chonair i ndáil le seachadadh agus soláthar comhpháirteach armlóin don Úcráin. Sa chomhthéacs sin, i mí na Bealtaine 2023, thug an Coimisiún togra nua i láthair le haghaidh Rialachán maidir le **tacú le táirgeadh armlóin (ASAP)** chun aghaidh a thabhairt ar an mborradh tobann atá faoin éileamh ar na táirgí sin agus chun iad a chur ar fáil go tráthúil mar ábhar práinne, trí bhuiséad an Aontais a shlógadh chun tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainneachtaí táirgeachta EDTIB sa réimse sin a mhéadú. Ghlac comhreachtóirí an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin an 20 Iúil 2023. Tiocfaidh deireadh leis an 30 Meitheamh 2025.

Ní hamháin gur tháinig dúshláin phráinneacha os comhair an Aontais agus a Bhallstát mar gheall ar chogadh neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ach tá saincheisteanna struchtúracha a dhéanann difear d'iomaíochas EDTIB ag dul in olcas le himeacht ama freisin agus caitear amhras leis ar a chumas leibhéal leordhóthanach shlándáil an tsoláthair a áirithiú do na Ballstáit. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas Eorpach **aistriú anois ó fhreagairtí éigeandála poncúla** (arna léiriú leis na bearta thuasluaite) **go dtí ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint san Aontas**, ó infhaighteacht na dtomhaltán sna méideanna is gá le linn géarchéime a áirithiú, go dtí seachadadh tráthúil chumais chriticiúla ardleibhéil an lae

amárach a áirithiú sna blianta amach romhainn. Is é sin go baileach cuspóir na **straitéise tionsclaíche um an gcosaint Eorpach** (EDIS) a cuireadh i láthair an 5 Márta. Chun an treoshuíomh a leagtar amach in EDIS agus na bearta a fhógraítear ann a chur chun feidhme, molann an Coimisiún rialachán nua maidir leis an g**Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP).** Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i mí na Bealtaine 2022, agus mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach, tá sé d'aidhm ag EDIP **na nithe práinneacha agus na nithe fadtéarmacha a thabhairt le chéile**, trí thacaíocht a choinneáil ar bun do EDTIB faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) seo agus trí ullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint don todhchaí a ullmhú. Tríd an méid sin a dhéanamh, aistreoidh EDIP go sainráite cuid de EDIS, ós rud é go bhfuil a ghníomhaíocht bunaithe ar 3 phríomhcholún.

- **Iomaíochas agus freagrúlacht EDTIB a neartú.** D'fhonn iarrachtaí a mhéadú chun an t-éileamh Eorpach ar cheanglais maidir le trealamh cosanta ó EDTIB a chomhiomlánú agus a chomhchuibhiú, molann EDIP creat dlíthiúil atá réidh le húsáid, na Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa  (SEAP), chun comhoibriú maidir le trealamh cosanta agus é a bhainistiú go comhpháirteach ar feadh a shaolré. I loighic den chineál céanna, leathnaíonn EDIP loighic EDIRPA tar éis 2025, chun leanúint d'éileamh na hEorpa a dhíbhloghadh agus a chomhchuibhiú. Athchruthaíonn EDIP freisin loighic ASAP chun tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla EDTIB, cuidíonn sé le EDTIB bogadh i dtreo acmhainneachtaí táirgeachta níos solúbtha, chomh maith le céim táirgthe thionscadail CEF a áirithiú. Chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú le haghaidh EDTIB, is éard atá i gceist le EDIP freisin ciste a bhunú chun na hinfheistíochtaí is gá a ghiaráil, an riosca a bhaineann leo a laghdú agus dlús a chur leo chun acmhainneachtaí monaraíochta cosanta FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga atá bunaithe san Aontas a mhéadú, rud a chuireann le taithí an Choimisiúin maidir le 'ciste borrtha' ASAP, mar aon le bunú rathúil shaoráid cothromais cosanta EUDIS.
- **Feabhas a chur ar chumas EDTIB infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú.** Is é is aidhm do EDIP tacú le hiarrachtaí na mBallstát an leibhéal is airde is féidir slándála soláthair a shaothrú a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta, trí chóras um shlándáil an tsoláthair ar fud an Aontais a chruthú. Chuirfeadh an dara ceann le muinín na mBallstát i slabhraí soláthair trasteorann freisin, rud a chruthódh príomhbhuntáiste iomaíoch do EDTIB san am céanna. Le creat cuimsitheach bainistithe géarchéime, bheifí in ann comhordú a dhéanamh ar fhreagairtí ar ghéarchéimeanna soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le trealamh cosanta sonrach nó feadh a shlabhraí soláthair.
- **Rannchuidiú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine (DTIB na hÚcráine).** Is mó i bhfad na riachtanais i dtaca le trealamh míleata atá ag an Úcráin faoi láthair ná na hacmhainní táirgthe tionsclaíocha atá aici agus cuireann an tAontas agus a Bhallstáit cúnamh míleata ar fáil óna stoic féin, atá ídithe den chuid is mó, agus déanann siad amhlaidh le tionscal cosanta atá saincheaptha d'aimsir na síochána. Sa chomhthéacs sin, téann sé chun leas an dá thionscal a bheith rannpháirteach i gcomhar níos doimhne. Mura gcruthófar caidreamh láidir idir na boinn thionsclaíocha faoi seach, d'fhéadfaí deis ghnó a chailleadh sa ghearrthéarma agus spleáchais eacnamaíocha agus straitéiseacha sa mheántéarma agus san fhadtéarma a bheith mar thoradh air. I bhfianaise aontachas na hÚcráine leis an Aontas amach anseo, is gá do EDIP an comhar leis an Úcráin ar an leibhéal tionsclaíoch a fheabhsú. Mar chuid de na gealltanais slándála a thabharfaidh an tAontas don Úcráin

amach anseo[1], ba cheart don Aontas comhar níos fearr a chothú le DTIB na hÚcráine chun borradh a chur faoina chumas freastal ar na riachtanais láithreacha, agus chun oibriú i dtreo ailíniú na gcaighdeán agus na hidir-inoibritheachta feabhsaithe. Le comhar níos láidre le DTIB na hÚcráine, rannchuideofar le cumas na hÚcráine í féin a chosaint a neartú, agus rachaidh sé chun tairbhe d'acmhainneacht EDTIB tacú le riachtanais na mBallstát agus na hÚcráine araon.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Beidh an tacaíocht faoi EDIP comhsheasmhach agus comhlántach le tionscnaimh chomhoibríocha de chuid an Aontais atá ann cheana i réimse an bheartais cosanta thionsclaíoch agus le cineálacha eile tacaíochta déthaobhaí don Úcráin a chuirtear ar fáil trí ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid don Úcráin. Comhlánóidh sé príomhchlár an Aontais sa réimse beartais sin, an Ciste Eorpach Cosanta (EDF), go háirithe trí thacaíocht a thabhairt, ag céim níos déanaí de shaolré an trealaimh cosanta, do thionscadail CEF, agus ar an gcaoi sin cuideofar le glacadh torthaí an chláir sa mhargadh amach anseo. Cuirfidh EDIP freisin leis an taithí a fuarthas i gcomhthéacs chláir eile de chuid an Aontais, amhail EDIRPA nó ASAP, go háirithe trína loighic tacaíochta airgeadais a leathnú agus a raon feidhme a leathnú chun cineálacha eile trealaimh a chumhdach. Ar deireadh, comhdhlúthóidh sé na hiarrachtaí agus an t-idirphlé a rinneadh mar chuid de DJPTF.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cruthóidh EDIP sineirgí le beartas cosanta an Aontais agus le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir iomlán le Plean Forbraíochta an Aontais um Chumas (CDP) lena sainaithnítear na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar aon le hAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil an Aontais ar Chosaint (CARD), lena sainaithnítear *inter alia* deiseanna nua don chomhar cosanta. Ina theannta sin, éascóidh EDIP iarrachtaí comhair na mBallstát i gcreat an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO). Ba cheart dó freastal ar chur chun feidhme thionscadail PESCO, agus rannchuidiú le dlús a chur le comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí a thug na Ballstáit sa chomhthéacs sin, agus chun na gealltanais sin a éascú agus tacú leo. Comhlánóidh EDIP gníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) atá ann cheana i réimse shlándáil an tsoláthair. Cuirfidh EDIP go háirithe le sraith oibre Phríomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint chun bonn eolais a chur faoin bplé a dhéanfar faoi chuimsiú an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint. Cuirfear EDIP chun feidhme freisin i gcomhréir iomlán le cúnamh míleata an Aontais don Úcráin i gcomhthéacs na Saoráide Eorpaí Síochána (SES). Comhlánóidh EDIP ar bhealach úsáideach cuspóirí an téarnaimh agus na hatógála atá á saothrú ag an Aontas faoin tSaoráid don Úcráin, go háirithe trí chumas na hÚcráine í féin a chosaint a neartú trí bheith ag brath ar DTIB athléimneach agus freagrúil. I gcomhthéacs níos leithne, féadfar a chur san áireamh freisin gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus ag comhpháirtithe eile i gcás ina bhfónfar leo do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus nach n-eisiafar leo rannpháirtíocht aon Bhallstáit.

Trí Chóras uile-Aontais um shlándáil an tsoláthair a chur ar fáil trí chreat géarchéime dhá shraith go háirithe, comhlánóidh EDIP an Gníomh um Éigeandáil agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh (IMERA), gníomh nach mbaineann le táirgí cosanta. Bearta atá ar

[1] Creat maidir leis na Gealltanais Slándála a thabharfaidh an tAontas don Úcráin amach anseo, arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 27 Samhain 2023.

fáil don Choimisiún laistigh de chreat géarchéime EDIP le haghaidh táirgí áirithe neamhchosanta atá ríthábhachtach chun táirgí cosanta a sholáthar, ar táirgí iad a shainaithnítear mar tháirgí tosaíochta, níl sé d'aidhm acu ach a áirithiú go bhféadfaidh na slabhraí soláthair cosanta lena mbaineann rochtain a fháil, mar ábhar tosaíochta, ar na comhpháirteanna agus ar na hábhair is gá chun leibhéal leordhóthanach slándála soláthair a áirithiú ar leibhéal an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bunaítear le EDIP sraith beart agus leagtar síos buiséid arb é is aidhm dóibh tacú le hullmhacht cosanta an Aontais agus a Bhallstát trí iomaíochas, freagrúlacht agus cumas EDTIB a neartú chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, agus arb é is aidhm dóibh freisin rannchuidiú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú DTIB na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an rialachán ag brath ar thrí bhunús dlí éagsúla:

– Airteagal 173 CFAE maidir le hiomaíochas EDTIB

– Airteagal 114 CFAE maidir le Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM)

– Airteagal 212 CFAE maidir le DTIB na hÚcráine a neartú

– Airteagal 322 CFAE maidir leis na forálacha airgeadais.

Chun na bunúis dlí iomadúla sin a léiriú, tá EDIP bunaithe ar thrí cholún, a gcomhfhreagraíonn gach ceann acu le ceann de bhunúis dlí an rialacháin seo.

– Tá an chéad cholún comhdhéanta de bhearta chun a áirithiú gurb ann do na dálaí is gá d'iomaíochas EDTIB agus is é Airteagal 173 an bunús dlí iomchuí le haghaidh na mbeart sin. Mar a thuairiscítear in EDIS, tá modhnú ó bhonn agus ó thaobh struchtúir de déanta ag cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin ar an timpeallacht slándála san Eoraip, rud a fhágann go bhfuil staid mhargaidh nua ann do EDTIB. Mar sin féin, 2 bhliain ó thosaigh chogadh gan údar na Rúise san Úcráin, ní mór do EDTIB dul in oiriúint don réaltacht nua sin fós. Chomh maith leis sin, mar a luaitear in EDIS, ní mór do EDTIB córas táirgthe solúbtha a ghlacadh a bheidh in ann oiriúnú d'éabhlóid an éilimh Eorpaigh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 173, féadfaidh an Coimisiún beart a dhéanamh arb é is aidhm dó dlús a chur le cur in oiriúint thionscal na cosanta d'athruithe struchtúracha. Bearta amhail loighic EDIRPA agus ASAP a leathnú, creat dlíthiúil SEAP a bhunú agus an ciste a bhunú, beidh sé d'aidhm acu cabhrú le EDTIB oiriúnú do réaltacht nua an mhargaidh. Ar deireadh, de réir mhír 2 d'Airteagal 173, féadfaidh an Coimisiún aon tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun comhordú idir na Ballstáit i réimse an bheartais cosanta thionsclaíoch a chur ar aghaidh.

– Tá an dara colún comhdhéanta de bhearta arb é is cuspóir dóibh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus go háirithe EDEM agus is é Airteagal 114 an bunús dlí iomchuí le haghaidh na mbeart sin. Is cuspóir sáraitheach beartais phoiblí é slándáil phoiblí chríoch an Aontais a áirithiú agus braitheann an tslándáil sin freisin ar infhaighteacht earraí agus seirbhísí cosanta i gcainníochtaí leordhóthanacha. Mar a thuairiscítear in EDIS, mar thoradh ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, tagann méadú ginearálta ar threalamh cosanta agus ar bhuaic an éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar tháirgí cosanta sonracha san Aontas agus, b'fhéidir, ar scála domhanda. De bharr na staide sin, déantar difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir leis na táirgí sin agus cuirtear slándáil an tsoláthair i

mbaol. Tá na Ballstáit freagrach go príomha as a slándáil soláthair míleata a áirithiú, mar ábhar cosanta náisiúnta. Mar sin féin, mar a mhínítear in EDIS, tá gné Eorpach ag dul i méid maidir le slándáil an tsoláthair. Chomh maith leis sin, mar a léirítear go sonrach sa ghéarchéim soláthair armlóin a dtugann ASAP aghaidh uirthi, is léir gur scrogaill do shlabhraí soláthair táirgí cosanta na hEorpa agus bacainní ar idir-inoibritheacht iad reachtaíocht náisiúnta éagsúil, go háirithe maidir le deimhniú táirgí cosanta, agus cineálacha éagsúla cur chuige i leith na slándála náisiúnta. Dá bhrí sin, is trí aghaidh a thabhairt ar reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh is fearr feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, trí ghanntanais táirgí cosanta san Aontas a sheachaint. Tá cur ar bun córais uile-Aontais um slándáil an tsoláthair le haghaidh trealamh cosanta ag brath ar roinnt gnéithe. Ar an gcéad dul síos, áirítear in EDIP bearta chun feabhas a chur ar ullmhacht na mBallstát sa chomhthéacs geopholaitiúil nua, arb é is príomhthréith dó go háirithe an gá atá le stoic a athshlánú agus cumais chosanta a leathnú a thuilleadh a luaithe is féidir. Áirítear go háirithe in EDIP bearta chun athoscailt na gcreatchonarthaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo le EDTIB a shimpliú do Bhallstáit eile. Ar an dara dul síos, áirítear in EDIP bearta chun táirgí criticiúla agus acmhainneachtaí tionsclaíocha a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu i slabhraí soláthair táirgí cosanta ar leith. Ar deireadh, i gcás ina dtiocfaidh géarchéim soláthair chun cinn, déanfar foráil le EDIP maidir le creat bainistithe géarchéime modúlach agus de réir a chéile, agus tabharfar an deis don Bhord cinneadh a dhéanamh maidir leis an modh bainistithe géarchéime is iomchuí agus, i gcás na ngéarchéimeanna níos tromchúisí, maidir le bearta atá le gníomhachtú. Dá bhrí sin, áiritheofar le EDIP go réamh-mheasfar go cuí suaitheadh ar an soláthar agus go dtabharfar aghaidh air gan mhoill chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus chun leibhéal leordhóthanach slándála soláthair a áirithiú do na Ballstáit.

– Tá an tríú colún comhdhéanta de bhearta lena rannchuidítear le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú DTIB na hÚcráine agus le comhtháthú forásach in EDTIB. Is é Airteagal 212 an bunús dlí iomchuí le haghaidh na mbeart sin. Tabharfar aird ar leith ar an gcuspóir tacú leis an Úcráin ailíniú de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais (‘acquis’) an Aontais d’fhonn ballraíocht a bhaint amach san Aontas amach anseo. Leis an tríú colún sin, déanfaidh oibríochtaí an Aontais oibríochtaí na mBallstát a chomhlánú agus a threisiú.

Ní féidir le hAirteagail eile CFAE nó le gach airteagal ina aonar bonn cirt a thabhairt do na trí cholún thuas agus do na bearta atá i gceist leo. Soláthraítear na gnéithe atá beartaithe in aon ghníomh amháin, ós rud é gurb ionann na bearta uile agus cur chuige comhleanúnach chun aghaidh a thabhairt, ar bhealaí éagsúla, ar an ngá atá le hullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint a neartú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Braitheann na Ballstáit go géar ar chumas EDTIB freastal ar riachtanais a bhfórsaí armtha ó thaobh ama agus scála de. Tá méid na ndamáistí a rinneadh don Úcráin agus do bhonn tionsclaíoch cosanta na hÚcráine mar gheall ar chogadh foghach na Rúise chomh mór sin go mbeidh tacaíocht chuimsitheach leanúnach ag teastáil ón Úcráin nach féidir le haon Bhallstát amháin a chur ar fáil ina aonar. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh EDTIB agus DTIB na hÚcráine araon in ann an ról straitéiseach sin a chomhlíonadh. Dealraíonn sé gurb é gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach an ghníomhaíocht is oiriúnaí sa réimse sin.

Maidir leis an tacaíocht le haghaidh iomaíochas EDTIB:

– Ar thaobh amháin, tá ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dul i ngleic le hathrú brúidiúil ar a dtimpeallacht slándála , rud a fhágann go bhfuil méadú ar an éileamh Eorpach ar threalamh cosanta, agus ar an taobh eile tá orthu dul i ngleic le EDTIB atá srianta ag cumas táirgthe teoranta 'aimsir na síochána'. Má leanann an staid sin ar aghaidh san fhadtéarma, leanfaidh sé de thionchar struchtúrach a imirt ar iomaíochas EDTIB agus dá dhéanamh níos measa. Cé go dtéann slabhraí soláthair EDTIB thar theorainneacha de ghnáth ag leibhéil níos ísle, tá na slabhraí soláthair roinnte go struchtúrach ar bhonn náisiúnta sna leibhéil níos airde. Is toradh é sin ar éileamh Bhallstáit an Aontais ar threalamh cosanta, rud, d'ainneoin an mhéadaithe a tháinig air le déanaí, atá fós ilroinnte go bunúsach agus, ar an gcaoi sin, a bhaineann de EDTIB na tairbhí a bhaineann le margadh cosanta an Aontais atá fíorfheidhmiúil. Níor bhain na Ballstáit amach riamh an tagarmharc comhchoiteann maidir le 35 % dá soláthar iomlán trealaimh cosanta a leithdháileadh ar sholáthar comhoibríoch Eorpach, tagarmharc a shocraigh siad dóibh féin in 2007. Léiríonn sé sin go bhfuil deacrachtaí suntasacha ag na Ballstáit lena gcuirtear cosc orthu a soláthar comhpháirteach trealaimh cosanta a mhéadú. Dá bhrí sin, is é an tAontas is fearr atá in ann bearta a dhéanamh chun comhiomlánú agus comhchuibhiú éileamh an Aontais ar threalamh cosanta a dhreasú, agus chun comhar fadtéarmach na mBallstát a éascú le linn shaolré an trealaimh cosanta.

– Chomh maith leis sin, mar thoradh ar easpa comhordaithe agus ró-chomhchruinniú ar éileamh na mBallstát ar an gcineál céanna táirgí cosanta, san amchlár céanna, agus b'fhéidir in éineacht le ganntanais soláthairtí, bheadh praghsanna ollmhóra agus éifeacht phlódaithe ann (i.e. deacrachtaí do na Ballstáit a bhfuil cumhacht ceannaigh níos teoranta acu chun ítimí cosanta riachtanacha a dhaingniú). Dá bhrí sin, trí choinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir iarrachtaí soláthair náisiúnta comhthreomhara a chosc, neartóidh bearta a chuirfear i bhfeidhm ar an leibhéal Eorpach chun éileamh Bhallstáit an Aontais a chomhiomlánú an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit freisin.

– Laghdaíonn éileamh neamhchomhordaithe infheictheacht threochtaí an mhargaidh freisin. Dá réir sin, cuireann easpa infheictheachta agus intuarthachta an éilimh Eorpaigh bac ar chumas an tionscail infheistíocht a dhéanamh, in earnáil atá go hiomlán dírithe ar an éileamh. Mar sin féin, agus timpeallacht nua slándála ag brú air, ní féidir leis an Aontas fanacht go dtí go mbeidh intuarthacht leordhóthanach orduithe ag EDTIB chun infheistíocht a dhéanamh chun a acmhainneacht táirgeachta a oiriúnú. Ní mór do thionscal cosanta na hEorpa dul in oiriúint a luaithe is féidir do staid nua an mhargaidh. Ciallaíonn sé sin gur gá tacú le laghdú an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí an tionscail in acmhainneachtaí monaraíochta solúbtha. D'fhéadfadh neamhchothromaíochtaí i ndáileadh geografach na hinfheistíochta agus méadú ar ilroinnt na slabhraí soláthair a bheith mar thoradh ar idirghabháil den chineál sin ar leibhéal na mBallstát amháin. Dealraíonn sé freisin gurb é an leibhéal Eorpach an leibhéal is iomchuí chun beart a dhéanamh chun an riosca a bhaineann le hinfheistíocht in EDTIB a laghdú, ar fud an Aontais agus d'fhonn cabhrú leis an earnáil córas táirgthe solúbtha a fhorbairt.

– Tá sé tábhachtach freisin d'iomaíochas EDTIB leas a bhaint as torthaí CEF, i dtéarmaí na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí a eascraíonn as tionscadail na gclár, agus i dtéarmaí oscailt na slabhraí soláthair a baineadh amach a bhuí leis na cláir sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt saincheisteanna bac a chur ar sholáthar comhoibríoch

táirgí deiridh a eascraíonn as T&F CEF nó é a dhíspreagadh fiú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh 'bearna tráchtálaithe' nua a bheith roimh thorthaí thionscadal CEF ina gcéimeanna tar éis T&F nach féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu ina n-aonar. Is é an tAontas is fearr atá in ann gníomhú chun a áirithiú go leanfar de na hiarrachtaí comhoibríocha arna dtionscnamh faoi CEF tar éis chéim T&F.

Maidir le slándáil soláthair an trealaimh cosanta san Eoraip:

- Cé gur ar leibhéal na mBallstát a sainíodh slándáil soláthair na cosanta go príomha ós rud é gur inniúlacht náisiúnta í an chosaint, tá gné Eorpach ag baint le slándáil soláthair níos mó agus níos mó, ós rud é go gcuimsíonn slabhraí soláthair tionsclaíocha margadh inmheánach an Aontais agus níos faide i gcéin níos mó agus níos mó. Is fíor sin go háirithe i gcás comhpháirteanna criticiúla agus amhábhair a bhfuil na Ballstáit ag éirí níos idirspleáiche orthu freisin. Chomh maith leis sin, mar a léirítear sa phlean armlóin, is beag infheictheacht atá ag na Ballstáit ar acmhainneachtaí foriomlána agus ar shlabhraí soláthair EDTIB, rud a chuireann cosc orthu cinntí eolasacha a dhéanamh. Dá bhrí sin, chun leibhéal leordhóthanach slándála soláthair a áirithiú, lena n-áirítear le linn géarchéime, is iomchuí a bheartú ar leibhéal an Aontais córas SoS uile-Aontais a bhunú faoi EDIP. Leis an gcreat sin, cuirfear feabhas ar chomhordú na bhfreagairtí ar ghéarchéimeanna soláthair táirgí cosanta agus ar mhuinín na mBallstát as slabhraí soláthair trasteorann, chomh maith le hathléimneacht EDTIB a neartú, ar mhaithe leis na Ballstáit uile, ar bhealach níos éifeachtaí ná trí mheascán de bhearta náisiúnta comhthreomhara.

Maidir le DTIB na hÚcráine a neartú:

- Is earnáil thábhachtach straitéiseach de gheilleagar na hÚcráine é tionscal cosanta na hÚcráine. Tá an tír ag féachaint lena cumas táirgeachta a chothabháil agus a mhéadú chun freastal ar a riachtanais maidir le trealamh cosanta náisiúnta. Mar sin féin, mar gheall ar mhéid an damáiste a rinneadh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar bhonneagair DTIB na hÚcráine, beidh tacaíocht shonrach ag teastáil ón Úcráin nach bhféadfadh aon Bhallstát amháin a sholáthar ina aonar. Leis na bearta a mholtar faoi EDIP, neartófar DTIB na hÚcráine go díreach agus cuirfear feabhas ar a chomhar tionsclaíoch le EDTIB Le EDIP, tá deis uathúil ag an Aontas an dá DTIB a spreagadh in am agus ar scála chun freastal ar riachtanais na hÚcráine agus na mBallstát in iarracht chomhpháirteach. Agus an tAontas i láthair ar an talamh san Úcráin trína Thoscaireacht, is féidir leis a áirithiú go mbeidh rochtain chuimsitheach ar fhaisnéis maidir le forbairtí a bhfuil tionchar acu ar an tír. Is príomhghníomhaí é an tAontas i réimse an chúnaimh mhíleata a chuirtear ar fáil don Úcráin agus glacann sé páirt freisin i bhformhór na bpróiseas iltaobhach atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chosanta atá os comhair na hÚcráine. Leis sin cuirtear ar a chumas don Aontas a bheith ar an eolas i gcónaí faoi riachtanais nua i dtéarmaí trealamh cosanta agus imthosca acmhainní táirgeachta cosanta na hÚcráine agus, dá bhrí sin, tacaíocht a chur in oiriúint de réir riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus é ag comhordú go dlúth le páirtithe leasmhara náisiúnta nó idirnáisiúnta eile. Is ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir maidir le tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a ullmhú do bhallraíocht san Aontas.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta sa mhéid nach dtéann sé thar an méid is lú is gá chun na cuspóirí atá sonraithe a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa ná thar an méid is gá chuige sin.

Ós rud é gur staid gheopholaitiúil í seo nach bhfacthas a leithéid riamh agus gur bagairt mhór í do shlándáil an Aontais, tá an cur chuige beartais atá beartaithe comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainaithníodh. Tugtar aghaidh leordhóthanach ar an ngá atá le tacú le hoiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha, le feabhas a chur ar shlándáil soláthair an Aontais le haghaidh trealamh cosanta, agus le DTIB na hÚcráine a neartú, laistigh de theorainneacha na hidirghabhála a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh faoi na Conarthaí. Ní théann na bearta a leagtar amach in EDIP thar a bhfuil fíor-riachtanach chun a gcuspóirí a bhaint amach, tá siad comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainaithníodh maidir leis na cuspóirí sin. An tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí éagsúla arb é is aidhm dóibh iomaíochas an tionscail a threisiú laistigh de chóras margaí oscailte agus iomaíocha. Tá an tacaíocht do DTIB na hÚcráine bunaithe ar shíneadh a chur le loighic na tacaíochta atá ann cheana don Úcráin agus is freagairt spriocdhírithe í ar imthosca sonracha na hÚcráine mar gheall ar chogadh foghach na Rúise.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mholann an Coimisiún. Is é seo an ionstraim dlí is oiriúnaí toisc nach féidir ach le Rialachán, lena chur i bhfeidhm aonfhoirmeach, a chineál ceangailteach agus a infheidhmeacht dhíreach, an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a sholáthar chun ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a neartú ar fud na hEorpa agus chun slándáil soláthair na dtáirgí cosanta san Eoraip a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé sin ag teacht le hAirteagail 114, 173 agus 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina leagtar amach an gnáthnós imeachta reachtach a bheidh le húsáid chun bearta a ghlacadh ina réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níorbh fhéidir comhairliúchán foirmiúil leis na páirtithe leasmhara a dhéanamh mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas gur féidir leis na comhreachtóirí é a ghlacadh go tráthúil chun é a chur i bhfeidhm ó thús 2025 ar aghaidh, nuair a bheidh gá le freastal ar riachtanais nua a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil, agus chun bonn tionsclaíoch cosanta na hÚcráine a théarnamh agus a atógáil.

Rinne an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí, próiseas comhairliúcháin cuimsitheach leis na Ballstáit, le hearnáil na tionsclaíochta, leis an earnáil airgeadais agus le meithleacha machnaimh chun bonn eolais a chur faoin obair ar EDIS. Bhí an comhairliúchán bunaithe ar aighneachtaí ó na páirtithe leasmhara le linn imeachtaí (ceardlanna, cruinnithe) agus aighneachtaí i scríbhinn. Roimh na ceardlanna sin, roinn an Coimisiún páipéir eisiúna (arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh), go háirithe páipéir eisiúna lena gcumhdaítear téamaí a bhaineann le bearta EDIP, a bheidh mar bhonn don phlé le linn na n-imeachtaí. Bhí na páipéir eisiúna chéanna sin ina mbonn freisin do na haighneachtaí i scríbhinn a roinn na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí. Tugadh cuireadh d'aon saoránach den Aontas a bhí toilteanach páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ionchur i scríbhinn a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist

tiomnaithe. San iomlán, cuireadh breis agus 270 aighneacht i scríbhinn ó os cionn 90 páirtí leasmhar éagsúil chuig an gCoimisiún agus chuig an Ardionadaí agus rinneadh anailís orthu ionas go bhféadfaidís a bheith ina lón eolais d'obair ullmhúcháin EDIS. Eagraíodh cruinniú freisin le hionadaithe na hÚcráine agus roinn siad tuairimí i scríbhinn freisin chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le EDIS atá ar na bacáin.

I bhfianaise an chuspóra atá ag EDIP tús a chur le cur chun feidhme na físe a forbraíodh in EDIS agus gníomhaíochtaí a fógraíodh sa straitéis sin a chur i bhfeidhm, cuireadh na hionchuir a fuarthas i gcomhthéacs EDIS san áireamh den chuid is mó chun bearta EDIP a cheapadh. Na hionchuir a fuarthas a bhaineann le príomhghníomhaíochtaí EDIP, is féidir tuairisc a thabhairt orthu i dtéarmaí ginearálta mar a leanas:

– maidir le tacaíocht a thabhairt d'oiriúnú EDTIB do na hathruithe struchtúracha a d'eascair as an staid slándála nua, thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an smaoineamh. Ba mhinic gur léiríodh dearcadh dearfach i leith síneadh a chur le loighic idirghabhála ASAP agus EDIRPA chomh maith leis an ngá atá le leas a bhaint as torthaí CEF. Mheas an Coimisiún na seasaimh sin atá ag teacht le chéile den chuid is mó, mar a léirítear, *inter alia*, leis an togra maidir le bearta chun loighic ASAP agus EDIRPA a leathnú agus chun glacadh táirgí CEF sa mhargadh a áirithiú.

– Maidir le slándáil an tsoláthair, chuir formhór na bpáirtithe tábhacht na saincheiste i dtábhacht ar leibhéal an Aontais. Chuir formhór na n-aighneachtaí i dtábhacht freisin gur cheart cothromaíocht shásúil a bhaint amach idir an gá atá le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair ar leibhéal an Aontais agus urraim do cheannasacht agus do shainchumais na mBallstát i réimse na cosanta. Chun cothromaíocht den sórt sin a bhaint amach, molann an Coimisiún go háirithe córas comhréireach de réir a chéile le haghaidh shlándáil an tsoláthair, ina mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go hiomlán agus go leanúnach, agus ina ndéanfar leasanna eacnamaíocha an tionscail a mheas go cuí agus a chosaint go comhréireach.

– Maidir le cultúr ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint a phríomhshruthú, d'aithin formhór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo gur gá rochtain leordhóthanach ar mhaoiniú a áirithiú d'earnáil na cosanta agus go háirithe do FBManna atá gníomhach in EDTIB. Thug an Coimisiún aird ar leith ar na tuairimí a cuireadh in iúl i ndáil leis sin, go háirithe tríd an gCiste chun Dlús a Chur le Claochlú Shlabhraí Soláthair na Cosanta (FAST) a mholadh, ar ciste é a rachaidh chun tairbhe d'aon ghnó do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

– Maidir leis an gcomhar leis an Úcráin maidir le cúrsaí tionsclaíocha cosanta, bhí formhór na bpáirtithe leasmhara ag teacht leis an smaoineamh. Chuir an Coimisiún ionchur na bpáirtithe leasmhara san áireamh chomh maith le tuairimí na hÚcráine chun gníomhaíochtaí tiomnaithe faoi EDIP a chur in oiriúint ar an mbealach is iomchuí.

Áiritheoidh an tAontas go mbeidh cumarsáid agus infheictheacht iomchuí ann maidir leis na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a dhéanfar laistigh de raon feidhme na Rialacháin seo, laistigh den Aontas, san Úcráin agus níos faide i gcéin.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir comhairliúchán cuimsitheach EDIS ar a chumas don Choimisiún agus don Ardionadaí líon mór ionchur a fháil ó chineálacha éagsúla saineolaithe (e.g. saineolaithe riaracháin náisiúnta, saineolaithe ar an tionscal cosanta, saineolaithe san earnáil airgeadais, saineolaithe na meithle machnaimh, acadóirí). Baineadh úsáid as an saineolas a bhailigh an Coimisiún agus an tArdionadaí i gcomhthéacs EDIS chun na bearta a moladh faoi EDIP a fhorbairt.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar a phráinní atá an togra, atá ceaptha chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa a chur in oiriúint go tapa don timpeallacht gheopholaitiúil nua agus chun cúnamh a thabhairt do thír atá i mbun cogaidh amhail ó thús 2024, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh.

Mar thoradh ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus go háirithe ar leanúint d'fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, chinn an Coimisiún bogadh go tapa ó fhreagairtí éigeandála poncúla a ghlacadh i mí Iúil (i.e. ASAP) agus i mí Dheireadh Fómhair (i.e. EDIRPA) 2023, go dtí cur chuige níos struchtúrtha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí fadtéarmacha atá roimh EDTIB agus leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin.

Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach sna Conclúidí uaithi an 14 agus an 15 Nollaig 2023 togra a chur i láthair 'go tapa' le haghaidh EDIP agus chuir sí in iúl sna Conclúidí uaithi an 1 Feabhra 2024 '*go bhfillfidh sí ar cheist na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear an gá atá ag an Eoraip a hullmhacht cosanta fhoriomlán a mhéadú agus a bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta a neartú a thuilleadh ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici i mí an Mhárta 2024, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le céimeanna breise chun tionscal cosanta na hEorpa a dhéanamh níos athléimní, níos nuálaí agus níos iomaíche'*.

Dá bhrí sin, níorbh fhéidir measúnú tionchair a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil chun togra EDIP a thabhairt i láthair in am don phlé a bheidh ar siúl ag an gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024. Mar sin féin, baineann togra EDIP leas as an obair a rinneadh faoi chuimsiú DJPTF, ar na luathcheachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme ASAP agus EDIRPA, agus cuireann sé leis an bpróiseas comhairliúcháin cuimsitheach a rinneadh i gcomhthéacs EDIS. Laistigh de 3 mhí tar éis an togra sin le haghaidh rialacháin a fhoilsiú, foilseoidh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre chun an bonn cirt atá leis an ngníomhaíocht reachtach sin de chuid an Aontais a chur i láthair agus chun a iomchuí agus atá sé na cuspóirí beartais sainaitheanta a bhaint amach a mhíniú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar nach méadófar an t-ualach riaracháin le EDIP. Gné den simpliú i gcur chun feidhme na hionstraime is ea an cur chuige feidhmíochtbhunaithe atá beartaithe atá ar fáil dá ghníomhaíochtaí incháilithe, ar cur chuige é atá ag brath ar an gcoinníollacht idir íocaíochtaí a eisíoc agus garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach ag an gcuibhreannas.

- **Cearta bunúsacha**

Trí fheabhas a chur ar shlándáil shaoránaigh an Aontais, is féidir rannchuidiú lena gcearta bunúsacha a chosaint.

Ina theannta sin, gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar cosanta comhoibríoch earraí nó seirbhísí, ar earraí nó seirbhísí iad a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ón gClár. Thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí d'fhonn airm uathrialaitheacha mharfacha a sholáthar go comhoibríoch gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ó EDIP.

Ina theannta sin, déantar foráil in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Mar sin féin, le roinnt beart faoi cholún 2 a bhfuil gá leo chun slándáil soláthair an trealaimh cosanta san Aontas a áirithiú, d'fhéadfaí teorannú sealadach a chur ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus ar an

tsaoirse conartha, a chosnaítear le hAirteagal 16 agus ar an gceart chun maoine, atá faoi chosaint Airteagal 17 den Chairt. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar forail sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa togra seo, déanfar inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta leis.

– Ar an gcéad dul síos, tá i gceist le EDIP forálacha maidir le hiarrataí ar shásraí faisnéise agus tosaíochta (orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo) atá coinníollach go docht ar ghníomhachtú an mhodha géarchéime is iomchuí trí ghníomh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh a mhéid a bhaineann le modh géarchéime soláthair agus a mhéid a bhaineann le modh géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil.

– Ar an dara dul síos, an oibleagáid faisnéis shonrach a nochtadh don Choimisiún, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, urramaítear léi bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus ní dhéanfar difear díréireach don tsaoirse chun gnó a sheoladh léi (Airteagal 16 den Chairt). Fónann aon iarraidh ar fhaisnéis do chuspóir leasa ghinearálta an Aontais chun gur féidir faisnéis a bhailiú maidir leis na cumais táirgeachta, na hacmhainneachtaí táirgeachta agus maidir leis an gcur isteach príomha ar bhearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ganntanais a dhéanann difear do tháirgeadh táirgí nó táirgí cosanta atá ábhartha i gcás géarchéime. Is iomchuí agus éifeachtach na hiarrataí faisnéise sin chun an cuspóir a bhaint amach tríd an bhfaisnéis is gá go géar a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair. I bprionsabal, ní iarrann an Coimisiún ar eagraíochtaí ionadaíocha ach an fhaisnéis is inmhianaithe a thabhairt agus ní fhéadfaidh sé iarrataí a eisiúint chuig gnóthais aonair ach amháin má tá gá leis sin sa bhreis ar an bhfaisnéis is inmhianaithe. Ós rud é nach bhfuil faisnéis faoi staid an tsoláthair ar fáil ar bhealach eile, níl aon bheart chomh héifeachtach céanna ann chun an fhaisnéis is gá a fháil le go mbeidh cinnteoirí Eorpacha in ann gníomhaíocht mhaolaithe a dhéanamh. I bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha geopholaitiúla agus slándála a eascraíonn as ganntanas táirgí cosanta agus thábhacht na ngníomhaíochtaí maolaithe dá réir, tá iarrataí ar fhaisnéis i gcomhréir leis an aidhm inmhianaithe. Ina theannta sin, fritháirítear an teorannú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine le coimircí iomchuí. Ní fhéadfar aon iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh ach amháin le haghaidh táirgí cosanta, amhábhair nó comhpháirteanna díobh, atá ábhartha i gcás géarchéime, agus a shainaithníonn an Coimisiún go sonrach trí ghníomh cur chun feidhme, agus a ndéanann suaití, nó suaití a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ghanntanais shuntasacha, difear dóibh.

– Ar an tríú dul síos, leis an oibleagáid glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus tosaíocht a thabhairt dóibh, urramaítear bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conartha (Airteagal 16 den Chairt) agus an chirt chun maoine (Airteagal 17 den Chairt) agus ní dhéanfaidh sí difear díréireach do na saoirsí agus don cheart sin. Fónann an oibleagáid sin do chuspóir leasa ghinearálta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar shuaití i soláthair na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime. Tá an oibleagáid iomchuí agus éifeachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach trína áirithiú go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go fabhrach chun na táirgí cosanta ábhartha sin a tháirgeadh. Níl aon bheart chomh héifeachtach céanna léi. A mhéid a bhaineann le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a shainaithnítear mar tháirgí a bhfuil tionchar ag géarchéim soláthair orthu, tá sé comhréireach oibleagáid a chur ar ghnóthais a bhfuil baint acu le slabhra soláthair na dtáirgí sin glacadh le horduithe áirithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Le coimircí iomchuí áirithítear nach sárú ar na cearta sin atá i gceist le haon tionchar diúltach a bheadh ag

oibleagáid maidir le tosaíocht ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ar an tsaoirse conartha ná ar an gceart chun maoine. Ní fhéadfar aon oibleagáid maidir le tosaíocht a thabhairt d'orduithe áirithe a sheoladh ach amháin le haghaidh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a shainaithníonn an Coimisiún go sonrach agus trí ghníomh cur chun feidhme, agus a ndéanann suaití, nó suaití a d'fhéadfadh a bheith ann, as a dtiocfadh ganntanais shuntasacha difear dóibh. Féadfaidh an gnóthas lena mbaineann iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis mura bhfuil sé in ann an t-ordú a dhéanamh nó más rud é go gcuirfí ualach eacnamaíoch míréasúnta air dá ndéanfadh sé é agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist leis. Ina theannta sin, tá ábhar na hoibleagáide díolmhaithe ó aon dliteanas i leith damáistí as sárú oibleagáidí conarthacha a eascraíonn as comhlíonadh na hoibleagáide.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 1 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin don tréimhse ón tréimhse XX XX XXXX go dtí an 31 Nollaig 2027.

Tá an tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, i dtaca leis na hacmhainní buiséid agus daonna is gá, sonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta ar an gClár a tharraingt suas agus í a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2027. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta chun na cuspóirí a leagtar amach sa togra a bhaint amach. Ina theannta sin, agus an tuarascáil mheastóireachta á cur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún tograí a chur isteach maidir le haon leasú iomchuí ar an Rialachán seo, go háirithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon riosca leanúnach a chuireann bac ar ullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint nó ar shlándáil soláthair na dtáirgí cosanta san Eoraip.

2024/0061 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('EDIP')**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114(1), 173(3), 212(2), agus 322(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Gheall Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais, ag teacht le chéile dóibh in Versailles an 11 Márta 2022, 'cumais chosanta Eorpacha a neartú' i bhfianaise chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chomhaontaigh siad caiteachas cosanta a mhéadú, dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha agus trí sholáthar comhoibríoch cumas cosanta, na heasnaimh a dhúnadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus tionscal cosanta an Aontais a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach a bhunú (an 'Clár').

(2) Mar gheall ar an meath fadtéarmach ar leibhéil bhagartha réigiúnach agus dhomhanda, tá gá le hathrú ó bhonn ar an scála agus ar an luas lenar féidir le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) speictream iomlán cumas míleata a fhorbairt agus a tháirgeadh. Tá cogaíocht ard-déine agus coinbhleacht chríochach san Eoraip arís, agus tá tionchar diúltach aige sin ar shlándáil an Aontais agus na mBallstát, rud lena gceanglaítear méadú suntasach ar inniúlacht na mBallstát a gcumais chosanta a neartú.

(3) An 14 agus 15 Nollaig 2023 chuir an Chomhairle Eorpach i dtábhacht, sna conclúidí uaithi agus tar éis di measúnú a dhéanamh ar an obair a rinneadh chun dearbhú Versailles agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, gur gá tuilleadh a dhéanamh chun cuspóirí an Aontais maidir le hullmhacht cosanta a mhéadú. Chun an ullmhacht sin a bhaint amach agus chun an tAontas a

[2] IO C , , lch. .

[3] IO C , , lch. .

chosaint, is réamhriachtanas é tionscal cosanta láidir, rud a chuireann le hathléimneacht, nuálaíocht agus iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa.

(4) Chuir an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Teachtaireacht Chomhpháirteach i láthair maidir leis an Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh an 18 Bealtaine 2022 inar cuireadh i dtábhacht gurbh ann do bhearnaí airgeadais, tionsclaíocha agus cumais sa tionscal cosanta laistigh den Aontas. An 18 Deireadh Fómhair 2023, glacadh Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA), arb é is aidhm dó tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit le linn chéim an tsoláthair chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, go háirithe na bearnaí sin a cruthaíodh, ar bhealach comhoibríoch, mar thoradh ar an bhfreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. An 20 Iúil 2023 glacadh Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP), arb é is aidhm dó borradh a chur, ar bhonn práinneach, faoi acmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa, slabhraí soláthair a dhaingniú, nósanna imeachta soláthair éifeachtúla a éascú, aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh in acmhainneachtaí táirgeachta agus infheistíochtaí a chur chun cinn.

(5) Dearadh EDIRPA agus ASAP mar phráinnfhreagairt agus mar chláir ghearrthéarmacha, agus rachaidh siad beirt in éag in 2025 (an 30 Meitheamh 2025 i gcás ASAP agus an 31 Nollaig 2025 i gcás EDIRPA). Leis an gClár, ba cheart forbairt a dhéanamh ar an méid a baineadh amach le EDIRPA agus le ASAP, agus síneadh a chur leis an loighic a bhaineann leo go dtí 2027, trí thacaíocht airgeadais a sholáthar chun EDTIB a atreisiú ar bhealach intuartha, leanúnach agus tráthúil ar bhonn cur chuige comhtháite. I bhfianaise na staide slándála atá ann faoi láthair, is cosúil gur gá an tacaíocht ón Aontas a leathnú chun raon feidhme níos leithne trealaimh chosanta a chumhdach, lena n-áirítear tomhaltáin amhail córais gan foireann a bhfuil ról cinntitheach acu sa láthair chogaidh san Úcráin.

(6) Chinn an Chomhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 stádas tír is iarrthóir a dheonú don Úcráin, a léirigh toil láidir an atógáil a nascadh le hathchóirithe (agus í) ar a conair Eorpach. I mí na Nollag 2023 chinn ceannairí an Aontais tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin. An 15 Nollaig 2023 dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí rannchuidiú, san fhadtéarma agus i gcomhar lena gcomhpháirtithe, leis na gealltanas slándála a tugadh don Úcráin, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, cur in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsaithe agus bac a chur ar ghníomhartha foghacha amach anseo. Tá tacaíocht láidir don Úcráin ina príomhthosaíocht ag an Aontas agus is freagairt iomchuí í ar thiomantas láidir polaitiúil an Aontais tacú leis an Úcráin a fhad is gá.

(7) Mar gheall ar an damáiste a rinneadh le cogadh foghach na Rúise do gheilleagar, do shochaí agus do bhonneagar na hÚcráine, agus go háirithe an damáiste a rinneadh do bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine (DTIB na hÚcráine), tá gá

---

[4] Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

[5] Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

le tacaíocht chuimsitheach chun an bonn sin a atógáil. Tá sé sin fíor-riachtanach chun an acmhainneacht a sholáthar do Stát na hÚcráine a fheidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun agus ionas go mbeifear in ann an tír a théarnamh, a atógáil agus a nuachóiriú go tapa, agus chun a comhtháthú i Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta a chothú. Tá DTIB láidir na hÚcráine ríthábhachtach do shlándáil fhadtéarmach na hÚcráine agus d'atógáil na hÚcráine.

(8) I ndáil leis sin, ba cheart gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hatreisiú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch chosaint na hÚcráine a mhaoiniú. Tá an tacaíocht sin comhlántach leis an tacaíocht a sholáthraítear faoin tSaoráid don Úcráin, chomh maith leis an tacaíocht mhíleata a sholáthraítear don Úcráin faoin tSaoráid Eorpach Síochána agus trí chúnamh déthaobhach ó na Ballstáit.

(9) Ní mór an Rúis a thabhairt chun cuntais go hiomlán agus ní mór di íoc as an damáiste ollmhór a rinneadh de dheasca an chogaidh fhoghaigh atá á cur aici ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, leanúint de bheith ag obair chun an sprioc sin a bhaint amach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus sárú tromchúiseach na Rúise ar an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabal na freagrachta Stáit as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta á gcur san áireamh, lena n-áirítear an oibleagáid an damáiste atá inmheasúnaithe ó thaobh airgeadais de a chúiteamh. Tá sé tábhachtach, *inter alia*, go ndéanfar dul chun cinn, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, féachaint cé mar is féidir ioncam urghnách atá i seilbh eintitis phríobháideacha a thagann go díreach ó shócmhainní blocáilte na Rúise a dhíriú chun tacú leis an Úcráin, lena n-áirítear a bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch um an gcosaint, ar bhealach atá comhsheasmhach le hoibleagáidí conarthacha is infheidhme agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Dá nglacfadh an Chomhairle cinneadh CBES faoi Airteagal 29 CAE ar thogra ón Ardionadaí chun iarmhéideanna airgid urghnácha ó thaisclanna lárnacha urrús a aistriú chuig an Aontas, ar iarmhéideanna iad a d'eascair as na hioncaim urghnácha gan choinne ó shócmhainní ceannasacha reoite na Rúise, d'fhéadfaí tacaíocht bhreise den sórt sin a bhaint as na hioncaim sin, i gcomhréir le cuspóirí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais.

(10) Ba cheart creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úcráin chun prionsabail an chomhair idir an tAontas agus an Úcráin a bhunú faoin Rialachán seo. Ba cheart comhaontuithe deontais nó comhaontuithe maidir le soláthar comhpháirteach a thabhairt i gcrích leis an Úcráin agus le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Úcráin freisin chun coinníollacha a shainiú maidir le cistí a scaoileadh.

(11) Chun gníomhaíochtaí a chistiú arb é is aidhm dóibh iomaíochas, freagrúlacht agus cumas EDTIB a neartú ar bhonn Airteagal 173 CFAE, chomh maith le gníomhaíochtaí comhair leis an Úcráin chun DTIB na hÚcráine a atreisiú faoi Airteagal 212 CFAE, leis an Rialachán seo, ba cheart cuspóirí comhchoiteanna agus sásraí airgeadais comhchoiteanna a bhunú agus idirdhealú á dhéanamh san am céanna idir dhá líne bhuiséid a chomhfhreagraíonn do gach ceann de na cuspóirí atá á saothrú, agus ba cheart Clár lena leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas faoi Airteagal 173 CFAE, agus Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin lena leagtar amach na coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas faoi Airteagal 212 CFAE a bhunú freisin.

(12) Leis an Rialachán seo, leagtar síos imchlúdach airgeadais le haghaidh thréimhse iomlán an Chláir, arb é a bheidh ann an méid príomhthagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(13) D'fhéadfaí na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 73(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm ar choinníoll go gcomhlíonann an tionscadal na rialacha a leagtar amach sa Rialachán sin agus raon feidhme Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Chiste Sóisialta na hEorpa Plus mar a leagtar amach é i Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoi seach. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina mbíonn clistí margaidh sonracha nó cásanna infheistíochta fo-optamacha roimh tháirgeadh táirgí cosanta ábhartha i gcríocha na mBallstát, go háirithe i limistéir leochaileacha agus iargúlta, agus i gcás ina rannchuidíonn na hacmhainní sin le cuspóirí an chláir óna n-aistrítear iad a bhaint amach. I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Coimisiún le measúnú a dhéanamh ar na cláir leasaithe arna gcur isteach ag an mBallstát agus barúlacha a thabhairt laistigh de 2 mhí tar éis chur isteach an chláir leasaithe.

(14) I bhfianaise an ghá le comhinfheistíocht níos fearr a dhéanamh i gcumais chosanta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe, agus i dtéarnamh, atógáil agus nuachóiriú bhonn tionsclaíoch chosaint na hÚcráine, ba cheart na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó aon fhoinse eile a bheith in ann rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir. Ba cheart na ranníocaíochtaí sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha céanna agus ba cheart iad a bheith ina n-ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2)(a)(ii), (d) agus (e) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. Chomh maith leis sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an tsolúbthacht a úsáid agus a gcuid leithdháiltí bainistíochta comhpháirtí á gcur chun feidhme, ar leithdháiltí iad a chuirtear ar fáil le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart a bheith in ann, mar sin, leibhéil áirithe chistithe a aistriú idir leithdháiltí bainistíochta comhpháirtí agus an Clár faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Sa bhliain 2028 ar a dhéanaí, féadfar na hacmhainní nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach, arna iarraidh sin don Bhallstát, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060.

(15) Ós é is aidhm don Chlár feabhas a chur ar iomaíochas agus ar éifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais agus thionscal cosanta na hÚcráine, d'fhonn tairbhe a bhaint as an gClár, ba cheart d'fhaighteoirí tacaíochta airgeadais a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas, i dtíortha comhlachaithe nó san Úcráin, ar eintitis iad nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe, seachas an Úcráin, ná ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. I gcás inarb iad na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe nó an Úcráin faighteoirí na tacaíochta airgeadais, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí soláthair chomhoibríoch, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha seo, *mutatis mutandis*, maidir le conraitheoirí nó fochonraitheoirí na gconarthaí soláthair. Ós amhlaidh atá, ba cheart rialú a thuiscint mar an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach

trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó. Ina theannta sin, chun a áirithiú go gcosnófar leasanna slándála agus cosanta fíor-riachtanacha an Aontais agus a Bhallstát, ba cheart bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na n-eintiteas dlítheanach a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta sin a bheith lonnaithe ar chríoch Bhallstáit, ar chríoch thír chomhlachaithe, nó ar chríoch na hÚcráine.

(16) I gcúinsí áirithe, ba cheart a bheith in ann maolú ar an bprionsabal nach bhfuil eintitis dhlítheanacha a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe a bheith rannpháirteach mar fhaighteoir má chomhlíontar coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, mar a bhunaítear iad faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena n-áirítear i dtéarmaí Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a neartú.

(17) Thairis sin, na táirgí cosanta atá faoi réir gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár, níor cheart iad a bheith faoi réir rialú nó srian ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

(18) I bhfianaise shainiúlachtaí an tionscail cosanta, ina n-eascraíonn nach mór an t-éileamh ar fad as na Ballstáit, a rialaíonn freisin fáil iomlán na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí, ní leantar na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta i bhfeidhmiú earnáil thionscal na cosanta. Dá bhrí sin, ní bhíonn an tionscal i mbun infheistíochtaí tionsclaíocha suntasacha féinchistithe ach ní dhéanann sí amhlaidh ach mar thoradh ar orduithe daingne. Cé gur réamhchoinníoll iad orduithe daingne ó na Ballstáit le haghaidh aon infheistíochta, is féidir leis an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh trí chastacht an chomhair maidir le soláthar comhoibríoch a fhritháireamh agus an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí tionsclaíocha a laghdú trí dheontais agus iasachtaí lena mbeifear in ann oiriúnú níos tapúla d’athrú struchtúrach leanúnach sa mhargadh. Mar riail ghinearálta, ba cheart a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas suas le 100 % de na costais incháilithe dhíreacha nó 100 % den mhéid a chinntear le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcuirtear i bhfeidhm an rogha maoinithe nach bhfuil nasctha le costais. Ba cheart suas le 50 % de na costais incháilithe dhíreacha a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas le gníomhaíochtaí lena n-atreisítear an tionscal ionas go mbeidh faighteoirí in ann gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a luaithe is féidir chun an riosca a bhaineann lena n-infheistíocht a laghdú agus, dá bhrí sin, dlús a chur le hinfhaighteacht táirgí cosanta ábhartha.

(19) Leis an gClár, ba cheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, trí mhodhanna dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, do ghníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hinfhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha amhail comhar maidir le soláthar comhoibríoch údarás poiblí, comhar tionsclaíoch agus gníomhaíochtaí líonraithe lena n-áirítear táirgí cosanta a chaomhnú agus a stoc-carnadh, rochtain ar mhaoiniú le haghaidh gnóthais a bhfuil baint acu le monarú táirgí cosanta ábhartha, acmhainneachtaí monaraíochta a chaomhnú (‘saoráidí atá i gcónaí réidh le dul’), próisis thionsclaíocha maidir le táirgí atá imithe in éag a athchóiriú, acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana sa réimse sin a leathnú, a bharrfheabhsú, a

nuachóiriú, a uasghrádú nó a atreorú, nó acmhainneachtaí táirgeachta nua a bhunú sa réimse sin, chomh maith le hoiliúint a chur ar phearsanra.

(20) Féadfaidh deontais faoin gClár a bheith i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costas ar bhonn baint amach torthaí faoi threoir pacáistí oibre, garspriocanna nó spriocanna a bhaineann leis an bpróiseas soláthair chomhoibríoch, chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú.

(21) I gcás ina bhfuil deontas an Aontais i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ba cheart don Choimisiún na coinníollacha cistithe le haghaidh gach gníomhaíochta a chinneadh sa chlár oibre, go háirithe (a) tuairisc ar ghníomhaíocht lena mbaineann comhar le haghaidh soláthar comhoibríoch d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais inniúlachta is práinní agus is criticiúla, (b) na garspriocanna le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta, agus (c) an ranníocaíocht uasta ón Aontas atá ar fáil.

(22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, i ndáil le cláir oibre a ghlacadh chun na tosaíochtaí cistiúcháin agus na coinníollacha cistiúcháin is infheidhme a leagan amach. Ba cheart sainiúlachtaí na hearnála cosanta a chur san áireamh, go háirithe freagracht na mBallstát, na dtíortha comhlachaithe nó na hÚcráine maidir leis an bpróiseas pleanála agus fála. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, féadfar deontas a dhámhachtain le haghaidh ghníomhaíocht ar cuireadh tús léi cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níl costais arna dtabhú roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach incháilithe, seachas i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Chun go mbeidh leanúnachas ann maidir le peirspictíocht chistithe le haghaidh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tacaíocht a fháil le cistiú 2024 faoi ASAP agus faoi EDIRPA, sa chinneadh maidir le maoiniú, ba cheart a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le ranníocaíochtaí airgeadais i ndáil le gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse ón 5 Márta 2024 ar aghaidh.

(24) Agus measúnú á dhéanamh ar thograí arna gcur isteach ag iarratasóirí, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí an Chláir. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na tograí, go háirithe i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad leis an méadú ar ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint, go háirithe maidir le hacmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú agus deireadh a chur le scrogaill. Ba cheart measúnú a dhéanamh orthu freisin i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le hathléimneacht thionsclaíoch um an gcosaint a chothú, faoi threoir breithnithe amhail infhaighteacht agus soláthar tráthúil do na suíomhanna uile, lena ndéanfaí slándáil an tsoláthair a threisiú ar fud an Aontais, lena n-áirítear soláthar do na Ballstáit sin is mó atá nochta ar an riosca go dtiocfadh ann do ghnáthbhagairtí míleata. Leis na measúnuithe, ba cheart tagairt a dhéanamh freisin don rannchuidiú le comhar tionsclaíoch um an gcosaint trí fhíorchomhar armála idir na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus an Úcráin, chomh maith le forbairt agus oibríochtú an chomhair trasteorann idir gnóthais, go háirithe, ar bhealach suntasach, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a oibríonn sna slabhraí soláthair lena mbaineann.

(25) Agus tacaíocht airgeadais an Aontais á ceapadh, á bronnadh agus á cur chun feidhme ag an gCoimisiún, ba cheart dó aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú nach ndéanann tacaíocht den sórt sin dochar do dhálaí iomaíochta sa mhargadh inmheánach.

(26) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, cur chun feidhme indíreach agus ionstraimí airgeadais.

(27) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus imscrúdú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear calaois, agus a bhaineann freisin le haisghabháil cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus iad a ionchúiseamh, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, ní mór d’aon duine nó d’aon eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus ní mór dó a áirithiú, maidir le haon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistithe ón Aontas, go dtabharfaidh sé cearta coibhéiseacha.

(28) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith rannpháirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar na tríú tíortha sin na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí ionas go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach. De bhun Airteagal 85 de Chinneadh (AE) 2021/1764 (18) ón gComhairle, tá daoine nádúrtha agus comhlachtaí agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus i gcríocha thar lear (TCTLanna) incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an TCTL ábhartha.

(29) Agus forbairt á déanamh ag an gCoimisiún, *inter alia*, ar thaithí na saoráide cothromais cosanta a bunaíodh i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Chosanta mar oibríocht mheasctha InvestEU, ba cheart dó féachaint le saoráid thiomnaithe a bhunú mar chuid den Chlár, saoráid ar a dtugtar an ‘ Ciste chun dlús a chur le claochlú shlabhra soláthair na cosanta (‘FAST’)’. Ba cheart FAST a chur chun feidhme faoi

bhainistíocht indíreach. Na hinfheistíochtaí is gá chun acmhainneachtaí monaraíochta cosanta fiontar beag agus meánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga atá bunaithe san Aontas a mhéadú, le FAST, déanfar na hinfheistíochtaí sin a ghiaráil, laghdófar an riosca a bhaineann leo agus cuirfear dlús leo i bhfoirm oibríocht mheasctha lena dtabharfar tacaíocht fiachas agus/nó tacaíocht chothromais. Ba cheart FAST a bhunú mar oibríocht mheasctha, lena n-áirítear faoi Chlár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe cur chun feidhme.

(30) Le FAST, ba cheart éifeacht iolraitheora shásúil a bhaint amach i gcomhréir leis an meascán d'fhiach agus cothromas, agus ba cheart dó rannchuidiú le maoiniú ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon a mhealladh. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir foriomlán, is é sin feabhas a chur ar iomaíochas EDTIB, le FAST, ba cheart tacaíocht a thabhairt do FBManna (lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis) agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga ar fud an Aontais a mhonaraíonn teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta, chomh maith le cuideachtaí atá mar chuid de shlabhra soláthair an tionscail chosanta, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de, a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú. Chomh maith leis sin, le FAST, ba cheart dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na monaraíochta teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta, agus dá bhrí sin, slándáil an tsoláthair a neartú i slabhraí luacha thionscal cosanta an Aontais.

(31) Tá dúshláin mhóra roimh chomharchláir armála san Aontas ós rud é go mbunaítear iad ar bhonn *ad hoc* den chuid is mó, agus go mbíonn siad ciaptha ag castacht, ag moilleanna agus ag róchaiteachas. Chun an scéal seo a leigheas, agus chun gealltanas leanúnach na mBallstát a áirithiú ar feadh shaolré iomlán na gcumas cosanta, tá gá le cur chuige níos struchtúrtha ar leibhéal an Aontais. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún tacú le hiarrachtaí na mBallstát trí chreat dlíthiúil nua a chur ar fáil - is é sin an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa (SEAP) - chun comhar cosanta a neartú agus bonn taca a chur faoi. Ba cheart na gníomhaíochtaí a dhéantar sa chreat sin agus na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a bheith ag treisiú a chéile, go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais (PFC) agus PESCO

(32) Laistigh den Struchtúr sin do Chlár Armála na hEorpa, ba cheart go dtairbheodh na Ballstáit de nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le comharchláir chosanta a thionscnamh agus a bhainistiú. Le comhar faoin gcreat sin, ba cheart go dtairbheodh na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, de ráta cistithe méadaithe, de nósanna imeachta soláthair simplithe agus comhchuibhithe agus, i gcás inar comhúinéirí an trealaimh arna sholáthar iad na Ballstáit, de dhíolúine ó CBL. Leis an stádas mar eagraíocht idirnáisiúnta, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann, más mian leo, bannaí a eisiúint chun plean maoinithe fadtéarmach na gclár armála a áirithiú. Cé nach mbeadh an tAontas faoi dhliteanas i leith eisiúint fiachais ag na Ballstáit, le ranníocaíochtaí EDIP le feidhmiú SEAP, d'fhéadfaí feabhas a chur ar na coinníollacha maidir le maoiniú na gclár armála ó na Ballstáit, ar cláir armála iad atá incháilithe le haghaidh tacaíocht ón Aontas.

(33) Chun nós imeachta éifeachtúil a cheadú maidir le SEAP a bhunú, is gá do na Ballstáit, do thíortha comhlachaithe nó don Úcráin, má tá siad toilteanach SEAP a bhunú, iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin inar cheart measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil reachtanna beartaithe an chláir armála i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart dearbhú ón mBallstát óstach a bheith san iarratas sin, ar dearbhú é ina n-aithnítear SEAP mar chomhlacht nó eagraíocht idirnáisiúnta chun na Treoracha seo

a leanas a chur i bhfeidhm ón uair a bunaíodh é: Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil.

(34) Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart an cinneadh maidir le SEAP a bhunú a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart eilimintí fíor-riachtanacha a Reachtanna a chur i gceangal leis na cinntí sin.

(35) Ba cheart pearsantacht dhlítheanach agus an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a bheith ag SEAP ón lá a thiocfaidh an cinneadh lena mbunaítear é i bhfeidhm, ionas gur féidir leis a chúraimí a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla. Chun an dlí is infheidhme a chinneadh, ba cheart oifig chláraithe a bheith aige laistigh de chríoch comhalta den SEAP, ar Ballstát é an comhalta sin.

(36) Ba cheart trí Bhallstát ar a laghad a bheith in SEAP, agus d’fhéadfaí tíortha comhlachaithe agus an Úcráin a áireamh ann freisin.

(37) Chun SEAP a chur chun feidhme, ba cheart forálacha níos mionsonraithe a leagan síos sna Reachtanna, ar ar a mbonn ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann iarratas na rialacha a bhunaítear sa Rialachán seo.

(38) Ar thaobh amháin, is gá a áirithiú go bhfuil an tsolúbthacht is gá ag SEAP chun a Reachtanna a leasú agus, ar an taobh eile, go gcaomhnaítear eilimintí fíor-riachtanacha áirithe, go háirithe na heilimintí sin a raibh gá leo chun na Reachtanna SEAP a dheonú, trí rialú is gá ar leibhéal an Aontais. Má bhaineann leasú le heilimint fhíor-riachtanach de na Reachtanna atá i gceangal leis an gcinneadh lena mbunaítear SEAP, ba cheart an leasú sin a fhormheas, sula dtagann sé i bhfeidhm, le cinneadh ón gCoimisiún a ghlactar agus an nós imeachta céanna á leanúint agus a leanadh chun an SEAP a bhunú. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon leasú eile, agus ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún agóid a dhéanamh má mheasann sé go bhfuil an leasú contrártha leis an Rialachán seo.

(39) Ba cheart SEAP a bheith in ann Gníomhaire Soláthair a cheapadh a gníomhaíonn ina ainm féin. Ba cheart SEAP a bheith in ann táirgí cosanta a sholáthar ar a shon féin nó ar son a chomhaltaí. I gcás ina soláthraíonn sé ar a shon féin, ba cheart an SEAP sin a mheas mar eagraíocht idirnáisiúnta a cheannaíonn chun a chríoch féin de réir bhrí Airteagal 12(c) de Threoir 2009/81/CE i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an Státchabhair. I gcás ina soláthraíonn sé ar son a chomhaltaí, chun dreasacht leordhóthanach a áirithiú do na Ballstáit chun páirt a ghlacadh i gcomhar laistigh den SEAP, ba cheart an SEAP sin a bheith in ann a rialacha féin maidir le soláthar a shainiú de mhaolú ar Threoir 2009/81/CE. Leis na rialacha sin, ba cheart comhlíontacht a áirithiú le prionsabail dhlí príomha an Aontais is infheidhme maidir le soláthar, go háirithe na prionsabail a bhaineann le trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus iomaíocht.

(40) D’fhéadfadh SEAP a bheith incháilithe le haghaidh cistithe i gcomhréir le Teideal VI de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. D’fhéadfadh sé cistiú a fháil freisin faoin mBeartas Comhtháthaithe, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

(41) Chun a chuid cúraimí a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla, agus mar iarmhairt loighciúil ar a phearsantacht dhlítheanach, ba cheart SEAP a bheith faoi dhliteanas i leith a chuid fiach. Chun go mbeidh na comhaltaí in ann teacht ar réitigh iomchuí maidir lena ndliteanas, ba cheart an rogha a thabhairt dóibh foráil a dhéanamh sna

Reachtanna maidir le córais dliteanais éagsúla a théann os cionn an dliteanais atá teoranta do ranníocaíochtaí na gcomhaltaí.

(42) Ós faoi dhlí an Aontais a bhunaítear SEAP, ba cheart é a rialú le dlí an Aontais, chomh maith le dlí an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh ionad oibríochta a bheith ag SEAP i mBallstát eile. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag dlí an Bhallstáit eile sin i leith ábhair shonracha a shainítear le Reachtanna an SEAP. Thairis sin, ba cheart SEAP a rialú le rialacha cur chun feidhme a chomhlíonann na Reachtanna.

(43) Chun a áirithiú go ndéantar rialú leordhóthanach ar chomhlíontacht leis an Rialachán seo, ba cheart do SEAP a thuarascáil bhliantúil a tharchur chuig an gCoimisiún agus chuig údaráis phoiblí ábhartha, chomh maith le haon fhaisnéis maidir le tosca atá ina mbagairt ghéar do bhaint amach a chúraimí. I gcás ina léirítear don Choimisiún, sa tuarascáil bhliantúil nó in aon rud eile, go sáraíonn an SEAP an Rialachán seo nó dlí eile is infheidhme ar bhonn tromchúiseach, ba cheart dó mínithe agus/nó gníomhaíochtaí a iarraidh ar an SEAP agus/nó ar a chomhaltaí. I gcásanna tromchúiseacha agus mura ndéantar aon bheart feabhais, d'fhéadfadh an Coimisiún an cinneadh lena mbunaítear an SEAP a aisghairm, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí an SEAP a fhoirceannadh.

(44) Ar ghlacadh ASAP, d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil a chur chun cinn arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú (Ráiteas Comhpháirteach an 11 Iúil 2023). Bhí an ráiteas comhpháirteach sin ó chomhreachtóirí ag teacht leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2013 inar iarradh córas cuimsitheach uile-Aontais le haghaidh Shlándáil an tSoláthair, agus leis an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2022 inar gríosaíodh an Coimisiún córas den sórt sin a chur i láthair gan mhoill.

(45) Ní hamháin gur léiríodh leis an ngéarchéim atá ann de dheasca chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil easnaimh in earnáil thionsclaíoch cosanta an Aontais agus na hÚcráine, ach tháinig dúshláin chun cinn freisin maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí cosanta. Go deimhin, mar gheall ar dhíghrádú seasta an chomhthéacs gheopholaitiúil, tháinig méadú suntasach marthanach ar an éileamh cheana a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le táirgí cosanta áirithe agus a gcomhpháirteanna a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas. Cé go bhfuil bearta déanta ag Ballstáit áirithe, nó gur dócha go ndéanfaidh siad bearta chun a stoic féin a chaomhnú mar bheart slándála náisiúnta, tá deacrachtaí ag Ballstáit eile rochtain a fháil ar na hearraí is gá chun na táirgí cosanta ábhartha a mhonarú nó a fháil. Uaireanta, cuireann deacrachtaí a bhaineann le rochtain a fháil ar amhábhar amháin nó ar chomhpháirt shonrach isteach ar na slabhraí táirgeachta ina n-iomláine. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú in imthosca ar bith agus chun é a dhéanamh athléimneach ar aon suaitheadh, is gá rialacha comhchuibhithe a bhunú, ar bhealach comhordaithe, chun slándáil an tsoláthair táirgí cosanta a mhéadú. Ba cheart na bearta sin a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE.

(46) Chun cuspóir ginearálta an bheartais phoiblí maidir leis an tslándáil a shaothrú, is gá saoráidí táirgthe a bhaineann le táirgeadh táirgí cosanta ábhartha a chur ar bun a luaithe is féidir, agus an t-ualach riaracháin á choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit caitheamh le hiarratais a bhaineann le pleanáil, le tógáil agus le hoibriú gléasra agus suiteálacha le haghaidh táirgeadh táirgí

cosanta ábhartha ar an mbealach is tapa is féidir. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'iarratais den sórt sin agus leasanna dlíthiúla á gcothromú sa chás aonair.

(47) I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo, agus na staide éigeandála agus an chomhthéacs eisceachtúil a bhaineann lena ghlacadh, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí a bhaineann le cosaint a úsáid faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais is infheidhme, de réir an cháis, má mheasann siad go n-éascódh úsáid díolúintí den sórt sin gnóthú an chuspóra sin. D'fhéadfadh feidhm a bheith aige sin go háirithe maidir le dlí an Aontais a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta, rud atá fíor-riachtanach chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a fheabhsú, chomh maith le forbairt inbhuanaithe agus shábháilte a bhaint amach. Mar sin féin, d'fhéadfadh bacainní rialála a bheith ann mar gheall ar chur chun feidhme an dlí sin, a chuirfeadh bac ar acmhainneacht thionscal cosanta an Aontais borradh a chur faoi tháirgeadh agus seachadadh táirgí cosanta ábhartha. Tá sé de fhreagracht chomhchoiteann ar an Aontas agus ar na Ballstáit breathnú go práinneach ar aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh siad a dhéanamh chun aon bhacainn a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú. Níor cheart d'aon ghníomhaíocht den sórt sin, bíodh sí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta, dochar a dhéanamh don chomhshaol, don tsláinte agus don tsábháilteacht.

(48) Is é is aidhm do Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle comhchuibhiú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain i réimse na cosanta agus na slándála lena mbeifear in ann ceanglais slándála na mBallstát agus na hoibleagáidí a eascraíonn as CFAE a chomhlíonadh. Tá forálacha sa Treoir sin, go háirithe, maidir le forálacha sonracha lena rialaítear cásanna práinne a eascraíonn as géarchéim, go háirithe tréimhsí giorraithe chun tairiscintí a fháil agus an fhéidearthacht an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Mar sin féin, i gcásanna fíorphráinne, go háirithe le linn géarchéimeanna soláthair agus slándála, d'fhéadfadh sé go mbeadh na rialacha sin ar neamhréir leis na forálacha sin i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe ag dhá Bhallstát nó níos mó páirt a ghlacadh i soláthar comhoibríoch. I gcásanna áirithe, is é an t-aon réiteach atá ann lena n-áirithítear leasanna slándála na mBallstát sin creat-chomhaontú atá ann cheana a oscailt d'údaráis chonarthacha/d'eintitis chonarthacha na mBallstát nach raibh ina bpáirtithe ann ar dtús, cé nach ndearnadh foráil maidir leis an bhféidearthacht sin sa chreat-chomhaontú bunaidh.

(49) I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá modhnuithe ar chonradh poiblí le bheith teoranta go docht don mhéid atá fíor-riachtanach sna himthosca, agus prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na trédhearcachta agus na comhréireachta á gcomhlíonadh a mhéid is féidir. I ndáil leis sin, ba cheart a bheith in ann maolú ar Threoir 2009/81/CE trí na cainníochtaí dá bhforáiltear i gcreat-chomhaontú a mhéadú agus é a oscailt d'údaráis chonarthacha/d'eintitis chonarthacha Ballstát eile an tráth céanna. A mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí breise sin, ba cheart na coinníollacha céanna a bheith ag na húdaráis chonarthacha/ag na heintitis chonarthacha sin agus atá ag an údarás conarthach bunaidh/ag an eintiteas conarthach bunaidh a thug an creat-chomhaontú bunaidh i gcrích. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach bunaidh/don eintiteas conarthach bunaidh cead a thabhairt d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann coinníollacha an údaráis chonarthaigh/an eintitis chonarthaigh a leagtar síos ar dtús sa nós imeachta soláthair le haghaidh an chreat-chomhaontaithe, lena n-áirítear ceanglais maidir le roghanna cáilíochtúla dá dtagraítear in Airteagail 39 go 46 de Threoir 2009/81/CE, páirt a ghlacadh sa chreat-chomhaontú sin. Ina theannta sin, ba cheart bearta iomchuí

trédhearcachta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirtear na páirtithe leasmhara féideartha uile ar an eolas.

(50) Cé gur freagairt thapa chinntitheach a bhí i bhfreagairt an Aontais agus a Bhallstát ar dhúshlán práinneach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is mithid don Aontas bogadh ón bpráinnfhreagairt agus ullmhacht fhadtéarmach an Aontais a fhorbairt. Tá athléimneacht ina réamhchoinníoll d'ullmhacht agus iomaíochas EDTIB. Tá uirlisí agus creataí forbartha ag an Aontas cheana chun ullmhacht thionsclaíoch agus athléimneacht a mhéadú chun dul i ngleic le staideanna géarchéime sa todhchaí. Mar sin féin, níl na bearta sin ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do EDTIB.

(51) Is gá, mar sin, córas modúlach le haghaidh Shlándáil an tSoláthair san Aontas a bhunú de réir a chéile chun feabhas a chur ar dhlúthpháirtíocht agus ar éifeachtacht, mar fhreagairt ar theannas ar feadh na slabhraí soláthair nó ar ghéarchéimeanna slándála, agus ionas go mbeifear in ann scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint in am trátha. Leis an gcóras sin, ba cheart an tAontas agus a Bhallstáit a bheith in ann iarmhairtí na ngéarchéimeanna soláthair a thuar agus aghaidh a thabhairt orthu, i gcás ina gcuireann ganntanais comhpháirteanna sibhialtacha nó dé-úsáide, nó ganntanais amhábhar, infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta i mbaol mór, chomh maith le hiarmhairtí na ngéarchéimeanna soláthair a bhaineann go díreach le géarchéim slándála a bheith ann laistigh den Aontas nó comharsanacht an Aontais a mbíonn ganntanais táirgí cosanta áirithe ann mar thoradh orthu.

(52) Chun bheith in ann ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an Coimisiún a chur ar an eolas má thagann siad ar an eolas faoi riosca go mbeidh suaitheadh tromchúiseach i soláthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa acu faoi aon toisc nó teagmhas riosca ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn. Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, i gcás ina bhfaigheadh sé amach go mbeadh riosca ann go mbeadh suaitheadh tromchúiseach i soláthar táirgí cosanta, nó ina bhfuil faisnéis nithiúil nó iontaofa aige faoi aon toisc riosca ábhartha eile nó faoi aon teagmhas ábhartha eile a thagann chun cinn, ba cheart don Choimisiún cruinniú urghnách den Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a thionól chun plé a dhéanamh ar dhéine na suaití agus ar thionscnamh féideartha an nós imeachta chun staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú, agus ar a iomchuí, riachtanaí agus comhréirí atá sé do na Ballstáit dul i mbun caibidlíochta le páirtithe leasmhara, d'fhonn na bearta coiscteacha sin a shainaithint, a ullmhú agus, b'fhéidir, a chomhordú. Ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb ábhartha, dul i mbun comhairliúcháin agus comhair le tríú tíortha ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhristeacha sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus gan dochar do cheanglais nós imeachta.

(53) I bhfianaise chastachtaí shlabhra soláthair na cosanta agus an riosca go mbeidh ganntanais ann amach anseo, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le hionstraimí le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtaca le mapáil agus faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair táirgí cosanta áirithe agus maidir le dul i ngleic go héifeachtach le suaití féideartha sa mhargadh ar bhealach comhréireach.

(54) Is é an cuspóir is ceart a bheith ag mapáil shlabhraí soláthair cosanta an Aontais anailís dá láidreachtaí agus dá laigí a chur ar fáil d'fhonn slándáil an tsoláthair agus athléimneacht a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún táirgí, comhpháirteanna agus amhábhair a shainaithint, ar táirgí, comhpháirteanna agus amhábhair iad a mheastar a bheith criticiúil chun táirgí cosanta a bhfuil tábhacht ar leith leo maidir le leasanna cosanta an Aontais agus a Bhallstát (táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime) a

sholáthar, ar bhonn na n-ionchur agus na comhairle ón mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint. Ba cheart an mhapáil a bhunú ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála agus, más gá, ar shonraí a fhaightear trí iarrataí deonacha ar fhaisnéis ar ghnóthais, i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

(55) D'fhonn suaití amach anseo i gcéimeanna éagsúla shlabhraí soláthair na cosanta san Aontas agus i dtrádáil laistigh den Aontas a thuar agus chun ullmhú lena n-aghaidh, ba cheart don Choimisiún liosta táscairí luathrabhaidh a shainaithint agus a fhorbairt, le cúnamh ón mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint agus ar bhonn thoradh na mapála. D'fhéadfaí a áireamh sna táscairí sin méaduithe neamhthipiciúla ar an aga seachadta, infhaighteacht na n-amhábhar, na dtáirgí idirmheánacha agus an chaipitil dhaonna is gá chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a mhonarú, nó trealamh monaraíochta iomchuí, an t-éileamh réamh-mheasta, méaduithe ar phraghsanna ar mó ná an ghnáthluaineacht praghsanna iad, tionchar géarchéimeanna slándála, timpistí, ionsaithe, tubaistí nádúrtha nó imeachtaí tromchúiseacha eile, tionchar beartas trádála, taraifí, srianta ar onnmhairiú, bacainní trádála agus bearta eile a bhaineann le trádáil, agus tionchar dúnta gnólachtaí, seachfhoinsithe nó fálacha príomhghníomhaithe margaidh. Ba cheart gníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin a dhíriú ar na táscairí luathrabhaidh sin.

(56) Chun an t-ualach ar ghnóthais a fhreagraíonn don fhaireachán a íoslaghdú agus chun a áirithiú gur féidir an fhaisnéis a fhaightear a thiomsú ar bhealach fóinteach, ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le modhanna caighdeánaithe slána le haghaidh aon bhailiú faisnéise. Ba cheart a áirithiú leis na modhanna sin go gcaithfear le haon fhaisnéis a bhailítear faoi rún, chun rúndacht ghnó agus cibearshlándáil a áirithiú.

(57) Ar an mbonn sin, ba cheart don Choimisiún liosta a tharraingt suas ina sainaithneofaí na táirgí cosanta atá ábhartha i gcás géarchéime, na hamhábhair chosanta nó na comhpháirteanna díobh, a ndéanann suaití nó suaití a d'fhéadfadh a bheith ann ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus a shlabhraí soláthair difear dóibh, rud atá ina chúis le ganntanais mhóra. Ba cheart don Choimisiún an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, chun díriú ar bhristeacha nó ar scrogaill a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil soláthair táirgí cosanta ábhartha, chomh maith le hamhábhair agus comhpháirteanna díobh, agus orthu sin amháin.

(58) Mar gheall ar a íogaire atá an cinneadh staid na géarchéime soláthair nó staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú, agus a íogaire atá na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar fhreagairt ar na staideanna sin, lena n-áirítear an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar ghnóthais phríobháideacha san Aontas, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle gníomh cur chun feidhme a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na staideanna sin a ghníomhachtú, a fhadú agus a fhoirceannadh.

(59) I gcás ina ndéantar staid na géarchéime soláthair nó staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann an fhaisnéis is gá a iarraidh ar ghnóthais chun infhaighteacht thráthúil táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, ar gnóthais iad a dhéileálann leis na táirgí sin, leis na hamhábhair nó le comhpháirteanna díobh, i gcomhaontú leis an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe. Ba cheart faisnéis den sórt sin a bheith mar bhonn eolais don chinneadh ón gCoimisiún maidir le bearta iomchuí faoin rialachán sin chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh nó ar scrogaill a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an tsoláthair

i gcás táirgí cosanta ábhartha chomh maith le hamhábhair agus comhpháirteanna ábhartha.

(60) Le sásra sainaitheanta, mapála agus faireacháin leanúnaigh den sórt sin, ba cheart a bheith in ann anailís neas-fhíorama a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgeachta san Aontas, ar thosca criticiúla a mbíonn tionchar acu ar shlándáil soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha, agus ar stádas stoc-charn. Leis an sásra sin, ba cheart a chur ar chumas an Choimisiúin freisin bearta práinnfhreagartha a cheapadh do ghanntanais iarbhír nó do ghanntanais a bhfuil coinne leo.

(61) Tá sé fíor-riachtanach ganntanais táirgí cosanta ábhartha a sheachaint chun cuspóir leas ginearálta slándála an Aontais agus a Bhallstát a chaomhnú agus chun údar a thabhairt, i gcás inar gá, do chineálacha cur isteach comhréireacha ar chearta bunúsacha na ngnóthas a sholáthraíonn táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, amhail an tsaoirse gnó a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Chairt agus an ceart chun maoine i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chairt, i ndáil le hAirteagal 52 den Chairt. D’fhéadfadh údar cuí a bheith le cineálacha cur isteach den sórt sin go háirithe i gcás ina bhfuil iarrachtaí sonracha déanta ag roinnt Ballstát an t-éileamh a chomhdhlúthú trí sholáthar comhpháirteach, rud a chuir ar an gcaoi sin le comhtháthú breise agus le feidhmiú rianúil an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh táirgí cosanta ábhartha.

(62) Mar rogha dheiridh chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha ríthábhachtacha leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, agus sna cásanna sin amháin, d’fhéadfadh an Coimisiún ceanglas a chur ar ghnóthais ábhartha glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d’imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí, seachas na hoibleagáidí sin a bhaineann go díreach le horduithe míleata, agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d’aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Ba cheart praghas cóir réasúnta a chur ar gach ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, agus leis an bpraghas sin, ba cheart deischostais an ghnóthais i leith conarthaí atá ann cheana féin a chur san áireamh.

(63) An tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an tsaoirse conartha a leagtar síos in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) agus an ceart chun maoine a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt, leis an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do tháirgeacht táirgí áirithe níor cheart difear díréireach a dhéanamh do na saoirsí agus na cearta sin. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa dlí, agus déanfar inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta leis.

(64) I gcás ina ndéantar staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú, ba cheart na bearta atá ar fáil faoi staid sin na géarchéime soláthair a bheith ar fáil freisin ar bhonn an mheasúnaithe ón gCoimisiún le tacaíocht ón Ardionadaí. Chomh maith leis sin, ba cheart don Chomhairle na bearta a mheasann sí a bheith iomchuí don ghéarchéim a ghníomhachtú. Chun déanamh amhlaidh, ba cheart don Chomhairle aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, sna Ballstáit, agus i measc shaoránaigh den Aontas.

(65) I gcás ina ndéantar staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú, agus chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag Ballstát, nó ina bhféadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ag Ballstát, maidir le hordú a dhéanamh nó conradh a fhorghníomhú chun táirgí cosanta a sholáthar i ngeall ar ghanntanais nó rioscaí tromchúiseacha i dtaca le ganntanais táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, ba cheart an Chomhairle a bheith in ann bearta a ghníomhachtú ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh infhaighteacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, amhail iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus a shlabhraí soláthair cosanta a áirithiú.

(66) Mar rogha dheiridh, le hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, ba cheart féachaint le haghaidh a thabhairt ar chásanna nach rabhthas in ann táirgí cosanta atá ábhartha i gcás géarchéime a tháirgeadh ná a sholáthar le bearta eile. Ba cheart an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a dhéanamh ar bhonn sonraí oibiachtúla, fíorasacha, intomhaiste a bhfuil bunús cuí leo. Leis an iarraidh sin, ba cheart aird a thabhairt ar leasanna dlisteanacha na ngnóthas, chomh maith leis an gcostas agus leis an iarracht is gá maidir le haon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Nuair a ghlacfar í, ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a dhéanamh thar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí. Gach iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi, ba cheart í a dhéanamh ar phraghas cóir réasúnta.

(67) D'fhonn tacú leis an gCoimisiún an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a bhunú ar a mbeidh an Coimisiún, an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta agus na Ballstáit. Chomh maith leis sin, lasmuigh de chreat an Rialacháin atá ann faoi láthair, tionólfaidh an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta agus an Coimisiún cruinnithe leis na comhaltaí i gcomhthéacs an Bhoird ar a dtionscnamh féin, agus déanfaidh siad comhchathaoirleacht ar na cruinnithe sin, chun an fheidhm maidir le clársceidealú agus soláthar comhpháirteach a fheidhmiú, agus chun treoraíocht straitéiseach agus comhairle a sholáthar d'fhonn ullmhacht thionsclaíoch EDTIB um an gcosaint a mhéadú i gcomhréir leis an Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach.

(68) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagail 101 go 109 CFAE agus do na gníomhartha dlí a thugann éifeacht do na hAirteagail sin.

(69) I gcomhréir le hAirteagal 41(2) CAE, tá caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as Caibidil 2 de Theideal V CAE le muirearú ar bhuiséad an Aontais, seachas an caiteachas sin a eascraíonn as oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

(70) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, bunaítear buiséad agus leagtar síos sraith beart arb é is aidhm dóibh tacú le hullmhacht thionsclaíoch an Aontais agus a Bhallstát um an gcosaint trí iomaíochas, freagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, agus arb é is aidhm dóibh freisin rannchuidiú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú Bhonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine (DTIB na hÚcráine), go háirithe trí bhíthin an mhéid seo a leanas:

(1) an Clár Eorpach um an Tionscal Cosanta (an 'Clár') a bhunú, ina bhfuil bearta chun iomaíochas, freagrúlacht agus cumas EDTIB a neartú, lena bhféadfar a áireamh ciste a bhunú chun dlús a chur le claochlú shlabhra soláthair na cosanta ('FAST');

(2) clár comhair leis an Úcráin a bhunú d'fhonn Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine (an 'Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin') a théarnamh, a atógáil agus a nuachóiriú;

(3) creat dlíthiúil lena leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir leis an héifeachtaí a bhaineann leis an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa (SEAP) a bhunú, mar a leagtar amach i gCaibidil III;

(4) creat dlíthiúil arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú, constaicí agus scrogaill a bhaint agus tacú le táirgí cosanta a tháirgeadh mar a leagtar amach i gCaibidil IV;

(5) Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a bhunú mar a leagtar amach i gCaibidil V.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'comhaontú réamhcheannaigh' conradh poiblí le gnóthas amháin nó níos mó arb é is aidhm don chonradh sin tacú le forbairt agus/nó táirgeadh tapa táirge, agus ar dá bhua atá an ceart líon sonrach táirgí a cheannach laistigh de thréimhse ama ar leith agus ar phraghas ar leith faoi réir réamh-mhaoiniú cuid de na costais tosaigh atá roimh na gnóthais lena mbaineann. Cé go bhfuil comhaontú réamhcheannaigh ceangailteach ó thaobh dlí de ar na húdaráis chonarthacha rannpháirteacha agus ar an gconraitheoir, ní mór é a chur chun feidhme a thuilleadh trí na conarthaí leis na conraitheoirí lena mbaineann a thabhairt i gcrích;

(2) ciallaíonn 'scrogall' pointe plódaithe i gcóras táirgthe a stopann an táirgeadh nó a chuireann moill mhór air;

(3) ciallaíonn ‘oibríocht mheasctha’ gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráid mheasctha nó ardán measctha mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [2018/1046], lena gcomhcheanglaítear cineálacha tacaíochta neamh-inaisíoctha agus/nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais le cineálacha tacaíochta inaisíoctha ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile nó ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí tráchtála

(4) ciallaíonn ‘soláthar comhoibríoch’ soláthar a dhéanann trí Bhallstát ar a laghad i gcomhpháirt le chéile;

(5) ciallaíonn ‘rialú’ an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

(6) ciallaíonn ‘faisnéis rúnaicmithe’ faisnéis nó ábhar, i bhfoirm ar bith, a bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe ina leith a bheith ina chúis le leibhéil éagsúla dochair do leasanna an Aontais, nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, agus ar a bhfuil marc rúnaicmithe de chuid an Aontais nó marc rúnaicmithe comhfhreagrach, de réir mar a bhunaítear é sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh;

(7) ciallaíonn ‘táirgí cosanta’ aon táirge a bhaineann le cosaint dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2009/43/CE;

(8) ciallaíonn ‘struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin’ comhlacht eintitis dhlítheanaigh, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(9) ciallaíonn ‘eintiteas dlítheanach’ duine dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas agus a aithnítear mar eintiteas faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil an inniúlacht aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige dá dtagraítear in Airteagal 197(2), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046;

(10) ciallaíonn ‘gníomhaíocht nuálaíochta cosanta’ gníomhaíocht arb é atá inti go príomha gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh, go díreach, pleananna agus socruithe nó dearaí a tháirgeadh i gcomhair táirgí, próisis nó seirbhísí cosanta nua, athraithe nó feabhsaithe, agus a bhféadfadh fréamhshamhlú, tástáil, taispeáint, píolótú, bailíochtú táirgí ar mhórscála agus macasamhlú an mhargaidh a bheith san áireamh leo

(11) ciallaíonn ‘cuideachta mheánchaipitlithe’ fiontar nach FBM é agus a fhostaíonn uaslíon 3 000 duine, i gcás ina ríomhtar líon na foirne i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE

(12) ciallaíonn ‘eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe’ eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe, nó eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe, ach a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin aige i dtríú tír neamhchomhlachaithe;

(13) ciallaíonn ‘comhaontú ceannaigh’ aon chomhaontú conarthach idir [trí] Bhallstát ar a laghad agus aon mhonaróir táirgí cosanta amháin ar a laghad, ar comhaontú é ina

bhfuil gealltanas ó na Ballstáit cainníocht áirithe táirgí cosanta a sholáthar le linn tréimhse áirithe, nó gealltanas ó mhonaróir na dtáirgí cosanta an rogha a thabhairt do na Ballstáit déanamh amhlaidh.

(14) ciallaíonn ‘gníomhaire soláthair’ údarás conarthach mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1), pointe (1), de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE, atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa nó eagraíocht idirnáisiúnta arna ainmniú ag na Ballstáit, ag tíortha comhlachaithe nó ag an Úcráin chun soláthar comhoibríoch a dhéanamh ar a son;

(15) ciallaíonn ‘aga seachadta’ an tréimhse ama idir ordú ceannaigh a chur isteach agus an t-ordú a chur i gcrích ag an monaróir;

(16) ciallaíonn ‘amhábhair’ na hábhair is gá chun táirgí cosanta a tháirgeadh;

(17) ciallaíonn ‘séala barr feabhais’ lipéad cáilíochta a thugann le fios gur sháraigh togra a cuireadh isteach le haghaidh glao ar thograí faoin Ionstraim na tairseacha meastóireachta ar fad a leagtar amach sa chlár oibre, ach nach bhféadfaí é a chistiú de dheasca easpa buiséid a bheith ar fáil don ghlao sin ar thograí sa chlár oibre, agus a d’fhéadfadh tacaíocht a fháil ó fhoinsí eile cistithe de chuid an Aontais nó ó fhoinsí cistithe náisiúnta eile;

(18) ciallaíonn ‘géarchéim slándála’ aon chás i mBallstát, i dtríú tír chomhlachaithe nó i dtríú tír neamhchomhlachaithe inar tharla teagmhas díobhálach nó ina meastar go bhfuil teagmhas díobhálach in aicearracht, lena n-áirítear coinbhleachtaí armtha agus cogaidh, a sháraíonn gnéithe teagmhas díobhálach sa saol laethúil, agus a chuireann saol agus sláinte daoine i mbaol go mór, nó a chuireann srian le saol agus sláinte daoine, nó lena gceanglaítear bearta chun riachtanais a sholáthar don phobal, nó a bhfuil tionchar mór aige ar luachanna réadmhaoine;

(19) ciallaíonn ‘faisnéis íogair’ faisnéis agus sonraí, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, atá le cosaint ar rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí arna leagan síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó atá le cosaint ar mhaithe le príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó duine dlítheanach a chosaint;

(20) ciallaíonn ‘fiontair bheaga agus mheánmhéide’ nó ‘FBManna’ fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún;

(21) ciallaíonn ‘fochonraitheoirí sa soláthar comhoibríoch’ aon eintiteas dlítheanach a sholáthraíonn ionchuir chriticiúla a bhfuil tréithe uathúla acu, ar tréithe iad atá fíor-riachtanach maidir le feidhmiú táirge agus ar a leithdháiltear 15 % ar a laghad de luach an chonartha.

(22) ciallaíonn ‘cuideachta mheánchaipitlithe bheag’ fiontar nach FBM é ná nach mó ná 499 nduine a líon fostaithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, ná nach sáraíonn a láimhdeachas bliantúil EUR 100 milliún ná nach sáraíonn a chlár comhardaithe bliantúil EUR 86 mhilliún;

(23) ciallaíonn ‘táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime’ táirgí cosanta ábhartha nó príomh-chomhpháirteanna nó amhábhair díobh nó aon táirge nó seirbhís atá criticiúil ó thaobh a soláthair de a sainaithníodh mar tháirgí cosanta a ndéantar difear mór dóibh mar gheall ar bhriseadh nó suaitheadh féideartha i bhfeidhmiú an mhargaidh aonair

agus a shlabhraí soláthair as a n-eascraíonn ganntanais shuntasacha iarbhír nó fhéideartha.

# Caibidil II

# Roinn 1: Forálacha ginearálta is infheidhme maidir leis an gClár agus maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin

*Airteagal 3*

**Maoiniú a úsáid nach bhfuil nasctha le costais**

1. Féadfaidh deontais a bheith i bhfoirm maoiniúchán nach bhfuil nasctha le costais, de bhun Airteagal 180(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. I gcás ina bhfuil an deontas ón Aontas i bhfoirm maoiniúchán nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-atreisítear EDTIB, féadfar leibhéal na ranníocaíochta ón Aontas a thugtar do gach gníomhaíocht a shainiú ar bhonn fachtóirí amhail an méid seo a leanas:

   (a) castacht an tsoláthair chomhoibríoch, a bhféadfadh cion de luach measta an chonartha soláthair chomhoibríoch agus an taithí a fuarthas agus gníomhaíochtaí comhchosúla á ndéanamh feidhmiú mar mhéid ionadach ina leith ar dtús;

   (b) saintréithe an chomhair ar dócha go n-eascródh torthaí idir-inoibritheachta níos fearr agus comharthaí infheistíochta fadtéarmacha don tionscal astu, go háirithe i gcás ina gcumhdófaí gníomhaíochtaí a bheadh incháilithe le haghaidh cistithe ó bhuiséad an Aontais leis an soláthar comhoibríoch, e.g. taighde agus forbairt, tástáil agus deimhniúchán, táirgeadh tosaigh nó gníomhaíochtaí tacaíochta inseirbhíse;

   (c) an líon Ballstát rannpháirteach agus an líon tíortha comhlachaithe rannpháirteacha, sin nó tuilleadh Ballstát nó tíortha comhlachaithe a áireamh i gcomhair atá ann cheana;

   (d) an iarracht atá nasctha le borradh a chur faoi na hacmhainneachtaí monaraíochta is gá;

   (e) soláthar cainníochtaí breise le haghaidh na mBallstát eile (comhthiomsú ullmhachta cosanta).

3. I gcás ina bhfuil an deontas ón Aontas i bhfoirm maoiniúchán nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-atreisítear DTIB na hÚcráine, le cois na bhfachtóirí dá dtagraítear i mír 2, féadfar leibhéal na ranníocaíochta ón Aontas a bhunú ar fhachtóirí amhail an méid seo a leanas:

   (a) castacht phróiseas aontachais na hÚcráine, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha agus bearta chun cóineasú le '*acquis*' an Aontais a chur chun cinn;

   (b) na hiarrachtaí a bhaineann le próisis soláthair na hÚcráine um an gcosaint agus timpeallacht thionscal cosanta na hÚcráine a oiriúnú, lena n-áirítear chun caighdeáin ECAT a chomhlíonadh;

(c) na hiarrachtaí agus na rioscaí a bhaineann leis an gcogadh foghach leanúnach, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: an gá atá leis an mbonneagar a ndearnadh damáiste dó le linn an chogaidh a atógáil agus a nuachóiriú ar bhealach athléimneach agus, i gcás inarb ábhartha, é sin a dhéanamh le bearta iomchuí chun na héifeachtaí sin a sheachaint, a chosc, nó a laghdú agus, más féidir, a fhritháireamh.

*Airteagal 4*

**Cuspóirí**

1. Is é is aidhm don Chlár agus don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin ullmhacht thionsclaíoch EDTIB agus DTIB na hÚcráine um an gcosaint a mhéadú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) coigeartú an tionscail d'athruithe struchtúracha a thionscnamh agus dlús a chur leis, lena n-áirítear trína acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú agus borradh a chur fúthu, agus trí na slabhraí soláthair a oscailt le haghaidh comhar trasteorann agus infhaighteacht agus soláthar éifeachtach ar fud an Aontais, a bhaineann go háirithe, ar bhealach suntasach, le FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus cuideachtaí meánchaipitlithe eile;

(b) an comhar maidir le soláthar trealaimh cosanta a dhreasú chun rannchuidiú leis an dlúthpháirtíocht, chun éifeachtaí plódaithe a sheachaint, chun éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú agus chun ilroinnt iomarcach a laghdú, as a dtiocfaidh méadú i ndeireadh na dála ar chaighdeánú na gcóras cosanta agus idir-inoibritheacht níos fearr.

2. Leis na gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le téarnamh, athchóiriú agus nuachóiriú DTIB na hÚcráine, cuirfear san áireamh a chomhtháthú in EDTIB a d'fhéadfadh a tharlú amach anseo agus ar an gcaoi sin, rannchuideofar leis an gcobhsaíocht fhrithpháirteach, leis an tslándáil fhrithpháirteach, leis an tsíocháin fhrithpháirteach, leis an rathúnas frithpháirteach agus leis an inbhuanaitheacht fhrithpháirteach.

3. Na cuspóirí a leagtar amach i mír 1, pointe (a), saothrófar iad agus béim á leagan ar choigeartú an tionscail d'athruithe struchtúracha tapa a thionscnamh agus ar dhlús a chur leis sin, ar athruithe iad a fhorchuirtear mar thoradh ar an timpeallacht slándála atá ag athrú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin feabhas a chur ar inniúlacht na slabhraí soláthair oiriúnú do tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus dlús a chur leis an inniúlacht sin, acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú nó borradh a chur fúthu agus a n-agaí táirgeachta a laghdú le haghaidh táirgí cosanta ar fud an Aontais, agus cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint chomh maith leis an gcomhairle ón mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint á gcur san áireamh.

4. Na cuspóirí a leagtar amach i mír 1, pointe (b), saothrófar iad agus béim á leagan ar EDTIB a fhorbairt ar fud an Aontais ionas go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt go háirithe ar riachtanais na mBallstát maidir le táirgí cosanta ó thaobh cáilíochta, infhaighteachta, aga seachadta agus suímh de, i gcomhréir leis na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) agus go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais, agus cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint chomh maith leis an gcomhairle ón mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint á gcur san áireamh.

5. Na cuspóirí a leagtar amach i mír 2, saothrófar iad agus béim á leagan ar fheabhas a chur ar an gcomhar trasteorann idir EDTIB agus DTIB na hÚcráine, agus riachtanais na hÚcráine maidir le táirgí cosanta á gcur san áireamh, trí acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú nó borradh a chur fúthu i gcomhréir le caighdeáin ECAT, sócmhainní a chosaint, cúnamh teicniúil agus pearsanra a mhalartú, an comhar maidir le soláthar comhoibríoch táirgí cosanta don Úcráin agus an comhar maidir le táirgeadh ceadúnaithe a mhéadú trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó cineálacha eile comhair, e.g. comhfhiontair. Tabharfar aird ar leith ar an gcuspóir tacú leis an Úcráin ailíniú de réir a chéile le rialacha, le caighdeáin, le beartais agus le cleachtais ('acquis') an Aontais d'fhonn ballraíocht a bhaint amach san Aontas amach anseo.

*Airteagal 5*

**Buiséad**

1. Na himchlúdaigh airgeadais chun an Clár agus an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin a chur chun feidhme, beidh siad comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

   (a) i gcás gníomhaíochtaí lena n-atreisítear EDTIB: EUR 1 500 milliún i bpraghsanna reatha le haghaidh na tréimhse ón [... - cuir isteach dáta sonrach] go dtí an 31 Nollaig 2027 chomh maith le ranníocaíochtaí breise i gcomhréir le hAirteagal 6;

   (b) Le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-atreiseofar DTIB na hÚcráine: méid na ranníocaíochtaí breise i gcomhréir le hAirteagal 6, a mhéad a chuirtear i leataobh, faoi réir chonclúid an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 57.

2. Chun freagairt do chásanna gan choinne nó do riachtanais agus d'fhorbairtí nua, féadfaidh an Coimisiún ath-leithdháileadh 20 % ar a mhéad a dhéanamh ar an méid a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, cé is moite de na hacmhainní airgeadais breise dá dtagraítear in Airteagal 6(2) nach ndéanfar ath-leithdháileadh orthu.

3. An méid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5 den Airteagal seo, agus méideanna na ranníocaíochtaí breise dá dtagraítear in Airteagal 6, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear imscrúduithe ar phraghsanna agus córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó caiteachas a bhaineann le foireann arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Clár/gnéithe eile a bhaineann le hábhar a bhainistiú.

4. Anuas ar Airteagal 12(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí nár úsáideadh a thabhairt anonn go huathoibríoch agus féadfar iad a ghealladh agus a úsáid, faoi seach, go dtí 31 Nollaig na bliana airgeadais ina dhiaidh sin. Is é an méid a tugadh anonn is túisce a úsáidfear sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

5. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ar an dara fomhír agus ar an gceathrú fomhír d'Airteagal 209(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, is é a bheidh in aon ioncam agus aisíocaíocht ó ionstraimí airgeadais a bhunaítear faoin Rialachán seo

ioncam sannta inmheánach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, le haghaidh an Chláir nó le haghaidh an chláir a thiocfaidh i gcomharbas uirthi.

6. Chomh maith le hAirteagal 15 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn don mhéid téarnamh agus saoradh, cuirfear iad ar fáil arís don Chlár nó don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin, nó dá gcomharbaí i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh.

7. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

8. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun go gcumhdófar na costais is gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 a chomhlíonadh, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach gcuirfear i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí agus seirbhísí oibríochtúla criticiúla.

*Airteagal 6*

**Acmhainní airgeadais breise**

1. Na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó tríú páirtithe eile, féadfaidh siad ranníocaíochtaí airgeadais breise a chur ar fáil don Chlár, lena n-áirítear don Chiste lena luathaítear Claochlú Shlabhra Soláthair na Cosanta (FAST) dá dtagraítear in Airteagal 19 i gcomhréir le hAirteagal 208(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais sin de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a)(ii) [pointe (a) athmhúnlú FR], (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

2. Aon mhéid breise a fhaightear faoi bhearta sriantacha ábhartha an Aontais, ioncam sannta seachtrach a bheidh sa mhéid sin de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, agus úsáidfear é le haghaidh gníomhaíochtaí faoin Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena n-atreisítear DTIB na hÚcráine.

3. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, arna iarraidh sin dóibh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) den chéad fhomhír, de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Cuirfear leis na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (a) iad. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

---

6 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706).

4. I gcás nár thug an Coimisiún gealltanas dlíthiúil faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 3 agus sa bhliain 2028 ar a dhéanaí, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach, arna iarraidh sin don Bhallstát, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

# Roinn 2: An Clár

*Airteagal 7*

**Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di faoin gClár freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis an ranníocaíocht. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, nó d'fhéadfaí sraith aonair rialacha aon cheann de chláir an Aontais lena ndéantar ranníocaíocht a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile, agus d'fhéadfaí gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Ní sháróidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an ngníomhaíocht, agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

2. Chun Séala Barr Feabhais a fháil faoin gClár, comhlíonfaidh gníomhaíochtaí na coinníollacha seo a leanas ar fad:

   (a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin gClár;

   (b) comhlíontar leo na híoscheanglais cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí;

   (c) ní mhaoinítear iad faoin nglao sin ar thograí i ngeall ar shrianta buiséadacha.

3. I gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh CFRE nó CSE+ tacaíocht a thabhairt do thograí a chuirtear isteach le haghaidh glao ar thograí faoin gClár, tograí ar bronnadh Séala Barr Feabhais orthu i gcomhréir leis an gClár.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme agus cineálacha cistithe ón Aontas**

1. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 nó faoi bhainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

2. Féadfar an cistiú ón Aontas a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar agus ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha faoi Chlár InvestEU i gcomhréir le Teideal X de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

3. De mhaolú ar Airteagal 192(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, i gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(3), pointe (d), a fhaigheann cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais agus a dhéanann brabús, féadfaidh an Coimisiún an

céatadán den bhrabús a chomhfhreagraíonn don ranníocaíocht ón Aontas leis na costais incháilithe arna dtabhú iarbhír ag an tairbhí a bhfuil an ghníomhaíocht á déanamh aige a aisghabháil, suas le méid deiridh na ranníocaíochta ón Aontas. Ríomhtar an brabús le barrachas na bhfáltas roinnte ar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta, i gcás ina bhfuil fáltais teoranta do chistiú ón Aontas, do chistiú ó na Ballstáit lena n-áirítear soláthar, d'ioncam eile a ghintear le linn na gníomhaíochta agus d'aon ioncam a eascraíonn as an ngníomhaíocht. Féadfar tuilleadh mionsonraí a leagan amach sa chlár oibre.

4. De mhaolú ar Airteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais, i gcás inarb ábhartha agus inar gá chun gníomhaíocht a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo agus na costais a tabhaíodh roimh an dáta a cuireadh isteach an togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ar choinníoll nár cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí sin roimh an 5 Márta 2024 agus nár tugadh i gcrích iad sular síníodh an comhaontú deontais.

*Airteagal 9*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár**

Beidh an Clár oscailte le haghaidh rannpháirtíocht comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí de LEE iad, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (tíortha comhlachaithe).

*Airteagal 10*

**Eintitis dhlítheanacha incháilithe**

1. Beidh feidhm ag na critéir incháilitheachta a leagtar amach i míreanna 2 go 7, i dteannta na gcritéar a leagtar amach i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. Beidh faighteoirí an chistithe ón Aontas bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

3. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na bhfaighteoirí a úsáidtear chun críocha an ghníomhartha, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar chríoch tíre comhlachaithe. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha ar fáil go héasca d'fhaighteoirí san Aontas nó i dtír chomhlachaithe, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, a saoráidí, a sócmhainní, agus a n-acmhainní féin atá lonnaithe nó atá á sealbhú lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4.

4. Chun críoch gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár, ní bheidh na faighteoirí faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

5. De mhaolú ar mhír 4, eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, beidh sé incháilithe le bheith ina fhaighteoir má bhí glacadh a rialaithe ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe faoi réir scagadh de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, i gcás inar gá, má bhí sé faoi réir bearta maolaithe iomchuí, agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo á gcur san áireamh, nó má chuirtear ar fáil don Choimisiún ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát nó ag an tír chomhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta.

Tabharfar dearbhuithe leis na ráthaíochtaí sin nach sáróidh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht ag eintiteas dlítheanach den sórt sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4. Comhlíonfaidh na ráthaíochtaí Airteagal 11(8), pointe (c) freisin. Tabharfar bunús sna ráthaíochtaí go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha na gníomhaíochta, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) nach bhfeidhmeofar rialú an eintitis dhlítheanaigh ar bhealach lena gcuirfí srian nó teorainn lena chumas an ghníomhaíocht a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach, lena gcuirfí teorainn lena bhonneagar, saoráidí, sócmhainní, acmhainní, maoin intleachtúil nó saineolas is gá chun críocha na gníomhaíochta, nó lena mbainfí dá chumais agus de na caighdeáin is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh;

(b) go bhfuil cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis íogair a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus go bhfuil imréiteach náisiúnta slándála, arna eisiúint ag Ballstát nó ag tír chomhlachaithe, ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht, i gcás inarb iomchuí.

Má mheasann an Ballstát nó an tír chomhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach bunaithe go bhfuil siad iomchuí, féadfar tuilleadh ráthaíochtaí a sholáthar.

Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 57 ar an eolas faoi aon eintiteas dlítheanach eile a mheasfar a bheith incháilithe i gcomhréir leis an mír seo.

6. Agus gníomhaíocht incháilithe á déanamh ag faighteoirí, féadfaidh siad oibriú i gcomhar freisin le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe, nó atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as sócmhainní, bonneagar, saoráidí agus acmhainní na n-eintiteas dlítheanach sin, ar choinníoll nach sárófar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát leis sin. Beidh comhar den sórt sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus comhlíonfaidh sé Airteagal 11(8), pointe (c).

Ní bheidh aon rochtain neamhúdaraithe ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná ag eintiteas eile de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann le cur i ngníomh na gníomhaíochta agus seachnófar éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil sholáthar na n-ionchur atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Ní bheidh costais na ngníomhaíochtaí sin incháilithe chun tacaíocht a fháil ón gClár.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 go 6 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) údaráis chonarthacha na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe;

(b) Eagraíochtaí Idirnáisiúnta;

(c) an Clár um Struchtúir d’Armáil na hEorpa;

(d) an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

*Airteagal 11*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 incháilithe do chistiú. Beidh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 i gceist le gníomhaíocht incháilithe:

2. Le gníomhaíochtaí a bhaineann le comhar údarás poiblí i bpróisis soláthair cosanta (gníomhaíochtaí um an gcomhar cosanta), d’fhéadfaí an comhar a chumhdach le haghaidh soláthar comhoibríoch táirgí cosanta ar feadh saolré táirgí cosanta, lena n-áirítear chun Comhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a fhorbairt dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b).

3. Le gníomhaíochtaí a bhaineann le dlús a chur leis an gcoigeartú d’athruithe struchtúracha ar acmhainneacht táirgeachta na dtáirgí cosanta, lena n-áirítear a gcomhpháirteanna agus a n-amhábhair chomhfhreagracha a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear go hiomlán iad chun táirgí cosanta a tháirgeadh (gníomhaíochtaí atreisithe tionscail), féadfar an méid seo a leanas a chumhdach:

(a) acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana a bharrfheabhsú, a leathnú, a nuachóiriú, a uasghrádú nó a atreorú, nó acmhainneachtaí táirgeachta nua a bhunú, a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear na comhpháirteanna agus na hamhábhair sin go hiomlán chun táirgí cosanta a tháirgeadh, go háirithe d’fhonn acmhainneacht táirgeachta a mhéadú nó agaí táirgeachta a laghdú, lena n-áirítear ar bhonn na meaisín-uirlisí riachtanacha agus aon ionchur eile is gá a sholáthar nó a fháil;

(b) comhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann a bhunú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó cineálacha eile comhair thionsclaíoch, in iarracht thionsclaíoch chomhpháirteach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh foinsiú nó coimeád agus stoc-charnadh táirgí cosanta, comhpháirteanna agus amhábhar comhfhreagrach a chomhordú a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear na comhpháirteanna agus na hamhábhair sin go hiomlán chun táirgí cosanta a tháirgeadh, agus chun acmhainneachtaí táirgeachta agus pleananna táirgthe a chomhordú freisin;

(c) acmhainneachtaí borrtha monaraíochta caomhnaithe (‘saoráidí atá i gcónaí réidh le dul’) a fhorbairt agus a chur ar fáil le haghaidh táirgí cosanta, a gcomhpháirteanna agus a n-amhábhar comhfhreagrach, a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear na comhpháirteanna agus na hamhábhair sin go hiomlán chun táirgí cosanta a tháirgeadh, i gcomhréir le méideanna táirgeachta a ordaíodh nó atá beartaithe;

(d) tionsclú agus tráchtálú táirgí cosanta a chothú, ar táirgí cosanta iad a forbraíodh faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas nó (faoi chuimsiú) gníomhaíochtaí comhair eile a rinneadh le tacaíocht ó dhá Bhallstát ar a laghad, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó cineálacha eile comhair

thionsclaíoch a bhunú, lena gcuirtear borradh faoi tháirgeadh tosaigh agus faoi tháirgeadh ceadúnaithe, i gcás inarb iomchuí;

(e) tástáil, lena n-áirítear an bonneagar is gá, agus, de réir mar is iomchuí, deimhniú athchóirithe na dtáirgí cosanta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a ndífheidhmeacht agus chun gur féidir le húsáideoirí deiridh iad a úsáid.

4. Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh tacú le Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint a chur in úsáid.

5. Le gníomhaíochtaí tacaíochta, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a chumhdach:

(a) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht a mhéadú, lena n-áirítear trasdeimhniú táirgí cosanta agus gníomhaíochtaí as a dtagann aitheantas frithpháirteach an deimhnithe, nó chun cur chun feidhme caighdeán míleata a éascú;

(b) gníomhaíochtaí chun slándáil an tsoláthair agus athléimneacht a neartú, go háirithe trí rochtain ar mhargadh na cosanta a éascú le haghaidh FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, cuideachtaí meánchaipitlithe eile agus gnólachtaí nuathionscanta, agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh na deimhnithe cáilíochta agus táirgeachta is gá a fháil;

(c) oiliúint, athsciliú nó uas-sciliú pearsanra i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo;

(d) soláthar córas cosanta fisicí agus córas cibearchosanta i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3, lena n-áirítear rannpháirtíocht éifeachtach;

(e) comhordú agus gníomhaíochtaí maidir le tacaíocht (theicniúil), go háirithe i dtaca le haghaidh a thabhairt ar scrogaill in acmhainneachtaí táirgeachta agus i slabhraí soláthair d'fhonn táirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a dhaingniú agus dlús a chur leis an táirgeadh sin chun soláthar éifeachtach agus infhaighteacht thráthúil na dtáirgí sin a áirithiú;

(f) Tacaíocht ón Aontas do Chlár um Struchtúir d'Armáil na hEorpa, go háirithe chun Comhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b) a bhainistiú agus a choinneáil ar bun;

(g) Gníomhaíochtaí éigeandála, lena n-áirítear nuálaíocht éigeandála um an gcosaint i gcás ina ndéantar an beart dá dtagraítear in Airteagal 52 a ghníomhachtú.

6. I gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, i mír 3, pointe (d) agus i mír 5, pointe (a), is eintitis dhlítheanacha a dhéanfaidh an ghníomhaíocht, ar eintitis iad atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina bhfuil trí eintiteas dhlítheanacha ar a laghad atá bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúla nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Le linn na tréimhse iomláine ina ndéantar an ghníomhaíocht, ní dhéanfaidh an t-eintiteas céanna rialú díreach nó indíreach ar thrí cinn, ar a laghad, de na heintitis dhlítheanacha incháilithe sin atá bunaithe in dhá Bhallstát éagsúla nó in dhá thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad, agus ní dhéanfaidh siad rialú ar a chéile.

7. De mhaolú ar mhír 6, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht a dhéanamh leis an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa.

8. Ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe do chistiú faoin gClár:

(a) gníomhaíochtaí a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le hairm uathrialaitheacha mharfacha gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine;

(c) gníomhaíochtaí a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí atá faoi réir rialú nó srianadh ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear i dtéarmaí aistriú teicneolaíochta;

(d) gníomhaíochtaí nó codanna díobh, atá á maoiniú go hiomlán cheana féin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile.

*Airteagal 12*

**Forálacha sonracha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí soláthair chomhoibríoch**

1. Beidh na heintitis dhlítheanacha seo a leanas incháilithe do chistiú faoin gClár, agus na heintitis sin amháin:

(a) údaráis chonarthacha na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe;

(b) Eagraíochtaí Idirnáisiúnta;

(c) an Clár um Struchtúir d'Armáil na hEorpa;

(d) an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

2. Déanfaidh na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe atá rannpháirteach i soláthar comhoibríoch eintiteas dlítheanach incháilithe a cheapadh, d'aon toil, mar ghníomhaire soláthair, chun gníomhú thar a gceann chun críocha an tsoláthair chomhoibríoch sin. Is é an gníomhaire soláthair a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus tabharfaidh sé na conarthaí a thiocfaidh astu i gcrích leis na conraitheoirí thar ceann na dtíortha rannpháirteacha. Féadfaidh an gníomhaire soláthair a bheith rannpháirteach sa bheart mar thairbhí agus gníomhú mar chomhordaitheoir an chuibhreannais agus, dá bhrí sin, féadfaidh sé a bheith in ann cistí ón gClár agus cistí ó na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe rannpháirteacha a bhainistiú agus a chomhcheangal.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse áirithe ag údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha i réimsí na cosanta agus na slándála, a leagtar síos i dTreoir 2009/81/CE.

4. Na nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 2, beidh siad bunaithe ar chomhaontú a bheidh le síniú ag na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe rannpháirteacha leis an ngníomhaire soláthair faoi na coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre. Cinnfear leis an gcomhaontú, go háirithe, na socruithe praiticiúla a rialaíonn an soláthar comhoibríoch agus an próiseas cinnteoireachta maidir le roghnú an nós imeachta, measúnú na dtairiscintí agus dámhachtain an chonartha.

5. Cuirfidh an gníomhaire soláthair coinníollacha i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10, *mutatis mutandis*, maidir le nósanna

imeachta soláthair agus i gconarthaí le conraitheoirí agus fochonraitheoirí sa soláthar comhoibríoch.

6. Cuirfidh gníomhairí soláthair ráthaíochtaí agus bearta maolúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(6) ar fáil don Choimisiún. Cuirfear tuilleadh faisnéise maidir leis na bearta maolaithe agus maidir leis na ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó. Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 58 ar an eolas faoi aon fhógra arna thabhairt, agus déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir leis an mír seo.

7. Áireofar sa chonradh maidir le soláthar chomhoibríoch forálacha lena rialaítear ceannach cainníochtaí breise táirgí cosanta le haghaidh na mBallstát eile, na dtíortha comhlachaithe nó na hÚcráine.

Beidh na rialacha sin gan dochar do dhlí an Aontais is infheidhme agus beidh siad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta na mBallstát maidir le táirgí a bhaineann le cosaint a onnmhairiú.

*Airteagal 13*

**Forálacha sonracha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí um an tionscal a atreisiú**

1. I gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(3), pointe (a), (b) agus (c), chun bheith incháilithe do chistiú, beidh baint eisiach ag na gníomhaíochtaí le hacmhainneachtaí táirgeachta táirgí cosanta, lena n-áirítear a gcomhpháirteanna agus a n-amhábhair chomhfhreagracha, a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear na comhpháirteanna agus na hamhábhair sin go hiomlán chun táirgí cosanta a tháirgeadh.

2. Beidh na gníomhaíochtaí sin gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, agus go háirithe Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

*Airteagal 14*

**Forálacha sonracha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le Sásra Eorpach maidir le Díolacháin Mhíleata**

1. Chun a áirithiú go bhfuil táirgí cosanta AE ar fáil in am trátha agus i méideanna lena gcothaítear iomaíochas EDTIB agus, i gcás inarb ábhartha, iomaíochas DTIB na hÚcráine, tacóidh an Coimisiún leis an tsraith beart seo a leanas (MSM AE):

(a) catalóg aonair láraithe atá cothrom le dáta de tháirgí cosanta arna bhforbairt ag EDTIB a bhunú;

(b) comhthiomsú ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint a chruthú chun infhaighteacht a mhéadú agus dlús a chur le haga seachadta táirgí cosanta a mhonaraítear san Aontas, rud a áiritheoidh ceannach tosaíochta láithreach nó rogha maidir le húsáid/léas le haghaidh na mBallstát, na dtíortha comhlachaithe agus na hÚcráine;

(c) nósanna imeachta soláthair a éascú agus dlús a chur leo de mheon dlúthpháirtíochta;

(d) tacú le fothú acmhainneachta riaracháin a bhaineann le soláthar poiblí táirgí cosanta, arb é is aidhm dó soláthar comhpháirteach a éascú.

2. Déanfaidh an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an ardán le haghaidh TF chorparáideach a tharraingt suas, agus déanfaidh sé an t-ardán sin a sholáthar, ar ardán é is gá chun an chatalóg dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) den Airteagal seo a bhunú, ar bhonn na gcomhairliúchán leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

3. I gcás ina ndéanann na Ballstáit cainníochtaí breise a sholáthar go comhpháirteach, nó ina rannchuidíonn siad trí ranníocaíochtaí comhchineáil chun comhthiomsú ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) a thógáil, i gcomhthéacs an Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa, tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais don tionscnamh tríd an méid seo a leanas:

(a) tacaíocht do sholáthar comhoibríoch cainníochtaí breise dá dtagraítear in Airteagal 11(2);

(b) ranníocaíocht leis na costais dhíreacha agus indíreacha a bhaineann leis an gComhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint dá dtagraítear in Airteagal 11(5), pointe (f) a bhainistiú agus a choinneáil ar bun;

(c) ranníocaíocht le fothú acmhainneachta riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 11(5).

4. Measfar gur conradh idir rialtais é an soláthar, dá dtagraítear in Airteagal 13, pointe (f) de Threoir 2009/81/CE, i gcás ina ndéanann na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe nó an Úcráin ceannach ón gcomhthiomsú ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint arna bhainistiú ag an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa.

*Airteagal 15*

**Forálacha sonracha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint**

1. Féadfaidh an Coimisiún Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint a shainaithint le haghaidh cistithe sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 18.

2. Agus na tionscadail dá dtagraítear i mír 1 á sainaithint ag an gCoimisiún, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé breithniú cuí ar an treoraíocht a chuirtear ar fáil i gcomhthéacs an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, go háirithe a mhéid a rannchuidíonn an tionscadal leis an tosaíocht maidir le cumas arna sainaithint i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais, agus ar chuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint;

(b) sainaithneoidh sé riachtanais mhaoinithe fhoriomlána agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh bhuiséad an Aontais;

(c) cuirfidh sé san áireamh aon tuairim ó na Ballstáit.

3. Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint, comhlíonfaidh siad na critéir ghinearálta seo a leanas:

(a) is é is aidhm don tionscadal cumais a fhorbairt, lena n-áirítear na cumais sin lena n-áirithítear rochtain ar réimsí straitéiseacha agus spásanna iomaíocha, ar chumasóirí straitéiseacha agus, de réir mar is iomchuí, ar chórais atá ag

gníomhú mar bhonneagar cosanta Eorpach ar mhaithe le leas coiteann agus úsáid choiteann;

(b) is mó na buntáistí foriomlána a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ná na costais a bhaineann leis, lena n-áirítear san fhadtéarma.

4. Beidh ceithre Bhallstát ar a laghad páirteach i dTionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint. Beidh an Coimisiún Eorpach in ann páirt a ghlacadh sa tionscadal i gcás inarb ábhartha.

5. Measfar go rannchuidíonn Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint leis na cumais chosanta atá criticiúil maidir le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, agus dá bhrí sin, gur chun leas an phobail é. Féadfar iad a bhunú faoi chuimsiú na gClár um Struchtúir d'Armáil na hEorpa dá dtagraítear i gCaibidil III.

6. Féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin a thabhairt do Thionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint.

7. An ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear in Airteagal 17, ní rachaidh sí thar 25 % den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

8. Féadfar cur in úsáid Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1), pointe (c), de Threoir 92/43/CEE agus mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60. Dá bhrí sin, féadfar pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgeachta lena mbaineann a mheas mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá fágtha a leagtar amach sna forálacha seo.

*Airteagal 16*

**Critéir dhámhachtana**

1. Is ar bhonn na gcritéar seo a leanas a dhéanfar measúnú ar gach togra:

(a) ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint: rannchuidiú leis an iomaíochas, acmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú, agaí seachadta a laghdú, deireadh a chur le scrogaill agus idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht a mhéadú dá réir;

(b) athléimneacht thionsclaíoch um an gcosaint: thionsclaíoch i réimse na cosanta: rannchuidiú leis an athléimneacht, infhaighteacht agus soláthar tráthúil do na shuíomhanna uile a mhéadú, slándáil an tsoláthair a neartú ar fud an Aontais agus an neamhspleáchas ar fhoinsí de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a mhéadú.

(c) comhar tionsclaíoch um an gcosaint: fíorchomhar armála a chothú idir na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe nó an Úcráin, agus comhar trasteorann a fhorbairt agus a oibríochtú idir gnóthais atá bunaithe i mBallstáit éagsúla, i dtíortha comhlachaithe éagsúla nó san Úcráin, lena mbaineann, go háirithe, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus cuideachtaí meánchaipitlithe eile atá rannpháirteach mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar ghnóthais eile sa slabhra soláthair;

(d) cáilíocht phlean cur chun feidhme na gníomhaíochta, go háirithe bearta chun agaí seachadta a urramú, lena n-áirítear i dtéarmaí a phróiseas agus i dtéarmaí faireacháin.

2. Leagfar síos sa chlár oibre tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a leagtar síos i mír 1, lena n-áirítear aon ualú le cur i bhfeidhm. Ní shocrófar tairseacha aonair leis an gclár oibre.

*Airteagal 17*

**Ranníocaíocht airgeadais ón Aontas**

1. De mhaolú ar Airteagal 190 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a mhaoiniú leis an gClár. Mar sin féin, maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(3), ní bheidh an tacaíocht ón gClár níos airde ná 35 % de na costais incháilithe.

2. Beidh gníomhaíocht incháilithe do ráta cistithe méadaithe i gcás ina gcomhlíonann sí ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(a) déantar an ghníomhaíocht a fhorbairt i gcomhthéacs an Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa (SEAP), dá dtagraítear i gCaibidil III den Rialachán seo nó i gcomhthéacs thionscadal PESCO, ar choinníoll go gcomhlíonann an tionscadal sin oibleagáidí atá inchomparáide leis na hoibleagáidí faoi Airteagail 22(1), 23(1), 25 agus 26 den Rialachán seo, agus ar choinníoll nár bhain sé tairbhe as ráta cistithe méadaithe inchomparáide i gclár cistithe eile de chuid an Aontais;

(b) Is í an Úcráin faighteoir na dtáirgí cosanta a tháirgtear nó a sholáthraítear faoin gClár, agus tá na táirgí sin faoi réir tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid Eorpach Síochána;

(c) Comhaontaíonn na Ballstáit cur chuige coiteann maidir le honnmhairí le haghaidh táirgí cosanta a fhorbraítear agus a sholáthraítear i gcomhthéacs an Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa (SEAP);

(d) is FBM nó cuideachta mheánchaipitlithe bheag é an tairbhí, nó is FBManna nó cuideachtaí meánchaipitlithe beaga iad tromlach na dtairbhithe atá rannpháirteach i gcuibhreannas.

3. Leis an gclár oibre, leagfar síos rialacha breise, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, na rátaí cistithe méadaithe dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 18*

**Cláir oibre**

1. Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach sna cláir oibre na gníomhaíochtaí agus an buiséad gaolmhar is gá chun cuspóirí an Chláir a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.

2. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

*Airteagal 19*

**An Ciste lena luathaítear Claochlú Shlabhra Soláthair na Cosanta (FAST)**

1. Chun an riosca a bhaint de na hinfheistíochtaí is gá chun acmhainneachtaí monaraíochta cosanta FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a mhéadú, chun dlús a chur leis na hinfheistíochtaí sin agus chun iad a ghiaráil, d'fhéadfaí oibríocht mheasctha a bhunú lena gcuirtear tacaíocht fiachais agus/nó tacaíocht chothromais ar fáil (An Ciste lena luathaítear Claochlú Shlabhra Soláthair na Cosanta (FAST)). Cuirfear chun feidhme í i gcomhréir le Teideal X de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 agus Rialachán (AE) 2021/523[7].

2. Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha a shaothrófar le FAST:

   (a) éifeacht iolraitheora shásúil a bhaint amach i gcomhréir leis an meascán de fhiach agus cothromas, agus rannchuidiú le maoiniú ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon a mhealladh;

   (b) tacaíocht a thabhairt do FBManna (lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis) agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga ar fud an Aontais a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú agus a bhfuil an méid seo a leanas ábhartha dóibh:

      (i) déanann siad teicneolaíochtaí cosanta a thionsclú agus/nó táirgí cosanta a mhonarú, nó tá beartaithe acu déanamh amhlaidh; nó

      (ii) tá siad mar chuid de shlabhra soláthair an tionscail chosanta, nó tá beartaithe iad a bheith mar chuid de;

   (c) dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na monaraíochta teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta, agus dá bhrí sin, slándáil an tsoláthair a neartú i slabhraí luacha thionscal cosanta an Aontais.

## Roinn 3: An Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin

*Airteagal 20*

**Forálacha sonracha is infheidhme maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 13 maidir le gníomhaíochtaí faoin Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 8, 11, 12, 14, 16, 17 agus 18.

2. De mhaolú ar Airteagal 17(1), féadfaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(3) suas le 100 % de na costais incháilithe a mhaoiniú.

3. Ní bheidh feidhm ag tagairtí do thíortha comhlachaithe in Airteagail 8, 9, 11, 12, 14 agus 16 maidir leis an roinn seo.

4. Ní bheidh feidhm ag oibríochtaí measctha in Airteagal 8 maidir leis an roinn seo.

---

7 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, (IO L 107, 26.3.2021, lgh. 30–89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

*Airteagal 21*

**Eintitis dhlítheanacha incháilithe**

1. Beidh feidhm ag na critéir incháilitheachta a leagtar amach i míreanna 2 go 7 i dteannta na gcritéar a leagtar amach i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. Faighteoirí cistithe ón Aontas, beidh siad bunaithe san Aontas nó san Úcráin.

3. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na bhfaighteoirí a úsáidtear chun críocha an ghníomhaíochta, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar chríoch na hÚcráine. I gcás nach bhfuil aon rogha malartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha ar fáil go héasca d'fhaighteoirí san Aontas nó san Úcráin, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, a saoráidí, a sócmhainní agus a n-acmhainní atá lonnaithe nó atá á sealbhú lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na hÚcráine, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4.

4. Chun críoch na gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin, ní bheidh na faighteoirí faoi réir rialú ag tríú tír ná ag eintiteas tríú tír.

5. De mhaolú ar mhír 4, eintiteas dlíthiúil atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, beidh sé incháilithe le bheith ina fhaighteoir má bhí sé faoi réir scagadh de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, i gcás inar gá, má bhí sé faoi réir bearta maolaithe, agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo á gcur san áireamh, nó má chuirtear ar fáil don Choimisiún ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta.

   Tabharfar dearbhuithe leis na ráthaíochtaí sin nach sáróidh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht ag eintiteas dlíthiúil den sórt sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4. Comhlíonfaidh na ráthaíochtaí Airteagal 11(8), pointe (c) freisin. Tabharfar bunús sna ráthaíochtaí go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha na gníomhaíochta, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

   (a) nach bhfeidhmeofar rialú an eintitis dhlíthiúil ar bhealach lena gcuirfí srian nó teorainn lena chumas an ghníomhaíocht a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach, lena gcuirfí teorainn lena bhonneagar, saoráidí, sócmhainní, acmhainní, maoin intleachtúil nó saineolas is gá chun críocha na gníomhaíochta, nó lena mbainfí dá chumais agus de na caighdeáin is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh;

   (b) go bhfuil cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír ar fhaisnéis íogair a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus go bhfuil imréiteach náisiúnta slándála arna eisiúint ag Ballstát ag na fostaithe nó ag na daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht, i gcás inarb iomchuí;

   Má mheasann an Ballstát ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe gurb iomchuí é, féadfar ráthaíochtaí breise a chur ar fáil.

   Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 57 ar an eolas faoi aon eintiteas dlíthiúil eile a mheasfar a bheith incháilithe i gcomhréir leis an mír seo.

6. Agus gníomhaíocht incháilithe á déanamh acu, féadfaidh faighteoirí oibriú i gcomhar freisin le heintitis dhlíthiúla atá bunaithe lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na hÚcráine, nó atá á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas de chuid tríú tír, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as sócmhainní, bonneagar, saoráidí agus acmhainní na n-eintiteas dlíthiúil sin, ar choinníoll nach sárófar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát leis sin. Beidh comhar den sórt sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus comhlíonfaidh sé Airteagal 11(8), pointe (c).

Ní bheidh aon rochtain neamhúdaraithe ag tríú tír nó ag eintiteas eile tríú tír ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann le cur i gcrích na gníomhaíochta agus seachnófar éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil sholáthar na n-ionchur atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Ní bheidh costais na ngníomhaíochtaí sin incháilithe chun tacaíocht a fháil ón gClár.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 go 6 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) údaráis chonarthacha na mBallstát agus na hÚcráine;

(b) Eagraíochtaí Idirnáisiúnta;

(c) Na Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa;

(d) An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

# Caibidil III

## An Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa

*Airteagal 22*

**Cuspóir sonrach agus gníomhaíochtaí SEAP**

1. Le Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa (SEAP), cothófar iomaíochas EDTIB agus DTIB na hÚcráine tríd an éileamh ar tháirgí cosanta a chomhiomlánú ar feadh a saolré.

2. Chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, is iad seo a leanas na príomhchúraimí a bheidh ar SEAP:

(a) soláthar comhoibríoch táirgí, teicneolaíochtaí nó seirbhísí cosanta, lena n-áirítear T&F cosanta, tástáil agus deimhniú, infheistíochtaí neamh-athfhillteacha a bhaineann le tacaíocht táirgthe tosaigh nó tacaíocht inseirbhíse;

(b) bainistiú saolré comhpháirteach táirgí cosanta, lena n-áirítear páirteanna spártha a sholáthar, seirbhísí lóistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, comhpháirtíochtaí poiblí bhríobháideacha a bhunú chun éifeachtúlacht agus infhaighteacht ard táirgí cosanta a áirithiú;

(c) an bainistiú dinimiciúil infhaighteachta le haghaidh cainníochtaí breise, lena n-áirithítear ceannach nó rogha maidir le húsáid/léas atá láithreach agus fabhrach le haghaidh na mBallstát, tíortha comhlachaithe nó na hÚcráine (An Comhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint).

*Airteagal 23*

**Ceanglais a bhaineann le SEAP a bhunú**

1. Déanfaidh SEAP na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) tacóidh SEAP le forbairt agus soláthar comhoibríoch táirgí agus seirbhísí cosanta i gcomhréir leis na tosaíochtaí cumais arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú CBES, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais;

(b) ar a laghad trí thír (Ballstáit, tíortha comhlachaithe nó an Úcráin) a bhunóidh SEAP.

(c) beidh dhá Bhallstát ar a laghad mar chomhaltaí ag SEAP;

(d) le SEAP, leanfar ar aghaidh le saolré an táirge nó na teicneolaíochta cosanta, go dtí go ndéanfar é a dhíchoimisiúnú.

2. Bainfidh SEAP úsáid as nósanna imeachta caighdeánaithe chun cláir chosanta chomhoibríocha a thionscnamh agus a bhainistiú agus urramóidh sé aon treoir nó teimpléad a chuirfidh an Coimisiún ar fáil dó, lena n-áirítear treoirlínte maidir le bainistiú, cistiú agus tuairisciú tionscadal.

*Airteagal 24*

**Iarratas ar SEAP a bhunú**

1. Na Ballstáit a dhéanann iarratas ar SEAP a bhunú ('na hiarratasóirí'), cuirfidh siad iarratas faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

(a) iarraidh ar an gCoimisiún an SEAP a bhunú;

(b) Reachtanna SEAP atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 27, arna síniú agus arna nglacadh i bhfoirm chuí ag na heintitis dhlíthiúla uile is iarratasóirí ar an SEAP atá beartaithe;

(c) tuairisc ar an trealamh, ar an teicneolaíocht nó ar an tseirbhís cosanta atá le soláthar agus le bainistiú go comhpháirteach ag an SEAP, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 23(1), pointí (a) agus (d);

(d) dearbhú ón mBallstát óstach lena n-aithnítear an SEAP mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagail 143(1)(g) agus 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1) de Threoir (AE) 2020/262, ón uair a bunaíodh é. Leagfar síos teorainneacha agus coinníollacha na ndíolúintí dá bhforáiltear sna forálacha sin i gcomhaontú idir comhaltaí an SEAP.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Cuirfear toradh an mheasúnaithe sin in iúl do na hiarratasóirí agus, más gá, iarrfar orthu an t-iarratas a chomhlánú nó a leasú.

3. Déanfaidh an Coimisiún, agus torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2 á gcur san áireamh aige agus i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58(3), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, lena ndéantar an méid seo a leanas:

(a) an SEAP a chur ar bun tar éis dó deimhniú dó féin go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo; nó

(b) an t-iarratas a dhiúltú má shocraíonn sé nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear in éagmais an dearbhaithe dá dtagraítear i mír (1) (d).

4. Cuirfear an cinneadh maidir leis an iarratas in iúl do na hiarratasóirí. I gcás ina ndiúltófar don iarratas, míneofar an cinneadh ar bhealach soiléir beacht do na hiarratasóirí.

5. Foilseofar an cinneadh lena mbunaítear an SEAP i Sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 25*

**Stádas agus suíomh SEAP**

1. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag SEAP ón dáta a thiocfaidh an cinneadh lena gcuirtear an SEAP ar bun i bhfeidhm.

2. I ngach Ballstát, beidh an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí an Bhallstáit sin ag SEAP. Féadfaidh sé, go háirithe, conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla. Measfaidh gníomhaireachtaí cistiúcháin náisiúnta uile na mBallstát gur faighteoir incháilithe ranníocaíochtaí airgeadais náisiúnta é (agus a nóid náisiúnta).

3. Beidh oifig chláraithe ag SEAP agus beidh an oifig sin lonnaithe ar chríoch Bhallstáit.

*Airteagal 26*

**Ceanglais maidir le ballraíocht**

1. Féadfaidh na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith ina gcomhaltaí de SEAP:

(a) Ballstáit;

(b) tíortha comhlachaithe;

(c) An Úcráin.

2. Féadfaidh na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe nó an Úcráin a bheith ina gcomhaltaí tráth ar bith tar éis bhunú an SEAP ar théarmaí cothroma réasúnacha a shonraítear sna Reachtanna dá dtagraítear in Airteagal 27 agus féadfaidh siad a bheith ina mbreathnóirí gan cearta vótála ar choinníollacha a shonraítear sna Reachtanna.

3. Féadfaidh SEAP comhoibriú freisin le tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó le heintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí na sócmhainní, an bonneagar, na saoráidí agus na hacmhainní a úsáid, ar choinníoll nach sárófar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát leis sin.

*Airteagal 27*

**Reachtanna**

1. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sna Reachtanna de chuid SEAP:

(a) liosta de chomhaltaí, de bhreathnóirí agus, i gcás inarb infheidhme, de na heintitis dhlítheanacha a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí agus na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le hathruithe ar bhallraíocht agus ar ionadaíocht i gcomhréir le hAirteagal 26;

(b) cuspóir sonrach, cúraimí agus gníomhaíochtaí an SEAP, i gcomhréir le hAirteagal 23;

(c) liosta den trealamh cosanta, teicneolaíocht chosanta agus/nó seirbhísí cosanta atá le bheith faoi chomhúinéireacht, más ann dóibh, agus atá i dteideal díolúine ó CBL agus/nó ó Dhleachtanna Máil;

(d) oifig chláraithe an SEAP i gcomhréir le hAirteagal 25;

(e) ainm an SEAP;

(f) an ré agus an nós imeachta chun an SEAP a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 32;

(g) an córas dliteanais, i gcomhréir le hAirteagal 30;

(h) cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí, lena n-áirítear an oibleagáid ranníocaíochtaí a dhéanamh le buiséad comhardaithe agus cearta vótála;

(i) comhlachtaí na gcomhaltaí, a róil agus a bhfreagrachtaí agus an modh ina bhfuil siad comhdhéanta agus ina ndéanfaidh siad cinntí, lena n-áirítear cinntí maidir le leasú na Reachtanna, i gcomhréir le hAirteagal 28,

(j) teangacha oibre an SEAP a shainaithint;

(k) tagairtí do rialacha lena gcuirtear na Reachtanna chun feidhme;

(l) an beartas slándála chun faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil.

2. Ina theannta sin, i gcás ina gcinnfidh comhaltaí SEAP Comhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b) a úsáid/a bhainistiú, áireofar sna reachtanna na rialacha lena rialaítear bainistiú Comhthiomsú Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b), lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cur chuige comhchoiteann maidir le honnmhairiú.

*Airteagal 28*

**Leasú ar na Reachtanna**

1. Cuirfidh an SEAP aon leasú ar na Reachtanna a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointí (a) go (h), faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas. Cuirfidh an Coimisiún Airteagal 24(2) i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

2. Cuirfidh an SEAP aon leasú ar na Reachtanna seachas an ceann dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 10 lá tar éis a ghlactha.

3. Féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne leasuithe dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 60 lá ón dáta a chuirtear isteach iad agus cúiseanna á dtabhairt aige lena mheas nach gcomhlíonann an leasú ceanglais an Rialacháin seo.

4. Ní thiocfaidh an leasú i bhfeidhm go dtí go mbeidh an tréimhse agóide imithe in éag nó go mbeidh an tréimhse sin tarscaoilte ag an gCoimisiún nó sula gcuirfear an agóid a rinneadh ar ceal.

5. Beidh an méid seo a leanas san iarratas ar an leasú:

(a) téacs an leasaithe atá beartaithe nó, i gcás inarb iomchuí, téacs an leasaithe mar a glacadh é, lena n-áirítear an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm;

(b) an leagan comhdhlúite leasaithe de na Reachtanna.

*Airteagal 29*

**Coinníollacha sonracha maidir le soláthar**

1. Féadfaidh SEAP Gníomhaire Soláthair a cheapadh a ghníomhóidh ina ainm.

2. Nuair a bheidh an Gníomhaire Soláthair ag soláthar le haghaidh SEAP, beidh sé faoi cheangal na rialacha céanna leis an SEAP lena mbaineann.

3. I gcás ina soláthraíonn sé táirge cosanta thar a cheann féin agus ina ainm féin, measfar SEAP a bheith ina eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 12(c) de Threoir 2009/81/CE. I gcás ina soláthróidh sé táirge cosanta thar ceann a chomhaltaí, déanfaidh SEAP, de mhaolú ar Airteagal 10 de Threoir 2009/81/CE, a rialacha féin a shainiú i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

4. Comhlíonfaidh soláthairtí SEAP na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12, míreanna 3 go 6.

*Airteagal 30*

**Dliteanas agus árachas**

1. Beidh SEAP faoi dhliteanas maidir lena chuid fiach.

2. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí as fiacha an SEAP teoranta dá ranníocaíochtaí faoi seach a rinne siad cheana leis an SEAP. Féadfaidh na comhaltaí a shonrú sna Reachtanna go ngabhfaidh siad dliteanas socraithe níos airde ná a ranníocaíochtaí faoi seach nó dliteanas neamhtheoranta orthu féin.

3. Má tá dliteanas airgeadais na gcomhaltaí teoranta, beidh árachas iomchuí ag an SEAP chun na rioscaí a bhaineann go sonrach le bunú agus bainistiú an chumais a chumhdach.

4. Ní bheidh an tAontas faoi dhliteanas, lena n-áirítear maidir le haon fhiachas de chuid an SEAP.

*Airteagal 31*

**An dlí agus an dlínse is infheidhme**

1. Rialófar bunú agus feidhmiú inmheánach SEAP:

   (a) le dlí an Aontais, go háirithe an Rialachán seo, agus leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 24(3)(a);

   (b) le dlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe an SEAP i gcás nithe nach rialaítear le gníomhartha dá dtagraítear i bpointe (a) nó nach rialaítear ach go páirteach leo;

   (c) leis na Reachtanna agus lena rialacha cur chun feidhme.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca le dlíthíocht i measc na gcomhaltaí maidir leis an SEAP, idir na comhaltaí agus an SEAP agus i dtaca le dlíthíocht ina bhfuil an tAontas ina pháirtí.

3. Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le dlínse i ndáil le díospóidí idir SEAP agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe an SEAP a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

*Airteagal 32*

**Foirceannadh agus dócmhainneacht**

1. Cinnfear leis na Reachtanna an nós imeachta a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás ina ndéanfar an SEAP a fhoirceannadh tar éis cinneadh a fháil ó thionól na gcomhaltaí nó i gcás ina n-aisghairfidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an SEAP, dá dtagraítear in Airteagal 33(6). Féadfar aistriú gníomhaíochtaí go heintiteas dlítheanach eile a áireamh le foirceannadh.

2. Gan moill mhíchuí tar éis cinneadh a bheith glactha ag tionól na gcomhaltaí chun an SEAP a fhoirceannadh, agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis an ghlactha sin, cuirfidh an SEAP an méid sin in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún fógra iomchuí faoin gcinneadh chun foirceannadh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Gan moill mhíchuí tar éis an nós imeachta foirceanta a dhúnadh, agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis an dúnta sin, cuirfidh an SEAP an méid sin in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún fógra iomchuí faoin dúnadh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Scoirfidh an SEAP de bheith ann lá foilsithe an fhógra.

4. Tráth ar bith, i gcás nach mbeidh an SEAP in ann a fhiacha a íoc, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún láithreach. Foilseoidh an Coimisiún fógra iomchuí faoi sin i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 33*

**Tuairisciú agus rialú**

1. Cuirfidh SEAP tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh tuairisc theicniúil agus tuarascáil airgeadais ar a chuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear in

Airteagal 22. Déanfar í a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais.

2. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a sholáthar don SEAP maidir leis na hábhair a chumhdaítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

3. Cuirfidh SEAP agus na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi aon imthosca a d'fhéadfadh baint amach chúram an SEAP a chur i mbaol tromchúiseach nó a d'fhéadfadh bac a chur ar an SEAP na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

4. I gcás ina léirítear don Choimisiún go bhfuil SEAP ag gníomhú de shárú tromchúiseach ar an Rialachán seo, ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear é, ar a reachtanna nó ar dhlí eile is infheidhme, iarrfaidh sé mínithe ar an SEAP agus/nó ar a chomhaltaí.

5. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, tar éis dó am réasúnach a thabhairt don SEAP agus/nó dá chomhaltaí a mbarúlacha a thabhairt, go bhfuil an SEAP ag gníomhú de shárú tromchúiseach ar an Rialachán seo, ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear é, ar a reachtanna nó ar dhlí eile is infheidhme, féadfaidh sé gníomhaíocht feabhais a mholadh don SEAP agus dá chomhaltaí.

6. I gcás nach ndéantar aon ghníomhaíocht feabhais, féadfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an SEAP a aisghairm. Foilseofar an gníomh aisghairthe i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Le foilsiú an ghnímh, spreagfar foirceannadh an SEAP.

# Caibidil IV

# Slándáil an tsoláthair

## ROINN 1

## ULLMHACHT

*Airteagal 34*

**Coinníollacha chun creat-chomhaontuithe a oscailt le Ballstáit eile**

1. I gcás ina ndéanfaidh ar a laghad dhá Bhallstát comhaontú chun táirgí cosanta a sholáthar go comhoibríoch agus i gcás ina mbeidh údar maith leis sin mar gheall ar fhíorphráinn an cháis, féadfar na rialacha dá bhforáiltear i míreanna 2 go 6 a chur i bhfeidhm maidir le creat-chomhaontuithe nach n-áirítear iontu rialacha lena rialaítear an fhéidearthacht é a leasú go substaintiúil ionas go bhféadfaidh feidhm a bheith ag a fhorálacha maidir le húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha nach páirtithe iad sa chreat-chomhaontú ar dtús.

2. De mhaolú ar Airteagal 29(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/81/CE, féadfaidh údarás conarthach/eintiteas conarthach creat-chomhaontú atá ann cheana a mhodhnú, ar creat-chomhaontú é le gnóthas a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach in Airteagal 10, míreanna 1 agus 2, agus ar creat-chomhaontú é a tugadh i gcrích i gcomhréir le ceann amháin de na nósanna imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 25 den Treoir sin, ionas go bhféadfaidh feidhm a bheith ag a fhorálacha maidir le

húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha nach páirtithe iad sa chreat-chomhaontú ar dtús.

3. De mhaolú ar Airteagal 29(2), an tríú fomhír, de Threoir 2009/81/CE, féadfaidh údarás conarthach/eintiteas conarthach leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na cainníochtaí a leagtar síos i gcreat-chomhaontú atá ann cheana, ar creat-chomhaontú é le gnóthas a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach in Airteagal 10, míreanna 1 agus 2, a mhéid is fíorghá chun mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. I gcás ina ndéantar cainníochtaí a leagtar síos i gcreat-chomhaontú atá ann cheana a mhodhnú go substaintiúil de bhun na míre seo, aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann coinníollacha an údaráis chonarthaigh/an eintitis chonarthaigh a leagadh síos ar dtús sa nós imeachta soláthair phoiblí don chreat-chomhaontú, lena n-áirítear ceanglais maidir le roghnú cáilíochtúil dá dtagraítear in Airteagail 39 go 46 de Threoir 2009/81/CE, agus a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach in Airteagal 10, míreanna 1 agus 2, tabharfar an deis dó páirt a ghlacadh sa chreat-chomhaontú sin. Tabharfaidh an t-údarás conarthach/an t-eintiteas conarthach an fhéidearthacht sin trí bhíthin fógra *ad hoc* a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

4. Beidh feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le conarthaí agus creat-chomhaontuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 i ndáil leis na cainníochtaí breise, agus go háirithe maidir leis na caidrimh idir údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha na mBallstát dá dtagraítear i mír 1.

5. Déanfaidh údaráis chonarthacha, a mbeidh modhnú déanta acu ar chonradh sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, fógra a fhoilsiú chuige sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Foilseofar an fógra sin i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir 2009/81/CE.

6. Ní fhéadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an fhéidearthacht dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 a úsáid go míchuí ná ar bhealach lena ndéanfaí iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

*Airteagal 35*

**Soláthar**

1. De mhaolú ar [Airteagal 168 den Rialachán Airgeadais athmhúnlaithe], féadfaidh na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb ábhartha, an Úcráin a iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) dul i mbun soláthar comhpháirteach leo, dá dtagraítear in [Airteagal 168(2) d'athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais ], trína bhféadfaidh na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe nó an Úcráin na táirgí cosanta arna soláthar go comhpháirteach a fháil, a fháil ar cíos nó a léasú go hiomlán;

   (b) gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh chun táirgí cosanta a sholáthar thar ceann na mBallstát leasmhar nó é sin a dhéanamh ina n-ainmneacha, dá dtagraítear in [Airteagal 168(3) d'athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais].

2. Comhlíonfaidh an nós imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh rannpháirtíocht i seoladh an nós imeachta soláthair oscailte do na Ballstáit uile, do na tíortha comhlachaithe uile agus don Úcráin, de mhaolú ar [Airteagal 168(2) agus (3) d'athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais];

(b) iarrann an Coimisiún ar cheathrar saineolaithe ar a laghad a bhfuil taithí atá ábhartha don chaibidlíocht acu ó thíortha rannpháirteacha a bhfuil acmhainneachtaí táirgeachta acu don táirge cosanta lena mbaineann comhfhoireann chaibidlíochta a bhunú;

(c) sonraíonn na tíortha rannpháirteacha go sainráite cibé acu a chinneann nó nach gcinneann siad próisis chaibidlíochta chomhthreomhara a reáchtáil don táirge sin. Beidh an cinneadh chun próisis chaibidlíochta chomhthreomhara a reáchtáil don táirge sin faoi réir formheas d'aon toil ó na tíortha rannpháirteacha;

3. Mar chuid den soláthar dá dtagraítear i mír 1(b), féadfaidh an Coimisiún comhpháirteanna agus amhábhair ábhartha de tháirgí cosanta a sholáthar chun cúltacaí straitéiseacha a thógáil.

I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar fhíorphráinn an cháis, féadfaidh an Coimisiún, de mhaolú ar Airteagal 172(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, a iarraidh go seachadfar earraí nó seirbhísí ón dáta a sheolfar na dréachtchonarthaí a eascraíonn as an soláthar arna dhéanamh chun críocha an Rialacháin seo, dáta nach déanaí ná 24 uair an chloig ón dámhachtain.

4. D'fhonn comhaontuithe ceannaigh a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, féadfaidh ionadaithe ón gCoimisiún, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag an gCoimisiún, cuairteanna ar an láthair a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha ag suíomhanna saoráidí táirgthe na dtáirgí cosanta ábhartha.

5. Leanfaidh úinéireacht agus onnmhairiú táirgí cosanta arna gceannach faoin Airteagal seo de bheith faoi inniúlacht na dtíortha rannpháirteacha.

6. Áiritheoidh an Coimisiún go gcaitear go comhionann leis na tíortha atá rannpháirteach nuair a bheidh na nósanna imeachta soláthair á ndéanamh agus na comhaontuithe a eascraíonn astu á gcur chun feidhme.

7. Beidh úsáid an tsoláthair de bhun mhír 1 gan dochar d'ionstraimí eile dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais.

8. De bhreis ar na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag critéir incháilitheachta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos in Airteagal 10 den Rialachán seo, maidir le tairgeoirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí i gconarthaí a eascraíonn as an soláthar a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 36*

**Réamhcheannach táirgí cosanta**

1. Féadfaidh an comhcheannach dá dtagraítear in Airteagal 35 a bheith i bhfoirm comhaontuithe réamhcheannaigh maidir le táirgí cosanta arna gcaibidil agus arna dtabhairt i gcrích in ainm na dtíortha rannpháirteacha agus thar a gceann. Féadfar sásra réamhíocaíochta a áireamh sna comhaontuithe sin chun táirgí den sórt sin a tháirgeadh mar mhalairt ar an gceart chun an toraidh, rud nach sáróidh na codanna

den chonradh maidir le costais neamh-athfhillteacha agus/nó forchoimeád acmhainneachtaí monaraíochta.

2. I gcás ina n-áirítear sásra réamhíocaíochta sna comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cumhdófar an íocaíocht tosaigh leis an gconraitheoir leis an gclúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1). Cuirfear ranníocaíochtaí na dtíortha rannpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 6 san áireamh i dtéarmaí comhionanna in aghaidh na hítime arna n-ordú ag na tíortha rannpháirteacha.

3. I gcásanna inar mó na méideanna caibidlithe ná an t-éileamh, ullmhóidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann, sásra maidir le hath-leithdháileadh chuig stoc-chairn náisiúnta nó maidir le forbairt an comhthiomsú ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b).

*Airteagal 37*

**Comhaontuithe ceannaigh a éascú**

1. Cuirfidh an Coimisiún córas ar bun chun tabhairt i gcrích comhaontuithe ceannaigh a éascú, ar comhaontuithe iad a bhaineann le borradh tionsclaíoch a chur faoi acmhainneachtaí monaraíochta EDTIB agus faoi acmhainneachtaí monaraíochta DTIB na hÚcráine, agus tuairim agus comhairle an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint á gcur san áireamh agus i gcomhréir leis na rialacha iomaíochta agus soláthair.

2. Leis an gcóras dá dtagraítear i mír 1, ceadófar do na Ballstáit leasmhara, do na tíortha comhlachaithe leasmhara agus, i gcás inarb ábhartha, don Úcráin tairiscintí a dhéanamh lena léireofar an méid seo a leanas:

(a) méid agus cáilíocht na dtáirgí cosanta a bhfuil sé beartaithe acu a cheannach;

(b) an praghas nó an raon praghsanna atá beartaithe;

(c) fad beartaithe an chomhaontaithe ceannaigh.

3. Ceadóidh an córas dá dtagraítear i mír 1 do mhonaróirí táirgí cosanta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10 tairiscintí a dhéanamh ina léireofar an méid seo a leanas:

(a) méid agus cáilíocht na dtáirgí cosanta a bhfuil siad ag iarraidh comhaontuithe ceannaigh a thabhairt i gcrích ina leith;

(b) an praghas nó an raon praghsanna atá beartaithe, ag a mbeidh siad toilteanach díolachán a dhéanamh;

(c) fad beartaithe an chomhaontaithe ceannaigh.

4. Bunaithe ar na tairiscintí a gheofar de bhun mhíreanna 2 agus 3, tabharfaidh an Coimisiún monaróirí ábhartha táirgí cosanta i dteagmháil leis na Ballstáit leasmhara agus leis na tíortha comhlachaithe leasmhara agus, i gcás inarb ábhartha, leis an Úcráin.

5. Ar bhonn na teagmhála dá dtagraítear i mír 4, féadfaidh na Ballstáit leasmhara agus na tíortha comhlachaithe leasmhara agus, i gcás inarb ábhartha, an Úcráin a iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun nós imeachta soláthair chomhpháirtigh nó nós imeachta soláthair ina n-ainm agus/nó thar a gceann de bhun Airteagal 35.

6. Féadfaidh an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) na codanna den chonradh maidir le costais neamh-athfhillteacha agus/nó forchoimeád na n-acmhainneachtaí monaraíochta a chumhdach.

*Airteagal 38*

**Dlús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna maidir le hinfhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais riaracháin a bhaineann le saoráidí táirgeachta a phleanáil, a thógáil agus a oibriú, le haistrithe ionchur laistigh den Aontas agus le cáiliú agus deimhniú táirgí deiridh a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil. Chuige sin, áiritheoidh na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann go gcaithfear chomh mear agus is féidir de réir dlí le hiarratais den sórt sin.

2. Sa phleanáil agus sa phróiseas deonaithe ceadanna, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tosaíocht do thógáil agus d'oibriú gléasraí agus suiteálacha chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh agus leasanna dlíthiúla á gcothromú sa chás aonair lena mbaineann.

*Airteagal 39*

**Próiseas trasdeimhniúcháin a éascú**

1. Glacfaidh na Ballstáit liosta de na húdaráis náisiúnta deimhniúcháin chun críoch cosanta agus tabharfaidh siad fógra faoi don Choimisiún, agus cuirfidh an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit é.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta oifigiúil de na húdaráis náisiúnta deimhniúcháin a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta chun críoch cosanta arna sainaithint ag na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

3. Féadfaidh údarás deimhniúcháin ó Bhallstát amháin faisnéis bhunúsach a iarraidh ar údarás deimhniúcháin Ballstáit eile faoi raon feidhme deimhniúcháin táirge cosanta áirithe.

## ROINN 2

## FAIREACHAS AGUS FAIREACHÁN AR AN SLABHRA SOLÁTHAIR

*Airteagal 40*

**Slabhraí soláthair cosanta a mhapáil**

1. Déanfaidh an Coimisiún mapáil ar shlabhraí soláthair cosanta an Aontais, i gcomhar leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

2. Déanfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint liosta a tharraingt suas de tháirgí cosanta atá criticiúil do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, go háirithe atreisiú chumais chosanta na mBallstát agus ullmhacht EDTIB

(‘príomhtháirgí cosanta’). Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta, gach bliain ar a laghad.

3. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, creat agus modheolaíocht a fhorbairt chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a shainaithint, agus béim á leagan ar scrogaill a shainaithint, agus chun a n-acmhainneachtaí monaraíochta gaolmhara san Aontas a shainaithint chomh maith.

4. Leis an mapáil dá dtagraítear i mír 1 agus leis an sainaithint dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, soláthrófar anailís ar láidreachtaí agus laigí an Aontais a mhéid a bhaineann le slabhraí soláthair táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus cuirfear bonn eolais faoi chlársceidealú an Chláir arna bhunú faoi Chaibidil II.

5. Chun déanamh amhlaidh, úsáidfidh an Coimisiún, *inter alia*, sonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála agus faisnéis ábhartha neamhrúnda ó ghnóthais, an toradh ar anailís chomhchosúil a rinneadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs dhlí an Aontais maidir le hamhábhair agus fuinneamh in-athnuaite, chomh maith leis na meastóireachtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 66(1). I gcás nach leor sin chun na táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a shainaithint, féadfaidh an Coimisiún iarrataí deonacha ar fhaisnéis a eisiúint chuig gníomhaithe ábhartha a bhfuil baint acu leis na slabhraí luacha lena mbaineann agus atá bunaithe san Aontas, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, liosta de tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

7. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar an eolas ar bhonn tráthrialta maidir le torthaí comhiomlána na ngníomhaíochtaí a dhéantar de bhun mhír 4.

8. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn thoradh na ngníomhaíochtaí a dhéantar de bhun mhír 4 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, liosta táscairí luathrabhaidh a fhorbairt. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, athbhreithniú ar liosta na dtáscairí luathrabhaidh ar bhonn tráthrialta, gach 2 bhliain ar a laghad.

9. Aon fhaisnéis a fhaightear de bhun an Airteagail seo, caithfear léi i gcomhréir leis na hoibleagáidí rúndachta a leagtar amach in Airteagal 61.

10. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do chosaint leasanna bunúsacha slándála na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 346 CFAE (1) (a).

*Airteagal 41*

**Faireachán**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, faireachán tráthrialta ar na hacmhainneachtaí monaraíochta de chuid an Aontais is gá chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar, táirgí arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 40, mír (6) d’fhonn tosca a shainaithint a d’fhéadfadh cur isteach ar sholáthar na bpríomhtháirgí cosanta a rannchuidíonn siad

lena soláthar, a d’fhéadfadh an soláthar sin a chur i mbaol nó difear diúltach a dhéanamh dó. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí a bheidh i gceist leis an bhfaireachán:

(a) faireachán a dhéanamh ar tháscairí luathrabhaidh arna sainaithint de bhun Airteagal 40(8);

(b) faireachán arna dhéanamh ag na Ballstáit ar shláine na ngníomhaíochtaí a dhéanann na príomhghníomhaithe margaidh dá dtagraítear in Airteagal 42 agus tuairisciú ó na Ballstáit maidir le mórimeachtaí a d’fhéadfadh bac a chur ar oibríochtaí rialta na ngníomhaíochtaí sin;

(c) dea-chleachtais a shainaithint maidir le maolú riosca coisctheach agus trédhearcacht mhéadaithe le haghaidh acmhainneachtaí monaraíochta an Aontais atá riachtanach chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar.

Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, minicíocht an fhaireacháin a leagan síos.

2. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar FBManna chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as an mbailiú faisnéise a íoslaghdú.

3. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, iarraidh ar phríomhghníomhaithe margaidh dá dtagraítear in Airteagal 42, ar na Ballstáit, ar chomhlachais thionsclaíocha cosanta náisiúnta agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile faisnéis a chur ar fáil, ar bhonn deonach, chun críche gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a).

4. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit faisnéis a iarraidh, ar bhonn deonach, ar phríomhghníomhaithe margaidh dá dtagraítear in Airteagal 42 i gcás inar gá agus inar comhréireach.

5. Chun críocha mhír 3, déanfaidh údaráis inniúla náisiúnta liosta teagmhálacha de na gnóthais ábhartha uile a rannchuidíonn go héifeachtach, nó a d’fhéadfadh rannchuidiú, le soláthar na bpríomhtháirgí cosanta, atá bunaithe ina gcríoch, a bhunú agus a choinneáil ar bun. Déanfar an liosta sin a tharchur chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le formáid chaighdeánaithe don liosta teagmhálacha d’fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú.

6. Gan dochar dá leasanna bunúsacha slándála agus do chosaint faisnéise tráchtála rúnda a eascraíonn as comhaontuithe arna ndéanamh ag na Ballstáit, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis ábhartha bhreise a sholáthar don Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, go háirithe maidir le bearta a d’fhéadfaí a ghlacadh nó a ghlacfar amach anseo ar an leibhéal náisiúnta chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar, a cheannach nó a mhonarú.

7. Ar bhonn na faisnéise arna bailiú trí na gníomhaíochtaí faoi mhír 1, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil ar na torthaí comhiomlánaithe don Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint i bhfoirm nuashonruithe tráthrialta. Tiocfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint le chéile chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí an fhaireacháin. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh cathaoirleach an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cuireadh a thabhairt do chomhlachais thionsclaíocha náisiúnta um an gcosaint, do phríomhghníomhaithe margaidh, agus do shaineolaithe ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta freastal ar na cruinnithe sin.

8. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do chosaint leasanna bunúsacha slándála na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 346 CFAE (1) (a).

*Airteagal 42*

**Na príomhghníomhaithe margaidh**

1. Sainaithneoidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, príomhghníomhaithe margaidh a bhfuil baint acu le soláthar príomhtháirgí cosanta atá bunaithe ar a gcríoch, agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) an sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda atá ag an bpríomhghníomhaí margaidh sa mhargadh don táirge sin;

(b) an tábhacht a bhaineann le gníomhaí margaidh maidir le leibhéal leormhaith de sholáthar táirge a choinneáil ar bun san Aontas, agus infhaighteacht modhanna malartacha san Aontas le haghaidh sholáthar an táirge sin á cur san áireamh;

(c) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh ar sholáthar an táirge arna sholáthar ag an ngníomhaí margaidh ar sholáthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit maidir le mórimeachtaí a d'fhéadfadh bac a chur ar oibríochtaí tráthrialta na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

## ROINN 3

## GÉARCHÉIM SOLÁTHAIR - COSC AGUS MAOLÚ

*Airteagal 43*

**Foláirimh agus gníomhaíocht choisctheach**

1. I gcás ina dtagann údarás inniúil náisiúnta ar an eolas faoi riosca de shuaitheadh tromchúiseach ar tháirge atá ábhartha i gcás géarchéime nó i gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon toisc riosca ábhartha eile nó aon teagmhas ábhartha eile a dhéanann difear do sholáthar táirge atá ábhartha i gcás géarchéime, tabharfaidh sé foláireamh don Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint gan moill mhíchuí.

2. I gcás ina dtiocfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint nó an Coimisiún ar an eolas faoi riosca go gcuirfí isteach go tromchúiseach ar tháirge atá ábhartha i gcás géarchéime nó i gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa acu faoi aon toisc riosca ábhartha eile nó aon teagmhas ábhartha eile a dhéanann difear do sholáthar táirge atá ábhartha i gcás géarchéime, lena n-áirítear ar bhonn táscairí luathrabhaidh, déanfaidh an Coimisiún, ar fholáireamh de bhun mhír 1 nó ar fholáireamh ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, na gníomhaíochtaí coisctheacha seo a leanas a chur i gcrích gan moill mhíchuí:

(a) cruinniú urghnách den Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a thionól chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhordú:

(1) plé a dhéanamh ar dhéine na suaití ar infhaighteacht agus ar sholáthar na dtáirgí lena mbaineann atá ábhartha i gcás géarchéime;

(2) a mholadh don Choimisiún gníomhaíocht a thionscnamh i gcomhréir le Caibidil II den Rialachán seo;

(3) cineálacha cur chuige na n-údarás inniúil náisiúnta a phlé, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar staid ullmhachta na bpríomhghníomhaithe margaidh;

(4) dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara a bhaineann leis na hacmhainneachtaí monaraíochta de chuid an Aontais is gá chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a sholáthar d'fhonn bearta coisctheacha a shainaithint, a ullmhú agus, b'fhéidir, a chomhordú;

(5) gníomhachtú staid na géarchéime soláthair dá dtagraítear in Airteagal 44 a phlé i gcás inar gá agus inar comhréireach.

(b) thar ceann an Aontais, dul i gcomhairle nó i gcomhar le tríú tíortha ábhartha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha d'fhonn réitigh chomhoibríocha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar shuaití sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, a bhféadfaidh, i gcás inarb iomchuí, comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a bheith i gceist leo, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 44*

**Staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú**

1. Measfar go bhfuil géarchéim soláthair ag tarlú sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh suaití tromchúiseacha sa soláthar táirgí, nach táirgí cosanta iad, nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil i dtáirgí den sórt sin laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanas suntasach a bheith orthu; agus

(b) i gcás ina gcuirfidh ganntanais mhóra den sórt sin cosc ar sholáthar, deisiú nó cothabháil táirgí cosanta sa mhéid go mbeadh éifeacht dhíobhálach thromchúiseach aige ar fheidhmiú shlabhraí soláthair cosanta an Aontais, rud a mbeadh tionchar aige ar shochaí, ar gheilleagar agus ar shlándáil an Aontais.

2. I gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún nó an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar an eolas faoi ghéarchéim soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 43, déanfaidh an Coimisiún a mheas an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na tionchair agus iarmhairtí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag staid na géarchéime soláthair ar shlabhraí soláthair cosanta an Aontais chomh maith le measúnuithe arna ndéanamh i gcreataí bainistithe géarchéime ábhartha eile de chuid an Aontais. I gcás ina soláthrófar fianaise nithiúil iontaofa leis an measúnú sin agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. Sonrófar fad tréimhse staid na géarchéime soláthair sa Ghníomh Cur Chun Feidhme agus ní rachaidh sé thar 12 mhí.

4. Tuairisceoidh an Coimisiún ar bhonn tráthrialta agus gach 3 mhí ar a laghad don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le staid na géarchéime.

5. Sula rachaidh ré na géarchéime soláthair in éag, measfaidh an Coimisiún an iomchuí staid na géarchéime soláthair a fhadú. I gcás ina gcuirtear fianaise nithiúil iontaofa ar fáil le measúnú den sórt sin go bhfuil na coinníollacha maidir le gníomhachtú staid na géarchéime soláthair fós á gcomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, a mholadh don Chomhairle staid na géarchéime soláthair a fhadú.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, staid na géarchéime soláthair a fhadú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. Beidh fad an fhadaithe teoranta agus sonraithe sa ghníomh cur chun feidhme ón gComhairle.

7. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfaí staid na géarchéime soláthair a fhadú uair amháin nó níos minice i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin.

8. Le linn staid na géarchéime soláthair, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, measúnú ar a iomchuí atá sé deireadh luath a chur leis an staid ghéarchéime. Má léirítear amhlaidh sa mheasúnú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle deireadh a chur leis an staid ghéarchéime.

9. Féadfaidh an Chomhairle staid na géarchéime soláthair a fhoirceannadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.

10. Le linn na staide géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cruinnithe urghnácha den Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a thionól i gcás inar gá. Oibreoidh na Ballstáit i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, cuirfidh siad in iúl dó go tráthúil aon bheart náisiúnta a ghlacfar maidir leis an slabhra soláthair cosanta lena mbaineann laistigh den Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint agus déanfaidh siad comhordú ar na bearta sin.

11. Ar dhul in éag don tréimhse a ndearnadh staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú ina leith, nó i gcás go bhfoirceannfar go luath í de bhun mhír 8 den Airteagal seo, scoirfidh na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 d'fheidhm a bheith acu láithreach.

12. Déanfaidh an Coimisiún an mhapáil agus an faireachán ar shlabhraí soláthair cosanta an Aontais a thabhairt cothrom le dáta de bhun Airteagail 40 agus 41, agus an taithí a fuarthas ón ngéarchéim á cur san áireamh, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis do staid na géarchéime soláthair dul in éag.

*Airteagal 45*

**Bosca uirlisí éigeandála na géarchéime soláthair**

1. I gcás ina ndéanfar staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú de bhun Airteagal 44 agus i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim soláthair san Aontas, féadfaidh an Coimisiún na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 45 agus 46 a ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.

2. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, srian a chur ar chur i bhfeidhm na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 46 agus 47 maidir leis na táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a bhfuil suaitheadh i gceist leo nó atá i mbaol suaite mar gheall ar an ngéarchéim soláthair. Beidh úsáid na mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal

seo comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar shuaití tromchúiseacha a dhéanann difear do shlabhraí soláthair na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas agus ní mór di a bheith chun leas an Aontais. Le húsáid na mbeart sin, seachnófar FBManna go háirithe a chur faoi ualach riaracháin díréireach.

3. I gcás ina ndéanfar staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú de bhun Airteagal 44 agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim soláthair san Aontas, féadfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint bearta éigeandála iomchuí éifeachtacha a mheas agus comhairle a thabhairt ina dtaobh.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi aon bheart a ghlacfar i gcomhréir le mír 1, agus míneoidh sé cad is údar lena ghníomhaíocht.

5. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, treoir a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

*Airteagal 46*

**Bailiú faisnéise**

1. I gcás ina ndéanfar staid na géarchéime soláthair a ghníomhachtú de bhun Airteagal 44, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na gnóthais ábhartha a rannchuidíonn le táirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, nach táirgí cosanta iad, le comhaontú roimh ré ón mBallstát ina bhfuil sé bunaithe, faisnéis a sholáthar faoina gcumais táirgeachta, faoina n-acmhainneachtaí táirgeachta agus faoina bpríomhbhristeacha reatha laistigh de theorainn ama shocraithe. Beidh an fhaisnéis a iarrfar teoranta don mhéid is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime soláthair nó chun bearta féideartha maolaithe nó éigeandála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint nó a mheas. Ní bheidh i gceist leis na hiarrataí ar fhaisnéis soláthar faisnéise ar faisnéis í a bheadh contrártha do leasanna bunúsacha slándála na mBallstát dá nochtfaí í.

2. Sula seolfaidh sé iarraidh ar fhaisnéis, féadfaidh an Coimisiún comhairliúchán deonach a dhéanamh le líon ionadaíoch gnóthas ábhartha d’fhonn ábhar iomchuí agus comhréireach na hiarrata sin a shainaithint. Ullmhóidh an Coimisiún an iarraidh ar fhaisnéis i gcomhar leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

3. Úsáidfidh an Coimisiún modhanna slána chun an iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh agus chun aon fhaisnéis arna fáil a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 61. Chun na críche sin, tarchuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta liosta na dteagmhálacha arna mbunú faoi Airteagal 41(5) chuig an gCoimisiún.

4. Déanfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh ar fhaisnéis a chur ar aghaidh gan moill mhíchuí chuig údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil láithreán táirgeachta an ghnóthais a bhfuiltear ag díriú air suite ar a chríoch. Má éilíonn an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ón ngnóthas ábhartha i gcomhréir le dlí an Aontais.

5. Leis an iarraidh ar fhaisnéis sonrófar an bunús dlí atá léi, beidh sí teoranta don íosmhéid is gá agus beidh sí comhréireach i dtéarmaí ghráinneacht agus mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, tabharfar aird inti ar

aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, agus leagfar amach inti an teorainn ama a gcaithfear na sonraí a sholáthar laistigh di. Sonrófar inti freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 55.

6. Is iad úinéirí na ngnóthas nó ionadaithe dá gcuid agus, i gcás daoine dlítheanacha, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, a sholáthróidh an fhaisnéis arna hiarraidh thar ceann an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas lena mbaineann.

7. I gcás ina mbeidh gnóthas atá bunaithe san Aontas faoi réir iarraidh ar fhaisnéis ó thríú tír, ar faisnéis í a bhaineann lena ghníomhaíochtaí le haghaidh slabhra soláthair cosanta criticiúil de chuid an Aontais, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas in am trátha agus ar bhealach a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin faisnéis chomhchosúil a iarraidh ón ngnóthas. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar an eolas gurb ann d'iarraidh den sórt sin ó thríú tír.

8. I gcás ina soláthraíonn gnóthas faisnéis atá neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a dhéantar de bhun an Airteagail seo, nó i gcás nach soláthraíonn sé an fhaisnéis laistigh den teorann ama atá leagtha síos, beidh sé faoi réir fíneálacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 55, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an ngnóthas gan an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.

*Airteagal 47*

**Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo**

1. I gcás ina ndéanfaidh an staid géarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 44, féadfaidh Ballstát a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha aige, nó a bhféadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bheith aige, maidir le hordú a dhéanamh nó conradh a fhorghníomhú chun príomhtháirgí cosanta a sholáthar i ngeall ar ghanntanais nó ar rioscaí tromchúiseacha ganntanas feadh slabhra soláthair cosanta criticiúil de chuid an Aontais, a iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal ar ghnóthas glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, nó tosaíocht a thabhairt dó, nach táirgí cosanta iad ('ord a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis').

2. Ar iarraidh a fháil dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Ballstát bunaíochta an ghnóthais lena mbaineann, agus lena chomhaontú, fógra a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a fhorchur.

3. Áireofar san fhógra dá dtagraítear i mír 2 faisnéis maidir le bunús dlí an hiarrata, sonrófar ann an táirge, na sonraíochtaí agus na cainníochtaí lena mbaineann chomh maith leis an sceideal agus an teorainn ama ina gcaithfí an t-ordú a dhéanamh, agus luafar ann na cúiseanna a thugann údar le húsáid an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis.

4. Ón lá a fhaightear an fógra dá dtagraítear i mír 2, tabharfaidh an gnóthas freagra don Choimisiún laistigh de 5 lá oibre agus luafaidh sé an féidir leis glacadh leis an ordú nó nach féidir. I gcás ina bhfuil gá leis mar gheall ar phráinn na staide, féadfaidh an Coimisiún, bunaithe ar údar cuí a bheith leis an bpráinn sin, an spriocdháta don ghnóthas freagra a thabhairt a laghdú.

5. I gcás ina ndiúltóidh an gnóthas don ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé réasúnú mionsonraithe faoi sin ar fáil don Choimisiún.

6. I gcás ina nglacfaidh an gnóthas leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, measfar go nglactar leis an ordú faoi na coinníollacha a dtugtar tuairisc orthu in ordú an Choimisiúin i gcomhréir le brí mhír 1 agus beidh an gnóthas faoi cheangal dlí.

7. I gcás ina ndiúltóidh an gnóthas faoina dtugtar fógra don ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, measfar an t-ordú a bheith diúltaithe. Ag féachaint go cuí do na húdair a agróidh an gnóthas, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) staonadh ón ordú a shaothrú;

   (b) a cheangal, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar na gnóthais lena mbaineann glacadh leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis nó é a shaothrú, ar phraghas cóir réasúnta.

8. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na hagóidí a dhéanfaidh an gnóthas faoi mhír 7 agus luafaidh sé na cúiseanna, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta bunúsacha an ghnóthais faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, gur ghá an ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, pointe (b), a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca a dtugtar tuairisc orthu i mír 1.

9. Luafaidh an Coimisiún sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, pointe (b), bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ina ndéanfar an t-ordú, agus leagfaidh sé amach an táirge, na sonraíochtaí, an méid, agus aon pharaiméadar eile atá le comhlíonadh. Luafaidh an Coimisiún freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 55 i gcás neamhchomhlíonadh na hoibleagáide.

10. I gcás ina nglacfaidh an gnóthas leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis ón gCoimisiún faoi mhír 6 nó i gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme faoi mhír 7(b), déanfar an méid seo a leanas maidir leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis:

   (a) cuirfear ar phraghas cóir agus réasúnta é, agus deischostais an oibreora eacnamaíoch á gcur san áireamh go leordhóthanach agus na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo á gcomhlíonadh *vis-à-vis* na hoibleagáidí conarthacha atá ann cheana;

   (b) beidh tosaíocht aige thar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí cé is moite de dhlíthe a bhaineann go díreach le horduithe míleata.

11. Réiteoidh an Coimisiún aon choinbhleacht idir ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis agus beart faoi aon sásra tosaíochta eile de chuid an Aontais, bunaithe ar an leas poiblí a mheá.

12. I gcás ina gcomhaontaíonn an gnóthas leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis ón gCoimisiún faoi mhír 6 nó i gcás ina nglacann an Coimisiún gníomh cur chun feidhme faoi mhír 7(b), féadfaidh an gnóthas a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcás ina measann sé go bhfuil údar cuí leis bunaithe ar cheann de na forais seo a leanas:

(a) níl an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamhleor, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;

(b) má ghlactar leis an ordú, bheadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus bheadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas.

13. Soláthróidh an gnóthas an fhaisnéis ábhartha agus chuí-réasúnaithe uile a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fhiúntas na n-agóidí a dhéanfar.

14. Ar bhonn an scrúdaithe ar na cúiseanna agus ar an bhfianaise a sholáthraíonn an gnóthas, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát bunaíochta, leasú a dhéanamh ar a Ghníomh cur chun feidhme chun an gnóthas lena mbaineann a scaoileadh, go páirteach nó go hiomlán, óna oibleagáidí faoin Airteagal seo.

15. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'úsáid sásraí nó tionscnamh náisiúnta a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu.

16. Nuair a bheidh gnóthas atá bunaithe san Aontas faoi réir birt ó thríú tír lena ngabhann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, tabharfaidh sé fógra don Coimisiún faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste ar an eolas ansin faoi bhearta den sórt sin a bheith ann.

17. I gcás ina nglacfaidh gnóthas le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis nó i gcás ina mbeidh sé d'oibleagáid air ordú den sórt sin a ghlacadh agus tosaíocht a thabhairt dó i gcomhréir le míreanna 6 nó 7(b), déanfar é a chosaint ar aon dliteanas conarthach nó seach-chonarthach i ndáil leis na hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh. Ní eisiafar an dliteanas ach a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh.

18. I gcás nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, tar éis dó glacadh go sainráite le tosaíocht a thabhairt do na horduithe arna n-iarraidh ag an gCoimisiún nó oibleagáid a bheith air déanamh amhlaidh, an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do na horduithe sin, beidh sé faoi réir fíneálacha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 54, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an ngnóthas gan an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do na horduithe sin a chomhlíonadh.

19. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla maidir le feidhmiú na n-iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo.

20. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

## ROINN 4

## STAID NA GÉARCHÉIME SOLÁTHAIR A BHAINEANN LEIS AN TSLÁNDÁIL

*Airteagal 48*

**Staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú**

1. Measfar go bhfuil géarchéim soláthair a bhaineann leis an tslándáil ag tarlú sna cásanna seo a leanas:

(a) Tá géarchéim slándála tagtha chun cinn nó meastar go bhfuil géarchéim slándála tagtha chun cinn;

(b) tá suaití tromchúiseacha i soláthar táirgí nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil i dtáirgí cosanta laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanas suntasach táirgí cosanta nó táirgí idirmheánacha gaolmhara nó amhábhair nó ábhair phróiseáilte ghaolmhara.

2. I gcás ina dtarlaíonn géarchéim soláthair a bhaineann leis an tslándáil nó i gcás ina dtagann an Coimisiún nó an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar an eolas faoi ghéarchéim soláthair a bhaineann leis an tslándáil a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 43, déanfaidh an Coimisiún a mheas, le tacaíocht ón Ard-Ionadaí, an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na tionchair agus na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil ar shlabhraí soláthair cosanta an Aontais. I gcás ina soláthrófar fianaise nithiúil iontaofa leis an measúnú sin, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, Gníomh Cur Chun Feidhme a ghlacadh lena ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil nuair is iomchuí sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim, agus an gá le hardleibhéal slándála a áirithiú don Aontas, do na Ballstáit agus do shaoránaigh an Aontais á chur san áireamh.

4. Leagfaidh an Chomhairle amach sa Ghníomh Cur Chun Feidhme lena ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil cé acu de na bearta a leagtar amach in Airteagail 49 go 54 is iomchuí don ghéarchéim, agus an gá le hardleibhéal slándála a áirithiú don Aontas, do na Ballstáit agus do shaoránaigh an Aontais á chur san áireamh, agus cé na bearta atá le gníomhachtú dá bhrí sin.

5. Déanfar staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil a ghníomhachtú ar feadh uastréimhse 12 mhí. Tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh dhul in éag na tréimhse ar lena linn a gníomhachtaíodh staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil, cuirfidh an Coimisiún, le tacaíocht ón Ard-Ionadaí, tuarascáil faoi bhráid na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar cibé acu ar cheart nó nár cheart an tréimhse sin a fhadú. Déanfar anailís sa tuarascáil go háirithe ar an staid slándála agus ar iarmhairtí eacnamaíocha na géarchéime slándála san Aontas ina iomláine agus sna Ballstáit, chomh maith le tionchar na mbeart a gníomhachtaíodh roimhe sin faoin Rialachán seo.

6. Féadfaidh an Coimisiún fadú a mholadh don Chomhairle, lena sonrófar cé acu de na bearta is iomchuí le haghaidh fadaithe, nuair a bhainfear de thátal as an measúnú dá dtagraítear i mír 4 gurb iomchuí síneadh a chur leis an tréimhse a ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil lena linn. Mairfidh an fadú suas le 6 mhí. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh arís agus arís eile an tréimhse a ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil lena linn a fhadú nuair is iomchuí sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim, agus an gá le hardleibhéal slándála a áirithiú don Aontas, do na Ballstáit agus do shaoránaigh Eorpacha á chur san áireamh.

7. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, a mholadh don Chomhairle gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ngníomhachtaítear bearta breise nó lena ndíghníomhachtaítear aon bheart gníomhachtaithe a leagtar amach in Airteagail 49 go 54, de bhreis ar na bearta sin a bhí gníomhachtaithe aici cheana, i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim, agus an gá le hardleibhéal slándála a áirithiú don Aontas, do na Ballstáit agus do shaoránaigh an Aontais á chur san áireamh.

8. Ar dhul in éag don tréimhse a ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil lena linn, scoirfidh na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 d'fheidhm a bheith acu.

Agus na bearta a leagtar amach in Airteagail 49 go 54 á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme, gníomhóidh an Coimisiún, nuair is féidir, i ndlúthchomhar leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, a chuirfidh comhairle ar fáil go tráthúil. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar an eolas faoin ngníomhaíocht a rinneadh.

9. I gcás ina ngníomhachtófar staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil, féadfaidh an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagail 46 agus 47 a dhéanamh, faoi na coinníollacha a leagtar síos iontu agus in Airteagal 45.

*Airteagal 49*

**Bailiú faisnéise**

I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4), féadfaidh an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagal 46 a dhéanamh maidir le táirgí cosanta, i gcomhréir leis na coinníollacha a shainítear ann.

*Airteagal 50*

**Tosaíocht a thabhairt do tháirgí cosanta (Iarrataí a bhfuil Rátáil Tosaíochta ag Baint Leo)**

1. I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4), féadfaidh Ballstát a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha aige, nó a bhféadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bheith aige, maidir le hordú a dhéanamh nó conradh a fhorghníomhú chun táirgí cosanta a sholáthar i ngeall ar ghanntanais nó ar rioscaí tromchúiseacha ganntanas táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus i gcás ina bhféadfaidh na deacrachtaí sin an bonn a bhaint de shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, a iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal ar ghnóthas glacadh le horduithe áirithe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, nó tosaíocht a thabhairt dóibh ('iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo'). Ní fhéadfaidh baint a bheith ag na hiarrataí sin ach amháin le táirgí cosanta.

2. Ar iarraidh a fháil dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Ballstát bunaíochta an ghnóthais lena mbaineann, agus lena chomhaontú roimh ré, a cheangal ar an ngnóthas sin glacadh leis na hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Cuirfear in iúl go sainráite san iarraidh ón gCoimisiún go bhfuil sé de shaoirse i gcónaí ag an oibreoir eacnamaíoch an iarraidh a dhiúltú.

3. I gcás inar ghlac an gnóthas ar a ndírítear an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 go sainráite leis an iarraidh chun tosaíocht a thabhairt do na hiarrataí, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Ballstát bunaíochta an ghnóthais lena mbaineann agus lena chomhaontú roimh ré, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear don mhéid seo a leanas:

(a) bunús dlí na n-iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo nach mór don ghnóthas a chomhlíonadh;

(b) na táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime atá faoi réir na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi agus an chainníocht ina soláthrófar iad;

(c) na teorainneacha ama ar laistigh díobh atá an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi le cur i gcrích;

(d) tairbhithe na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi, agus

(e) an tarscaoileadh dliteanais chonarthaigh faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 5.

4. Cuirfear na hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ar phraghas cóir agus réasúnta, agus deischostais an oibreora eacnamaíoch á gcur san áireamh go leordhóthanach agus na hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo á gcomhlíonadh *vis-à-vis* na hoibleagáidí conarthacha atá ann cheana. Beidh tosaíocht ag na hiarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo thar aon oibleagáid chonarthach phríobháideach nó phoiblí roimhe sin a bhaineann leis na táirgí atá faoi réir na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí.

5. Ní bheidh an t-oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na hiarrata sin a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi faoi dhliteanas i leith aon sárú ar oibleagáid chonarthach a rialaítear le dlí Ballstáit, sna cásanna seo a leanas:

(a) tá géarghá leis an sárú ar oibleagáidí conarthacha chun an tosaíocht is gá a chomhlíonadh,

(b) comhlíonadh an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3 agus

(c) níor glacadh leis an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi d’fhonn oibleagáid feidhmíochta roimh ré a sheachaint go míchuí agus d’fhonn sin amháin.

6. I gcás nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch, d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí, tar éis dó glacadh go sainráite le tosaíocht a thabhairt do na horduithe arna n-iarraidh ag an gCoimisiún, an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do na horduithe sin, beidh sé faoi réir fíneálacha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 55, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an ngnóthas gan an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do na horduithe sin a chomhlíonadh.

7. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d’úsáid sásraí nó tionscnamh náisiúnta a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu.

8. Nuair a bheidh gnóthas atá bunaithe san Aontas faoi réir birt ó thríú tír lena ngabhann iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi, tabharfaidh sé fógra don Coimisiún faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste ar an eolas ansin faoi bhearta den sórt sin a bheith ann.

9. Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

*Airteagal 51*

**Aistrithe táirgí cosanta laistigh den Aontas**

1. I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4) agus gan dochar do Threoir 2009/43/CE agus do shainchumais na mBallstát faoin Treoir sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais a bhaineann le haistrithe laistigh den Aontas a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil. Chuige sin, áiritheoidh na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann nach gcaithfear le hiarratas ar feadh níos faide ná 2 lá oibre.

2. Ní féidir aistrithe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a mheas mar aistrithe íogaire de réir bhrí Airteagal 4, mír 8 de Threoir 2009/43/CE.

3. Staonfaidh na Ballstáit ó shrianta a fhorchur ar aistriú táirgí a bhaineann le cosaint mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2009/43/CE laistigh den Aontas. I gcás ina bhforchuirfidh na Ballstáit srianta den sórt sin ar fhorais slándála nó cosanta, ní dhéanfar é ach amháin más rud é, maidir leis na srianta sin:

(a) go bhfuil siad trédhearcach, i.e. cumhdaítear i ráitis phoiblí/doiciméid phoiblí iad;

(b) go bhfuil siad cuí-réasúnaithe, i.e. ní mór dóibh na cúiseanna agus an nasc leis an tslándáil nó leis an gcosaint a mhíniú go soiléir;

(c) go bhfuil siad comhréireach, i.e. ní théann siad thar a bhfuil fíor-riachtanach;

(d) go bhfuil siad ábhartha agus sonrach, i.e. ní mór srian a bheith sonrach do tháirge a bhaineann le cosaint nó do chatagóir táirgí a bhaineann le cosaint;

(e) go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach.

*Airteagal 52*

**Tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálaíochta cosanta éigeandála**

I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4), measfar gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhaineann le ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith incháilithe faoin gClár, dá bhforáiltear i gCaibidil II:

(a) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh táirgí sibhialtacha a oiriúnú agus a mhodhnú go tapa le haghaidh feidhmeanna cosanta;

(b) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh aga seachadta táirgí cosanta a ghiorrú go mór;

(c) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh sonraíochtaí teicniúla táirgí cosanta a shimpliú go mór chun olltáirgeadh na dtáirgí sin a chumasú;

(d) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh próiseas táirgthe táirgí cosanta a shimpliú go mór chun olltáirgeadh na dtáirgí sin a chumasú.

*Airteagal 53*

**Deimhniú le linn staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil**

1. I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis an deimhniú, agus i gcás inar gá, na hoiriúnuithe teicniúla a phróiseáil ar an mbealach is gasta is féidir, de réir a ndlíthe agus a rialacháin náisiúnta is infheidhme.
2. I gcás ina bhfuil stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, déanfar an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a leithdháileadh ar dheimhniú táirgí cosanta atá ábhartha i gcás géarchéime.
3. I gcás ina ngníomhachtófar an beart sin, measfar táirgí cosanta atá deimhnithe i mBallstát amháin a bheith deimhnithe i mBallstát eile gan iad a bheith faoi réir rialuithe breise.
4. Féadfar forálacha níos beaichte a leagan síos sa Ghníomh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 48(3) maidir le raon feidhme an bhirt seo.
5. Beidh an beart sin gan dochar do leasanna bunúsacha slándála na mBallstát.

*Airteagal 54*

**Luathú náisiúnta na nósanna imeachta deonaithe ceadanna**

1. I gcás ina ngníomhachtóidh an Chomhairle an beart sin i gcomhréir le hAirteagal 48(4) agus i gcás inarb ann don stádas sin sa dlí náisiúnta, déanfar an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a leithdháileadh ar phleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgthe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus caithfear leo mar sin i bpróisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le measúnuithe comhshaoil agus, má fhoráiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, sa phleanáil spásúlachta.
2. Féadfar slándáil an tsoláthair táirgí cosanta a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)(c) de Threoir 92/43/CEE agus mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60. Dá bhrí sin, féadfar pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgthe lena mbaineann a mheas mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá fágtha a leagtar amach sna forálacha seo.

## ROINN 5

## PIONÓIS

*Airteagal 55*

**Pionóis**

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an méid seo a leanas a fhorchur ar na gnóthais nó ar na comhlachais, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, arb iad seolaithe na mbeart bailithe faisnéise dá dtagraítear in

Airteagail 46 agus 48 iad, nó seolaithe aon cheann de na hoibleagáidí chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagail 47(16) agus 50(8) nó chun tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagail 47 nó 49, i gcás ina measann sé go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach déanamh amhlaidh:

(a) fíneálacha nach mó ná EUR 300 000, i gcás ina soláthraíonn sé, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh de bhun Airteagail 46 agus 48, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá forordaithe;

(b) fíneálacha nach mó ná EUR 150 000, i gcás nach gcomhlíonann sé, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagail 47(16) agus 50(8);

(c) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla nach mó ná 1.5 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin le haghaidh gach lá oibre neamhchomhlíonta ón dáta arna bhunú sa chinneadh inar eisíodh an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, i gcás nach gcomhlíonann sé, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, oibleagáid chun tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 47. I gcás inar FBM é an gnóthas lena mbaineann, ní bheidh na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear níos mó ná 0.5 % dá mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin;

(d) fíneálacha nach mó ná EUR 300 000, i gcás nach gcomhlíonann sé, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid chun tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 49.

2. Sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún deis do na gnóthais agus do na comhlachais lena mbaineann, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, éisteacht a fháil i gcomhréir le hAirteagal 56. Cuirfear san áireamh leis aon fhoras a bhfuil údar réasúnaithe leis a chuirfidh siad in iúl chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé riachtanach agus comhréireach fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(3).

4. Agus méid na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla á shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe, lena n-áirítear, i gcásanna neamhchomhlíonadh na hoibleagáide chun ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tosaíocht a thabhairt dó, oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 47, agus tabharfaidh sé aird ar cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon na gnóthais nó na comhlachais, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe dá dtagraítear i mír (1), an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis go páirteach.

5. Is éard a bheidh sna fíneálacha ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a ghabhann leis an gClár agus den Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin.

*Airteagal 56*

**An ceart chun éisteacht a fháil maidir le forchur fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla**

1. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun Airteagal 55, áiritheoidh an Coimisiún gur tugadh an deis do na gnóthais agus do na comhlachais lena mbaineann, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, barúlacha a chur isteach maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) réamhthorthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a ndearna an Coimisiún agóidí ina aghaidh;

   (b) na bearta a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh i bhfianaise na réamhthorthaí de bhun phointe (a) den mhír seo.

2. Féadfaidh na gnóthais agus na comhlachais lena mbaineann, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, a gcuid barúlacha maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a chur isteach laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún ina réamhthorthaí agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá oibre.

3. Ní bhunóidh an Coimisiún a fhorchur fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ach amháin ar agóidí a raibh na gnóthais agus na comhlachais lena mbaineann, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, in ann a dtuairimí a thabhairt ina leith.

4. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún a réamhthorthaí dá dtagraítear i mír (1) in iúl do na gnóthais agus do na comhlachais lena mbaineann, lena n-áirítear a n-úinéirí nó a n-ionadaithe, tabharfaidh sé rochtain ar chomhad an Choimisiúin, má iarrtar amhlaidh, faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach gnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint, nó chun rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile aon duine a chaomhnú. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda ná doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

# Caibidil V

# Rialachas, meastóireacht agus rialú

*Airteagal 57*

**An Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint**

1. Bunaítear leis seo an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

2. Is é cúram ginearálta an Bhoird cúnamh, comhairle agus moltaí a thabhairt don Choimisiún de bhun an Rialacháin seo, go háirithe de bhun Chaibidil IV [Slándáil an tSoláthair].

3. Chun cabhrú leis an gCoimisiún na bearta dá dtagraítear i gCaibidil II a chur chun feidhme, tabharfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cúnamh don Choimisiún réimsí tosaíochta cistiúcháin a shainaithint, agus aird á tabhairt ar na

tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais.

4. Coinneoidh an Coimisiún sreabhadh rialta faisnéise chuig an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar bun maidir le haon bheart beartaithe nó aon bheart a rinneadh a bhaineann le gníomhachtú staid na géarchéime soláthair nó staid na géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá ar fáil trí chóras TF slán.

5. Chun críocha na staide géarchéime soláthair dá dtagraítear in Airteagal 44, tabharfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cúnamh don Choimisiún maidir leis na cúraimí seo a leanas:

(a) anailís a dhéanamh ar fhaisnéis atá ábhartha i gcás géarchéime arna bailiú ag na Ballstáit nó ag an gCoimisiún;

(b) measúnú a dhéanamh ar cibé ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir maidir leis an staid géarchéime soláthair a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú;

(c) treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme na mbeart a roghnófar chun freagairt do ghéarchéim soláthair ar leibhéal an Aontais;

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta náisiúnta géarchéime;

(e) malartuithe agus comhroinnt faisnéise a éascú, lena n-áirítear le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tríú tíortha eile, de réir mar is iomchuí, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha atá i mbéal forbartha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta.

6. Chun críocha na staide géarchéime soláthair a bhaineann leis an tslándáil dá dtagraítear in Airteagal 48, déanfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíocht chomhordaithe arna déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit a éascú;

(b) tuairimí agus treoir a ghlacadh, lena n-áirítear bearta freagartha sonracha, le haghaidh na mBallstát chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú;

(c) cúnamh agus treoir a thabhairt maidir le bearta a ghníomhachtú dá dtagraítear in Airteagail 49 go 54;

(d) fóram a chur ar fáil chun gníomhaíochtaí na Comhairle, an Choimisiúin agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais a chomhordú.

7. Beidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint comhdhéanta d'ionadaithe an Choimisiúin, Ardionadaí agus Ceannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe. Ainmneoidh gach Ballstát nó tír chomhlachaithe ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an mBord chun críocha na gcúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo. Is é an Coimisiún a áiritheoidh rúnaíocht an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

8. Tiocfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint le chéile aon uair is gá sin, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát nó do thír chomhlachaithe.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta ar bhonn togra arna chur isteach ag an gCoimisiún.

9. Féadfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint tuairimí a eisiúint, arna iarraidh sin don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin. Féachfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint le teacht ar réitigh a mbeidh an tacaíocht is leithne agus is féidir acu.

10. Tabharfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cuireadh, uair amháin sa bhliain ar a laghad, d'ionadaithe ó Chomhlachais Thionsclaíocha Náisiúnta um an gCosaint agus d'ionadaithe tionsclaíocha roghnaithe, agus an gá le hionadaíocht chothrom gheografach a áirithiú á chur san áireamh (idirphlé struchtúrtha leis an tionscal cosanta). I gcás ina ngníomhachtaítear staid na géarchéime soláthair dá dtagraítear in Airteagal 44 nó staid na géarchéime soláthair slándála dá dtagraítear in Airteagal 48, iarrfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ar ionadaithe tionsclaíocha ardleibhéil teacht le chéile i bhfoirmíocht speisialta chun saincheisteanna a bhaineann le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a phlé.

11. Tabharfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cuireadh d'ionadaithe comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime ar leibhéal an Aontais chun freastal ar chruinnithe ábhartha an Bhoird mar bhreathnóirí.

12. Tabharfaidh an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint cuireadh, i gcás inarb ábhartha agus go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtreiseofar DTIB na hÚcráine, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta agus le hurraim chuí do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, d'ionadaí ón Úcráin chun freastal ar chruinnithe mar bhreathnóir.

13. Áiritheoidh an Coimisiún trédhearcacht agus soláthróidh sé rochtain chomhionann ar fhaisnéis do chomhaltaí an Bhoird, chun a áirithiú go mbeidh an próiseas cinnteoireachta ag teacht le staid agus le riachtanais na mBallstát uile.

14. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar thogra ón mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint, meithleacha a chur ar bun ar bhonn *ad hoc* chun tacú leis an mBord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint ina chuid oibre chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha ar bhonn na gcúraimí dá dtagraítear i mír 1. Ainmneoidh na Ballstáit saineolaithe do na meithleacha.

15. Cuirfidh an Coimisiún meitheal ar bun maidir le constaicí dlíthiúla, rialála agus riaracháin. Is iad seo a leanas cuspóirí na meithle sin:

(a) constaicí dlíthiúla, rialála agus riaracháin atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le baint amach na gcuspóirí a liostaítear in Airteagal 4 a shainaithint;

(b) réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann agus/nó bearta maolaithe ar bhacainní sainaitheanta a shainaithint.

*Airteagal 58*

**Nós imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tabharfar cuireadh do GEC a bharúlacha agus a shaineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin do SEGS cúnamh a thabhairt in obair an choiste.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 59*

**Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**

1. Tabharfaidh an Coimisiún creat-chomhaontú i gcrích leis an Úcráin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaineann leis an Úcráin nó le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Úcráin a fhaigheann cistí ón Aontas.

2. Leis an gcreat-chomhaontú a tugadh i gcrích leis an Úcráin ina hiomláine, agus leis na conarthaí agus na comhaontuithe a síníodh le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Úcráin a fhaigheann cistí ón Aontas, áiritheofar gur féidir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais a chomhlíonadh.

3. Leagfar síos sa chreat-chomhaontú oibleagáidí údaráis agus chomhlachtaí na hÚcráine a gcuirtear cúraimí cur chun feidhme buiséid de chúram orthu chun na bearta uile is gá a dhéanamh, lena n-áirítear bearta reachtacha, rialála agus riaracháin, chun prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe a urramú, infheictheacht ghníomhaíocht an Aontais a áirithiú agus cistí an Aontais á mbainistiú acu, na hoibleagáidí iomchuí maidir le rialú agus iniúchóireacht a chomhlíonadh agus na freagrachtaí a eascraíonn as sin a ghlacadh ar láimh, agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, trí, go háirithe, forálacha mionsonraithe a achtú maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) na gníomhaíochtaí a bhaineann le rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh chistiú an Aontais faoin gClár, chomh maith le himscrúduithe, bearta frithchalaoise agus comhar;

   (b) rialacha maidir le cánacha, dleachtanna agus muirir i gcomhréir le hAirteagal 27(9) agus (10) de Rialachán (AE) 2021/947;

   (c) an ceart atá ag an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo arna ndéanamh ag na heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Úcráin, feadh thimthriall iomlán an tionscadail, lena n-áirítear do chomhar le haghaidh comhghníomhaíocht soláthair, chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí den sórt sin mar bhreathnóir, de réir mar is iomchuí, agus chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí sin agus ar an ngealltanas ó údaráis na hÚcráine a ndícheall a dhéanamh moltaí den sórt sin ón gCoimisiún a chur chun feidhme agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin;

   (d) na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 64(2), lena n-áirítear rialacha beachta agus creat ama beacht maidir le bailiú sonraí ag an Úcráin agus rochtain don Choimisiún agus do OLAF;

(e) leasanna slándála a chaomhnú, lena n-áirítear leibhéal cosanta faisnéise rúnaicmithe agus leibhéal rúndachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a leagtar amach in Airteagail 59 agus 60;

(f) forálacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

4. Ní dheonófar cistiú don Úcráin go dtí go dtiocfaidh an creat-chomhaontú i bhfeidhm agus go mbeidh na gníomhaíochtaí is gá chun na ceanglais a bhunaítear leis a chur chun feidhme curtha chun feidhme ag na páirtithe.

*Airteagal 60*

**Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm**

1. Foinse na faisnéise tulra rúnaicmithe a ghintear i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí incháilithe a liostaítear faoi Airteagal 11, beidh sí faoi fhreagracht na mBallstát rannpháirteach a bhunóidh an creat slándála is infheidhme faoi dhlíthe náisiúnta ábhartha.

2. Beidh an creat slándála sin gan dochar don fhéidearthacht go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.

3. Tabharfaidh an Coimisiún cosaint d'fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus i gCinneadh 2013/488/AE.

4. Ní mór an creat slándála is infheidhme don ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm ar a dhéanaí sula síneofar an comhaontú deontais nó an conradh. Beidh na doiciméid ábhartha ina gcuid dhílis den Chomhaontú Deontais.

5. Déanfaidh an Coimisiún córais fhormheasta agus chreidiúnaithe atá ann cheana a chur ar fáil chun malartú faisnéise rúnaicmithe a éascú idir an Coimisiún, an tArd-Ionadaí / Ceann na Gníomhaireachta, na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hiarratasóirí agus na faighteoirí.

*Airteagal 61*

**Rúndacht agus próiseáil faisnéise**

1. Ní úsáidfear faisnéis a gheofar mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ach amháin chun na críche ar iarradh í.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an tArd-Ionadaí / Ceann na Gníomhaireachta go gcosnófar rúin trádála agus ghnó agus faisnéis íogair agus rúnaicmithe eile a gheofar agus a ghinfear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an tArd-Ionadaí / Ceann na Gníomhaireachta nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirtear ar fáil nó a mhalartaítear faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

4. Ní roinnfidh an Coimisiún aon fhaisnéis ar bhealach lena bhféadfaí eintiteas a shainaithint nuair a d'fhéadfadh damáiste tráchtála nó clú tarlú don eintiteas sin mar thoradh ar an bhfaisnéis a roinnt nó aon rún trádála a nochtadh.

5. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis ina mbeidh aon sonraí de chuid eintitis nó aon rún trádála a láimhseáil ar bhealach atá chomh dian céanna le láimhseáil Faisnéise Íogaire Neamhaicmithe, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais' agus an láimhseáil agus an chomhroinnt i dtimpeallachtaí criptithe iomchuí.

*Airteagal 62*

**Cosaint sonraí pearsanta**

1. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus faoi Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), nó d'oibleagáidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu.
2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ná a chur in iúl ach amháin i gcásanna ina bhfuil géarghá leis sin chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 de réir mar is iomchuí.
3. I gcás nach mbeidh próiseáil sonraí pearsanta fíor-riachtanach chun na sásraí a bhunaítear sa Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfar sonraí pearsanta anaithnide díobh sa chaoi is nach féidir an t-ábhar sonraí a aithint.

*Airteagal 63*

**Iniúchtaí**

Is é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais na hiniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

---

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

9 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

10 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 64*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. I gcás ina mbeidh tír chomhlachaithe rannpháirteach sa Chlár trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tír chomhlachaithe na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, beidh an ceart imscrúduithe a dhéanamh, seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair san áireamh, ar na cearta sin, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

2. Déanfar foráil sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 59 maidir leis na hoibleagáidí atá ar an Úcráin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) bearta iomchuí a dhéanamh chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú, chun cistiú dúbailte a sheachaint agus chun caingne dlí a ghlacadh chun cistí a míleithreasaíodh a aisghabháil;

   (b) a sheiceáil go rialta gur úsáideadh an maoiniú arna chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, go háirithe maidir le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú;

   (c) dearbhú a chur le hiarraidh ar íocaíocht faoin gClár á rá gur úsáideadh na cistí i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus chun na críche a beartaíodh dóibh agus go mbainistíodh iad go hiomchuí go háirithe i gcomhréir le rialacha na hÚcráine arna gcomhlánú le caighdeáin idirnáisiúnta, maidir le neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú;

   (d) údarú sainráite a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE, chun a gcearta a fheidhmiú mar a fhoráiltear in Airteagal 129(1) den Rialachán Airgeadais, agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm.

*Airteagal 65*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chláir agus leis na torthaí a baineadh amach.

3. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina rannchuidiú chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4.

4. Trí acmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár, féadfar rannchuidiú le heagrú gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí meaitseála agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta, go háirithe iad siúd a mbeadh sé d'aidhm acu slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

*Airteagal 66*

**Meastóireacht**

1. Faoin 30 Meitheamh 2027, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar meastóireacht ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo agus ar thorthaí na mbeart sin, agus ar an deis a n-infheidhmeacht a leathnú agus foráil a dhéanamh maidir lena gcistiú, go háirithe maidir le héabhlóid an chomhthéacs slándála agus aon riosca leanúnach i ndáil le soláthar táirgí cosanta. Cuirfidh an tuarascáil mheastóireachta le comhairliúcháin leis na Ballstáit agus leis na príomhpháirtithe leasmhara.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin i láthair do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus, i gcás inarb iomchuí, beidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi.

*Airteagal 67*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**<u>RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH</u>**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh leis an méid seo a leanas:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a sainaithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí sin a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéanfar difear dóibh**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('EDIP') |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Beartas tionsclaíoch cosanta an Aontais |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh leis an méid seo a leanas:

**☑ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[11]**

**☐ síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart amháin nó níos mó a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Bunaítear leis an gClár sraith beart arb é is aidhm dóibh tacú le hullmhacht chosanta an Aontais agus a Bhallstát trí iomaíochas, freagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, agus arb é is aidhm dóibh freisin rannchuidiú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú Bhonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine (DTIB na hÚcráine), go háirithe trí bhíthin an mhéid seo a leanas:

(1) an Clár Eorpach um an Tionscal Cosanta (an 'Clár') a bhunú, ina gcuimsítear bearta chun iomaíochas, freagrúlacht agus cumas EDTIB a neartú, agus féadfar ciste a bhunú leis sin freisin lena luathófar claochlú shlabhra soláthair na cosanta ('FAST');

(2) clár comhair leis an Úcráin a bhunú d'fhonn Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine (an 'Ionstraim Tacaíochta don Úcráin') a théarnamh, a atógáil agus a nuachóiriú;

(3) creat dlíthiúil lena leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir leis na héifeachtaí a bhaineann leis an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa ('SEAP') a bhunú;

(4) creat dlíthiúil arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú, constaicí agus scrogaill a bhaint agus tacú le táirgí cosanta a tháirgeadh;

(5) Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a bhunú.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

[11] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

An toradh a bhfuil coinne leis: Ba cheart do EDIP rannchuidiú leis an mbearna cistithe a dhúnadh go dtí 2027, trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun DTIB na hEorpa agus na hÚcráine a threisiú, ar bhealach intuartha, leanúnach agus tráthúil ar bhonn cur chuige comhtháite.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Agus an tréimhse ghearr cur chun feidhme á cur san áireamh, déanfar measúnú ar thorthaí agus ar thionchair an Chláir faoi mheastóireacht shiarghabhálach ag deireadh chur chun feidhme an chláir.

Na táscairí riachtanacha a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an t-eintiteas, a gcuirfear cur chun feidhme an chláir ar a iontaoibh, na táscairí sin i bhfeidhm. Áireofar leo sin an méid seo a leanas:

- méadú ar an acmhainneacht táirgeachta le haghaidh táirgí cosanta laistigh den Aontas;

- aga táirgthe a laghdú;

- an líon Ballstát atá rannpháirteach i gcomhar le haghaidh soláthar comhoibríoch;

- an líon oibreoirí eacnamaíocha a fhaigheann rochtain éascaithe ar mhaoiniú;

- an líon comhar trasteorann nua le gnóthais atá bunaithe i mBallstáit eile nó i dtíortha comhlachaithe eile;

- méadú ar an tacaíocht don Úcráin.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuirfear an Rialachán chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus trí bhainistíocht indíreach, go háirithe maidir le hoibríochtaí measctha a chur chun feidhme. Ní mór na saineolaithe iomchuí a bheith ar fhoireann an Choimisiúin chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ina gcuirtear an cur chun feidhme de chúram ar thríú páirtithe bunaithe ar chomhaontú ranníocaíochta.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mar a léiríodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh (JOIN/2022/24 final), i ngeall ar bhlianta fada de thearcinfheistíocht cruthaítear bearnaí sna cumais

chosanta atá ar fáil d'fhórsaí armtha na mBallstát, chomh maith le bearnaí tionsclaíocha laistigh den Aontas. Le hilroinnt an éilimh, cruthaíodh freisin sadhlanna tionsclaíocha náisiúnta agus, dá réir sin, an iliomad córas cosanta den chineál céanna, ar córais iad nach mbíonn idir-inoibritheach le chéile go minic. I gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála, tá na Ballstáit ag méadú a mbuiséad cosanta go tapa agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla trealaimh. Is é an toradh atá air sin méid éilimh ar tháirgí cosanta a sháraíonn acmhainneachtaí monaraíochta EDTIB le haghaidh na dtáirgí sin, atá saincheaptha faoi láthair do ré na síochána. Sa chomhthéacs sin, tá gá le hinfheistíochtaí móra ar ina leith a bheidh laghdú rioscaí ag teastáil ó chuideachtaí cosanta chomh maith le tacaíocht rialála chun deireadh a chur le scrogaill atá ann cheana amhail rochtain ar phearsanra oilte agus amhábhair, ar cuideachtaí iad nach ngabhann d'infheistíochtaí tionsclaíocha móra féinmhaoinithe de ghnáth. Le hidirghabháil an Aontais tríd an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí tionsclaíocha a laghdú trí bhíthin deontas agus tríd an gcomhar maidir le soláthar comhoibríoch a dhreasú, beifear in ann oiriúnú níos tapúla d'athrú struchtúrach leanúnach sa mhargadh. Leis na bearta atá beartaithe, spreagfar athléimneacht EDTIB agus DTIB na hÚcráine freisin trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus trí chomhar idir cuideachtaí ábhartha i gcomhiarracht tionscail ionas nach rachaidh ilroinnt na slabhraí soláthair in olcas.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Neamhbhainteach

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Comhtháthófar sa Chlár dhá ionstraim reatha de chuid an Aontais, an Ionstraim um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) agus an Rialachán maidir le Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP), agus cláir de chuid an Aontais atá ann cheana amhail an Ciste Eorpach Cosanta. Cuirfear san áireamh leis freisin tionscnaimh chosanta eile de chuid an Aontais amhail an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) nó an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint. Cruthófar leis sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ó 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2025 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2026 go 2033 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[12]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☑ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☑ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☑ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí'.*

Nótaí

| |
|---|
| Is tríd an mbainistíocht dhíreach agus tríd an mbainistíocht indíreach a chuirfear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. |

[12] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

I gcomhréir le hAirteagal 63 den Chlár, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a tharraingt suas tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh an Chláir agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar thionchar agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faoin gClár. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún na socruithe faireacháin is gá i bhfeidhm chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí ábhartha ar bhealach iontaofa rianúil.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is ar an gCoimisiún a bheadh an fhreagracht fhoriomlán as an gClár a chur chun feidhme. Go háirithe, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Clár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach den chuid is mó. Trí mhodh na bainistíochta dírí a úsáid, soiléirítear na freagrachtaí (cur chun feidhme a dhéanann oifigigh údarúcháin), giorraítear an slabhra seachadta (laghdú ar an am chun deontas a thabhairt agus ar an am chun íocaíocht a dhéanamh), seachnaítear coinbhleachtaí leasa agus laghdaítear costais cur chun feidhme (gan táillí bainistíochta d’eintiteas ar cuireadh cúram air).

Ba cheart don Choimisiún na tosaíochtaí agus na coinníollacha cistiúcháin a shainiú trí chlár oibre amháin nó níos mó. Ba cheart obair an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a bheith ina tacú le sainiú na dtosaíochtaí. Ba cheart Coiste Cláir Ballstát a bhunú agus ba cheart a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint a tuairimí agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir, agus ba cheart a iarraidh ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena n-áirítear a Foireann Mhíleata, cúnamh a thabhairt don choiste. Ghlacfadh an Coimisiún na cláir oibre tar éis dó tuairim a fháil ón gcoiste faoin nós imeachta scrúdúcháin.

Is i bhfoirm deontas lena gcumhdófar suas le 100 % de chostais an bhirt, chomh maith le hiasachtaí, den chuid is mó a bheidh an cistiú faoin gClár. Féadfaidh an Coimisiún roghanna costais simplithe (e.g. maoiniú nach bhfuil nasctha le costais) a úsáid ina dheontais chun an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe a laghdú agus chun an iarracht a dhíriú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí, go háirithe i gcás inar údaráis chonarthacha de chuid na mBallstát iad faighteoirí an chistithe.

Ullmhófar an scéim íocaíochta agus togra an tairbhí á chur san áireamh (chun go mbeidh an tairbhí in ann aon saincheist státchiste a sheachaint) agus cosaint bhuiséad an Aontais á háirithiú san am céanna. Féadfaidh an Coimisiún, mar údarás deonaithe – i gcás easpa cur chun feidhme nó cur chun feidhme uireasach maidir leis na gníomhaíochtaí nó moilleanna – a ranníocaíocht airgeadais a laghdú, a choinneáil siar nó a fhoirceannadh.

Leis an straitéis rialaithe don chlár, lena n-áirítear rialuithe *ex-ante* agus *ex-post*, tógfar ar an taithí a fuarthas in EDF, agus ina chláir réamhtheachtacha, EDIDP agus PADR.

Tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe na hÚcráine. Leis na sásraí rialaithe atá i bhfeidhm, soláthraítear creat chun a áirithiú go bhfuil na bearta iomchuí uile i bhfeidhm chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ráthófar leis an gcreat go gcuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh chomh maith leis na coinníollacha sonracha faoina bhfeidhmeoidh an Clár.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a sainaithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí sin a mhaolú*

Tá sé i gceist leis an gClár tacú le atreisiú DTIB na hEorpa agus na hÚcráine.

Is iad na rioscaí a bhaineann leis an ionstraim méid buiséadach neamhleor i gcomparáid leis na riachtanais iarbhír, deacrachtaí maidir leis scrogaill laistigh den táirgeadh a shainaithint, an phráinn maidir le riachtanais fhórsaí armtha an Aontais i gcomparáid leis na próisis táirgthe. Is réamhchoinníoll í an ionstraim a bheith comhlántach le tionscnaimh eile a chomhaontaigh an Chomhairle chun tacú le Fórsaí Armtha Bhallstáit an Aontais agus leis an Úcráin, agus an t-éileamh idir na Ballstáit a chomhordú.

Dá bhrí sin, dhéanfadh an Coimisiún an Clár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, rud a chuirfeadh leis an saineolas a fuarthas agus an Ciste Eorpach Cosanta, ASAP agus EDIRPA á gcur chun feidhme aige, agus cláir oibre a ullmhú agus a ghlacadh go tráthúil, rud a laghdódh an t-am chun iad a dheonú.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Cuirfear buiséad an chláir chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach den chuid is mó. Bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar bhainistiú deontais, meastar gur níos lú ná 1 % de na cistí gaolmhara arna mbainistiú a bheidh i gcostais fhoriomlána rialaithe an Chláir don Choimisiún.

Maidir leis na rátaí earráide a mheastar a bheidh ann, is é an aidhm atá ann an ráta earráide a choinneáil faoi bhun na tairsí 2 %. Más rud é go gcuirfear an clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, le foirne oilte (foireann a bhfuil taithí acu, a d'fhéadfaí a earcú ó Aireachtaí Cosanta na mBallstát) agus foirne ina bhfuil go leor ball a ghníomhaíonn faoi oifigigh údarúcháin tharmligthe, a chuireann rialacha soiléire i bhfeidhm agus a bhaineann úsáid iomchuí as ionstraimí bunaithe ar aschur, measann an Coimisiún go gcoimeádfar ráta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

D'fhéadfaí ranníocaíocht a sholáthar i bhfoirm maoiniúcháin nach bhfuil nasctha leis an gcostas dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 125(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inniúil chun imscrúduithe a dhéanamh ar oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin tionscnamh seo. Déanfar foráil sna comhaontuithe a thiocfaidh as an Rialachán seo, lena n-áirítear comhaontuithe a chuirtear i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le maoirseacht agus rialú

airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh sé, agus maidir le hiniúchtaí a dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó OLAF, ar an láthair más gá. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin a bhfuil an t-imréiteach slándála is gá faighte acu cuairteanna a thabhairt ar an láthair freisin.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéanfar difear dóibh

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[13] | ó thíortha de chuid CSTE[14] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[15] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 5 | 13.0106 - Caiteachas tacaíochta do Chlár EDIP | Neamhdhifreáilte | TÁ | pm | TÁ | TÁ |
| 5 | 13.0801 - Clár EDIP | Difreáilte | TÁ | pm | TÁ | TÁ |
| 6 | 14.01xx – Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin | Neamhdhifreáilte | NÍL | pm | TÁ | TÁ |
| 6 | 14.0901 – An Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin | Difreáilte | NÍL | pm | TÁ | TÁ |

13 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
14 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
15 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Foinse maoinithe leithreasuithe faoin gClár nua um an Tionscal Cosanta Eorpach*

| Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Cosanta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Forbairt cumais | | | | | | 411.200 | 585.248 | 1 000 000 |
| Taighde cosanta | | | | | 3,552 | 208.600 | 287.848 | 500,000 |
| Iomlán CEF | | | | | 3,552 | 619.800 | 876,648 | 1 500 000 |

### *3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 5 | Slándáil agus Cosaint – Braisle 13 Cosaint |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 13.0801 Leithreasuithe oibríochtúla EDIP - Clár | Gealltanais | (1) | | | | | | 615,248 | 872,096 | | **1 487 344** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | | 310,000 | 440,000 | 737,344 | **1 487 344** |
| 13.0106 – Caiteachas tacaíochta EDIP - Clár | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | | | | | 3,552 | 4,552 | 4,552 | | **12,656** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 5** | Gealltanais | =1+3 | | | | | **3,552** | **619,800** | **876,648** | | **1 500 000** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | | | | | **3,552** | **314,552** | **440,552** | **737,344** | **1 500 000** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 06 | AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN – Braisle 14 Gníomhaíocht Sheachtrach |
|---|---|---|

| | | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14.0901 – An Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin | Gealltanais | (1) | | | | | pm | pm | pm | | |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | pm | pm | pm | | |
| 14.01xx – Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | | | | | pm | pm | pm | | pm |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 6** | Gealltanais | =1 | | | | | **pm** | **pm** | **pm** | | **pm** |
| | Íocaíochtaí | =2 | | | | | **pm** | **pm** | **pm** | | **pm** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | | | | | 615,248 | 872,096 | | **1 487 344** |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | 310,000 | 440,000 | 737,344 | **1 487 344** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais = Íocaíochtaí | (6) | | | | | 3,552 | 4,552 | 4,552 | | **12,656** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | Gealltanais | =4+6 | | | | | **3,552** | **619,800** | **876,648** | | **1 500 000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | **3,552** | **314,552** | **440,552** | **737,344** | **1 500 000** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | 3,712 | 3,712 | 3,712 | | **11,136** |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | 0,258 | 0,258 | 0,131 | | **0,647** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | | | **3,970** | **3,970** | **3,843** | | **11,783** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe **faoi** CHEANNTEIDIL <….> den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | 7,522 | 623,770 | 880,491 | | **1 511 783** |
| | Íocaíochtaí | | | | | 7,522 | 318,522 | 448,395 | 737,344 | **1 511 783** |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | 3,712 | 3,712 | 3,712 | 11,136 |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | 0,258 | 0,258 | 0,131 | 0,647 |
| Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | 3,970 | 3,970 | 3,843 | 11,783 |
| Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | 3,552 | 3,552 | 3,552 | 10,656 |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin (na seanlínte BA) | | | | | | | | |
| Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | 3,552 | 3,552 | 3,552 | 10,656 |
| **IOMLÁN** | | | | | **7,522** | **7,522** | **7,395** | **22,439** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **○ Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 19 | 19 | 19 | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | 1 | 1 | 1 | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **○ Foireann sheachtrach (in aonaid de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[16] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 13 01 Caiteachas tacaíochta don Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach [17] - sa Cheanncheathrú | 31 | 31 | 31 | | | | |
| - i dToscaireachtaí | 2 | 2 | 2 | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **53** | **53** | **53** | | | | |

Is é 13 an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na poist don phlean bunaíochta is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Oibreoidh na FTEnna atá á lorg ar fhorbairt beartais, saincheisteanna dlí, agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí deontais agus soláthair, bainistíocht airgeadais, bainistíocht conarthaí, iniúchadh agus meastóireacht. |
| Pearsanra seachtrach | Oibreoidh na FTEnna atá á lorg ar fhorbairt beartais, saincheisteanna dlí, agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí deontais agus soláthair, bainistíocht airgeadais, bainistíocht conarthaí, iniúchadh agus meastóireacht. |

16 AC= Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

17 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.4. Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Ceannteideal 5. Féach na sonraí i roinn 3.2. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2025 | 2026 | 2027 | | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| mar a shonraítear in Airteagal 6 | pm | pm | pm | | | | | pm |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | pm | pm | pm | | | | | pm |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[18] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

18 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.